NTA

Údarás Náisiúnta Iompair

National Transport Authority

Tuarascáil Bhliantúil

& Ráitis Airgeadais

2018

Clár na nábhar

Réamhrá leis an gCathaoirleach

Serbhísí Bus Agus Iarnróid a Sholáthar

01

Seirbhísí Bus agus Iarnróid ar Conradh	12
Seirbhísí Bus Ceadúnaithe	20
Local Link	23
Cearta Paisinéara	25
Taighde ar Shástacht i measc Custaiméirí Iompair Phoiblí	25

Pleananna Stratéiseacha a Chur i bhfeidhm Don Todahchaí

03

Straitéis Iompair agus Plean Comhtháite Forfheidhmithe do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath	35
Pleanáil ar an Leibhéal Náisiúnta, ar an Leibhéal Réigiúnach agus ar an Leibhéal Áitiúil	35
Pleanáil Iompair - Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath	36
Pleanáil Iompair - Limistéir Eile	38
Múnlaí Iompair Réigiúnaigh	40

Forléargas an Phríomhfheidhmeannaigh

Feabhas a Chuir ar An Eispéireas Taistil

02

Transport for Ireland (TFI)	28
TFI, Cárta Leap TFI agus Seirbhísí Áitiúla Local Link a Chur Chun Cinn	28
Cárta Leap TFI	29
Forbairt na Scéime maidir le Cártaí Leap TFI	30
Turais a Phleanáil	30
Aipeanna	31
Meáin Shóisialta	32
Láithreáin Ghréasáin	32
Faisnéis Fhíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI)	33
Córais agus Seirbhísí Faisnéise Taistil (TISS)	33

Bonneagar a Uasghrádú

04

Infheistíocht Chaipitiúil	42
Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath	43
Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí	52
Scéimeanna Rothar Poiblí	53
Cláir 'Taisteal Níos Cliste'	55

Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

05

Réamhrá	57
Ceadúnú Tiománaithe	57
Ceadúnú Feithiclí	57
Scéim Deontais i leith Feithiclí Leictreacha	58
Gníomhaíocht maidir le Comhlíonadh	58
Gearáin ó Thomhaltóirí	59

Teanntáil Feithiclí

06

Achomhairc agus Gearáin	62
Measúnú ar Chomhlíontacht maidir le Comharthaíocht	63
Gníomhaíocht Eile maidir le Comhlíontacht	64
Obair Eile	64
Cód Cleachtais	64

Nithe Corparáideacha i Gcoitinne

07

Acmhainní Straitéiseacha	66
Nochtadh Cosanta	66
Idirchaidreamh leis an Oireachtas	67
Cosaint Sonraí	67
An Ghaeilge	67
Oireachtas Liaison	67
Iarrataí Saorála Faisnéise	68

Ról An Udaráis Náisiúnta Iompair

08

Feidhmeanna reachtúla	70
Feidhmeanna eile	71
Rialachas	72

Faisnéis Faoi Chomhaltaí an Bhoird

73

Ráitis Airgeadais

78

Réamhrá leis an gCathaoirleach

Fred Barry

I rith na bliana 2018, leanadh den fhás tréan ar an éileamh ar iompar poiblí a bhí ann le blianta beaga anuas agus bhí an líon paisinéirí a bhí ag úsáid seirbhísí bus agus iarnróid níos airde ná riamh.

Is rud dearfach é sin ó thaobh méadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus ar inbhuanaitheacht an réimse iompair ach, mar thoradh ar an leibhéal íseal infheistíochta i mbonneagar iompair phoiblí tar éis an chúlaithe eacnamaíochta, tarlaíonn sé go mbíonn seirbhísí an-phlódaithe ag buaicthráthanna taistil. Is cosúil go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh agus tarraingíonn sé sin aird ar an ngá leis an mbonneagar iompair phoiblí a leathnú agus a fhorbairt tuilleadh, go háirithe inár gcuid mór-limistéar uirbeach.

Go hámharach, tá straitéis infheistíochta fadtéarma foilsithe ag an Rialtas, is é sin, an Plean Forbartha Náisiúnta 2018 - 2027, ina n-áirítear forbairtí an-suntasach amhail clár BusConnects, MetroLink agus Clár Leathnaithe an DART, chomh maith le tionscadail thábhachtacha eile i réimse an iompair phoiblí.

Lig sé sin don Údarás tús a chur le comhairliúcháin phoiblí maidir le tograí a bhí ag teacht chun cinn i leith MetroLink agus BusConnects. Tá an t-aiseolas a fhaightear ó dhaoine den phobal mar thoradh ar chomhairliúcháin den sórt sin riachtanach agus bíonn sé an-chuiditheach mar ionchur le linn scéimeanna den sórt sin a dhearadh agus meastar go mbeidh na scéimeanna sin á gcur faoi bhráid an Bhoird Pleanála sa bhliain 2020 le haghaidh ceadú reachtúil.

Tá cúram an-leathan ag an Údarás ina n-áirítear pleanáil straitéiseach i leith an réimse iompair, luach ar airgead a fháil ó fhóirdheontais iompair agus feidhmiú mar Rialálaí. Is ionann sin agus a rá go mbíonn ualach trom oibre ag an mBord agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a ndíograis agus as a dtiomantas ar fud na bliana. D'éirigh Fiona Ross agus Frank Gleeson as an mBord i mí an Mheithimh agus i mí Iúil faoi seach agus táimid buíoch díobh as an tseirbhís a chuir siad ar fáil. Ceapadh Kevin Kelly chuig an mBord i mí Lúnasa. Tá taithí ar leith ag Kevin maidir le saincheisteanna a bhaineann cúrsa míchumais agus rochtana agus is mór ag an mBord an taithí sin a bheith ar fáil aige.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do lucht bainistíochta agus d'fhoireann an Údaráis. Tá éiteas an-láidir seirbhíse acu mar aon le heitic an-láidir oibre. Baineann siad cuid mhór amach thar ár gceann gan ach acmhainní teoranta acu agus is féidir teacht ar eolas faoi thorthaí a saothair sa tuarascáil seo.

Gabhaim buíocha leis an Aire Shane Ross agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt as a dtacaíocht agus as a spreagadh leantach i rith na bliana.

Fred Barry, Cathaoirleach
Meitheamh 2019

Forléargas an Phríomhfheidhmeannaigh

Anne Graham

Ba bhliain mhaith do sheirbhísí iompair phoiblí í an bhliain 2018. Bhí an líon turas a rinne paisinéirí níos airde ná aon líon a taifeadadh riamh. Fuair seirbhísí iompair phoiblí rátáil sástachta 93% i measc úsáideoirí na seirbhísí sin agus is féidir le hoibritheoirí na seirbhísí cuid mhór den chreidiúint a ghlacadh as feidhmíocht na seirbhísí.

I mBaile Átha Cliath, léirigh suirbhéanna go ndearna níos mó ná an leathchuid de na comaitéirí go léir a tháinig isteach i lár na cathrach ag buaic-am taistil na maidine úsáid a bhaint as iompar poiblí.

Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh sa dhóigh chéanna chun méadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as iompar poiblí agus laghdú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as iompar príobháideach, go háirithe i limistéir uirbeacha.

I mí Aibreáin, rinne an tÚdarás conradh foirmiúil le Go-Ahead Ireland chun roinnt bealaí bus áitiúla agus fithiseacha a oibriú i mBaile Átha Cliath.

I mí Mheán Fómhair, chuir oibritheoir nua tús le cur i bhfeidhm céimnithe seirbhísí i mBaile Átha Cliath. Cé go raibh roinnt fadhbanna ann ar dtús bhíothas in ann iad a réiteach go tapa.

Mar thoradh ar aistriú bealaí chuig Go-Ahead Ireland bhíomar in ann acmhainní Bhus Átha Cliath sna limistéir sin a atreorú chun acmhainneacht bhreise a chur ar fáil ag na buaicthráthanna ar fud líonra Bhus Átha Cliath.

I mí na Nollag, tar éis tairiscint a dhéanamh i leith seirbhísí bus a oibriú i gCathair Phort Láirge agus an conradh a ghnóthú ina leith sin, chuir Bus Éireann tús le cur i bhfeidhm amchláir mhórfheabhsaithe seirbhísí agus úsáid á baint as flít úrnua busanna.

Is iad na flíteanna busanna a oibríonn Go-Ahead Ireland i mBaile Átha Cliath agus a oibríonn Bus Éireann i gCathair Phort Láirge na céad chinn ar a bhfuil libhré nua Transport for Ireland (TFI) do sheirbhísí iompair phoiblí fóirdheontais. Déanfar an libhré nua a leathnú chuig na hoibritheoirí bus fóirdheontais go léir sna blianta atá romhainn.

B'ionann tabhairt isteach amchláir nua don DART i Meán Fómhair agus an t-athrú ba mhó ar amchláir iarnróid comaitéireachta a rinneadh ón tráth ar cuireadh tús le seirbhísí líonra DART sa bhliain 1984. Ba dhúshlán suntasach é sin don oibritheoir agus dá bhaill foirne agus, chomh maith leis sin, do chomaitéirí iarnróid a raibh orthu déileáil le hathruithe ar phátrúin sheanbhunaithe taistil. Ach chuaigh daoine i dtaithí ar na socruithe nua go tapa tar éis na tréimhse tosaigh agus tá an t-amchlár nua ag oibriú go maith.

Ar an drochuair, bíonn deacrachtaí ann sa chóras iarnróid comaitéireachta ag buaicthráthanna taistil de bharr an fheabhais atá tagtha ar an ngeilleagar agus tá géarghá

le flít bhreise iarnróid chun déileáil leis an méadú ar an líon paisinéirí. Cé go bhfuil dul chun cinn maith déanta maidir le hullmhúcháin i leith flít nua a fháil, is próiseas fada é an próiseas a bhaineann le flít iarnróid a thógáil. Dá réir sin, tá scrúdú á dhéanamh ag an Údarás, i gcomhar le hIarnród Éireann, ar roghanna maidir le flít athláimhe a fháil a bhféadfaí í a úsáid sa ghearrthéarma. Ach, mar gheall ar rian neamhghnách líonra iarnróid na hÉireann, níl ach roghanna teoranta ann maidir le flít athláimhe a fháil.

Ar an drochuair, mar gheall ar an infheistíocht laghdaithe i mórthionscadail bhonneagair iompair phoiblí tar éis chúlú eacnamaíochta na bliana 2007 agus tar éis an mhéadaithe ar an éileamh ar thaisteal le déanaí de bharr an fheabhsaithe ar dhálaí eacnamaíochta, is amhlaidh go bhfuil brú á chur ar an líonra iompair phoiblí.

Ba é lainseáil an Phlean Náisiúnta Forbartha 2018 - 2027 a spreag tosach chéimeanna an chomhairliúcháin phoiblí i ndáil le roinnt mórthionscadal bonneagair iompair phoiblí ar comhairliúchán é atá riachtanach maidir le líonra iompair phoiblí fíor-chomhtháite a chruthú i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath agus maidir leis an acmhainneacht riachtanach a chur ar fáil.

I mí an Mhárta, cuireadh tús le comhairliúcháin phoiblí faoin mbealach is dealraithí a roghnófar le haghaidh MetroLink. Faoin am a tháinig deireadh leis an gcomhairliúchán i mí Bhealtaine, bhí tuairim is 8,000 aighneacht faighte.

I mí Iúil, lainseáladh Clár BusConnects Dublin nuair a cuireadh tús le comhairliúchán poiblí faoi thograí i leith athdhearadh an líonra busanna. Ceapaim gur cóir a rá nach dtiocfadh le mórán daoine freagairt ollmhór an phobail i leith na dtograí sin a réamhthuar. Go deimhin, creidimid go bhféadfadh sé gurb ionann an 30,000 aighneacht a fuarthas agus an líon ba mhó aighneachtaí riamh maidir le tionscadal iompair phoiblí! Táimid buíoch as na tuairimí agus as na haighneachtaí go léir a fuaireamar agus táimid meáite ar dheimhin a dhéanamh de go ndéanfar breithniú iomlán ar na tuairimí le linn an chéad chéim eile den líonra busanna a ullmhú.

Rinneadh tograí maidir le Croíchonairí Bus, i.e. na hathruithe a bhfuil gá leo maidir le tosaíocht do bhusanna agus bainistíocht tráchta d'fhonn tacú leis an líonra nua busanna, a lainseáil i dtrátha dheireadh na bliana agus níor cuireadh i gcrích iad go dtí le déanaí.

Mar thoradh ar chealú seirbhísí farantóireachta ag Irish Ferries de bharr moilleanna i leith bád farantóireachta nua gluaisteán, bhí an chéad chás suntasach ann don Údarás, ina cháil mar comhlacht náisiúnta forfheidhmiúcháin le haghaidh rialacháin AE maidir le cearta paisinéirí i réimsí an iompair mhuirí agus an iompair ar talamh. Bhí dianteagmháil ann idir an tÚdarás agus an t-oibritheoir agus rinneadh cinneadh an Údaráis faoin ábhar a fhógairt sa deireadh go luath sa bhliain 2019.

Sa bhliain 2018, níor tháinig aon mhaolú ar rath scéim Charta Leap TFI. I mí Bhealtaine, díoladh an 3 mhilliúnú Cárta Leap TFI agus is rud iontach ar fad é sin. Thugamar deis arís do shealbhóirí Chárta Leap TFI do Leanaí taisteal saor in aisce ar sheirbhísí bus agus iarnróid ar feadh tréimhse áirithe i rith an tsamhraidh. Mar thoradh ar dhul chun cinn sa

teicneolaíocht, tá roghanna nua ann maidir le táillí a íoc. Dá réir sin, tá ag tÚdarás ag gabháil go gníomhach do cheapadh na chéad scéime eile le haghaidh Cárta Leap TFI.

Rinne an tÚdarás iarrachtaí móra maidir le socruithe iompair phoiblí a chomhordú agus a bhainistiú le haghaidh Aifreann an Phápa i bPáirc an Fhionnuisce ar an 26 Lúnasa. D'oibrigh na socruithe go réidh ach bhí an tinreamh ag an Aifreann níos ísle ná mar a samhlaíodh.

Tá seirbhísí Local Link ag leanúint de bheith ag forbairt agus ag fás. Tar éis iarraidh a fháil ón Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, d'fhorbair an tÚdarás scéim phíolótach i leith seirbhísí tráthnóna agus oíche Local Link a oibriú d'fhonn rogha mhalartach, in ionad taisteal i ngluaisteán, a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí sóisialta. Bhí an scéim phíolótach ar siúl go dtí deireadh na bliana nuair a cinneadh í a leathnú go ceann tréimhse eile.

Leanadh den fheachtas i leith aistriú go flít tacsaithe ina bhfuil rochtain do chathaoireacha rothaí. Fuarthas cúnamh ina leith sin arís trí mhaoiniúchán a chur ar fáil chun cabhrú le hoibritheoirí feithiclí oiriúnacha a cheannach. I rith na bliana, cuireadh 679 gceadúnas rochtana cathaoireacha rothaí leis an bhflít rud a d'fhág go raibh 2,220 ceadúnas den sórt sin ann. Ina theannta sin, láinseálamar mórchlár poiblíochta chun spreagadh a thabhairt do líon níos mó daoine dul isteach in earnáil na dtacsaithe.

Ón tráth ar bunaíodh an tÚdarás, tá acmhainní tearca á gcur ar fáil dó. Go háirithe, tá an líon foirne i bhfad níos ísle ná an líon foirne atá ag teastáil uainn chun ár gcuid feidhmeanna reachtúla agus neamhreachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach. Rinneadh cuid mhór oibre i rith na bliana maidir le plean straitéiseach maoiniúcháin a fhorbairt chun na riachtanais ina leith sin a shainaithint agus maidir le comhairliúcháin lenár máthair-Roinn agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is cúis áthais dom gurb é a lean as sin ná ceadú a fháil chun líon suntasach post tábhachtach a líonadh sa bhliain 2019 rud a chabhróidh linn ár gcumas a mhéadú maidir lenár sainordú a chomhlíonadh.

Anne Graham, Príomhfheidhmeannach
Meitheamh 2019

Príomhfhorbairtí & Príomhéachtaí 2018

Eanáir

- Lainseáil sheirbhís bhus Local Link do Leithinis Uíbh Ráthaigh i gCiarraí Theas

Feabhra

- Tosach an fheachtais chun 1,600 tiománaithe tacsaí breise a earcú
- Tháinig an táille uasta nua tacsaí i bhfeidhm
- Osclaíodh clós nua páirceála eas-sráide cóistí i mBaile Átha Cliath

Márta

- Osclaíodh stáisiún nua dublinbikes i Margadh na Feirme
- Tháinig seirbhís nua bus i bhfeidhm idir an Nás agus Baile Bhlainséir (Bealach 139)
- Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí faoin mbealach is dealraithí a roghnófar don líne meitreo thuaidh-theas i mBaile Átha Cliath (MetroLink)

Aibreán

- Lainseáil tionscadail chun laghdú a dhéanamh ar lorg carbóin scáthlán bus ar bhonn náisiúnta

Bealtaine

- Chuaigh díol Chártaí Leap TFI thar 3 mhilliún

Meitheamh

- Lainseáladh feachtas nua frithchiníochais ar sheirbhísí iompair phoiblí
- Athailíníodh Bealach 456 chun seirbhís chomhleanúnach a chur ar fáil ar chonair Chaisleán an Bharraigh - Chathair na Mart - Chill Mheáin - na Gaillimhe.

Iúil

- Rinneadh suaitheantas Baby on Board, do mhná torracha, a thabhairt isteach ar sheirbhísí iompair phoiblí
- Tugadh isteach seirbhísí bus tráthnóna agus oíche ar bhonn píolótach i gceantair thuaithe
- Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí ar thograí tosaigh maidir le dearadh an líonra busanna i mBaile Átha Cliath
- Lainseáladh an feachtas Kids Go Free chun spreagadh a thabhairt do leanaí úsáid a bhaint as iompar poiblí

Lúnasa

- Cuireadh socruithe speisialta iompair i bhfeidhm le haghaidh Aifreann an Phápa
- Bhí cosc ar ghnáth-thrácht san iarnóin ó Shráid Phádraig, Corcaigh, agus rinneadh athruithe gaolmhara ar sheirbhísí bus chun feabhas a chur ar rochtain ar lár na cathrach

Meán Fómhair

- Chuir Go-Ahead Ireland tús le hoibriú seirbhíse bus i mBaile Átha Cliath agus ba é a bhí sa chéad bhealach ná Bealach 175 ó Iarthar na Cathrach go dtí An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
- Rinneadh feabhsuithe suntasacha ar sheirbhísí bus i gCathair na Gaillimhe
- Tháinig amchlár 10 nóiméad an DART i ngníomh

Deireadh Fómhair

- Lainseáladh leibhéil fheabhsaithe seirbhíse ar bhealaí bus a oibríonn Bus Átha Cliath
- Léirigh suirbhé rátáil sástachta 93% maidir le seirbhísí iompair phoiblí

Samhain

- Rinneadh droichead nua starrmhaide do choisithe agus do rothaithe a oscailt go hoifigiúil san Uaimh, Co. na Mí.
- Rinneadh Stáisiún Iarnróid an Cheanntaigh i gCorcaigh a oscailt go hoifigiúil tar éis é a athfheistiú
- Leathnaíodh na criosanna táillí comaitéara i gcathracha Chorcaí agus Phort Láirge

Nollaig

- Tugadh isteach seirbhís fheabhsaithe bus i bPort Láirge agus bhí flít busanna úrnua ann
- Lainseáladh triail i gCorcaigh i leith busanna íseal-astaíochta
- Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí ar an dréacht-Phlean Comhtháite Forfheidhmiúcháin le haghaidh Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath

Seirbhísí Bus agus Iarnróid a Sholáthar

Seirbhísí Bus agus Iarnróid a Sholáthar

Tháinig méadú 16.3 milliún ar an líon paisinéirí ar na príomhsheirbhísí ar conradh

Seirbhísí Bus agus Iarnróid ar Conradh

Tá conarthaí le haghaidh seirbhísí iompair phoiblí déanta ag an Údarás le roinnt oibritheoirí iompair phoiblí, idir chuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit agus chuideachtaí príobháideacha araon, chun seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar atá riachtanach don tsochaí ach nach bhfuil inmharthana de ghnáth ó thaobh cúrsaí tráchtála de. Dá réir sin, tá íocaíochtaí le hoibritheoirí san áireamh sna conarthaí sin le gur féidir leis na hoibritheoirí an fíorchostas a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil a chlúdach. Is minic a thugtar seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar na seirbhísí seo.

Tá dhá chineál conarthaí iompair phoiblí ann. Seo a leanas iad:

» Conarthaí glanchostais faoina gcoinníonn an t-oibritheoir an t-ioncam go léir ó tháillí. Is sa chatagóir sin atá conarthaí an Údaráis le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le Iarnród Éireann;

» Conarthaí ollchostais faoina gcoinníonn an tÚdarás an t-ioncam go léir ó tháillí. Faoi láthair, is sa chatagóir sin atá gach conradh a bronnadh trí thairiscint iomaíoch, agus na conarthaí a bhaineann le Go-Ahead Ireland agus le seirbhís iarnróid éadroim Luas san áireamh[1].

Bronntar roinnt conarthaí gan próiseas iomaíoch tairisceana a reáchtáil ina leith. Tugtar Conarthaí Dírbhronnta ar chonarthaí den sórt sin. Tá Conathaí Dírbhronnta ag an Údarás le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le hIarnród Éireann.

Ina theannta sin, déanann an tÚdarás conarthaí le líon mór oibritheoirí chun seirbhísí a sholáthar ar bhonn náisiúnta trí bhíthin Chlár Local Link Is conarthaí ollchostais iad sin agus bíonn próiseas iomaíoch tairisceana ann ina leith. De bhreis air sin, tá conarthaí dírbhrronnta ag an Údarás le líon beag grúpaí Local Link a bhfuil flíteanna faoina n-úinéireacht chun seirbhísí iompair a chur ar fáil.which are competitively tendered.

1. Bhronn an tÚdarás agus Bonneagar Iompair Éireann an conradh oibriúcháin le haghaidh Luas i gcomhpháirt lena chéile. Tá bainistiú an chonartha oibriúcháin le haghaidh Luas sannta ag an Údarás do Bhonneagar Iompair Éireann.

Conarthaí Dírbhronnta

Tá conarthaí an Údaráis le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le Iarnród Éireann le dul in éag i mí na Nollag 2019.

I gcás Iarnród Éireann, tá oibleagáid reachtúil ar an Údarás conradh eile 10 mbliana a bhronnadh ar Iarnród Éireann.

I gcás Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, tá oibleagáid reachtúil ar an Údarás dul i gcomhairle le geallsealbhóirí, lena n-áirítear oibritheoirí agus úsáideoirí na seirbhísí bus lena mbaineann sula ndéantar aon chinneadh maidir le conarthaí bus a bhronnadh go díreach. Tharla na comhairliúcháin phoiblí sin i mí Dheireadh Fómhair.

I mí na Samhna, chinn an tÚdarás conarthaí dírbhronnta eile a dhéanamh le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann go ceann tréimhse cúig bliana ó mhí na Nollag 2019 agus bhí coinníoll ann sa chonradh le Bus Éireann á rá go ndéanfaí líon beag bealaí sonraithe a fhónann do Dhroichead Átha, do Bhaile Brigín, do Chathair Bhaile Átha Cliath, do Chill Mhantáin, don Inbhear Mór agus do Ghuaire a bhaint den chonradh agus go ndéanfaí próiseas iomaíoch tairisceana a sheoladh ina leith tráth éigin sa bhliain 2021.

Ina dhiaidh sin, chuir an tÚdarás tús le conarthaí dírbhronnta ionaid a ullmhú agus beidh forálacha ann sna conarthaí sin chun feabhas a chur ar fheidhmíocht oibriúcháin ar leibhéal na mbealaí ar leithligh.

An Líon Paisinéirí agus an tIoncam uathu

Tháinig méadú 16.3 milliún, nó 6.5%, ar an líon paisinéirí ar na príomhsheirbhísí ar conradh agus, mar thoradh air sin tháinig méadú €45.9 milliún, nó 7.9%, ar an ioncam ó phaisinéirí.

Bhí ioncam Luas níos mó ná na costais oibriúcháin arís. Gineadh barrachas oibriúcháin €9.2 milliún agus úsáidtear an t-airgead sin go páirteach chun cothabháil líonra Luas a pháirtmhaoiniú.

Bhí tionchar ag Stoirm Emma, agus ag an aimsir fhuar ag deireadh Feabhra/tús Márta, ar sheirbhísí iompair phoiblí. Chuir sneachta trom isteach go mór ar sheirbhísí i rith na tréimhse fuaire sin. (milliúin)

Tábla 1 - Líon iomlán bliantúil na dturas ag paisinéirí ar phríomhsheirbhísí ar conradh (milliúin)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	An Clár Iompair Tuaithe	Seirbhísí Eile	Iomláin
2017	136.2	31.1	45.5	37.6	1.9	0.1	252.4
2018	140.0	35.3	48.0	41.8	2.0	1.6	268.7
Méadú	3.8	4.2	2.5	4.2	0.1	1.5	16.3

Tábla 2 - Ioncam ó phaisinéirí i dtaca le seirbhísí ar conradh (€ milliúin)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Iarnród Éadrom Luas	An Clár Iompair Tuaithe	Seirbhísí Eile	Iomláin
2017	224.7	80.3	204.9	62.0	7.3	0.2	579.4
2018	232.7	87.1	220.9	73.4	9.2	2.2	625.5
Méadú	8.0	6.8	16	11.4	1.9	2.0	46.1

Tábla 3 - Íocaíochtaí cúitimh Oibleagáide Seirbhíse Poiblí le hoibritheoirí iompair phoiblí (tar éis asbhaintí maidir le feidhmíocht)

Oibritheoir/ Clár	An cineál seirbhíse	An cineál conartha	Limistéar nó Bealach Oibriúcháin	Íocaíocht chúitimh 2017 (€m)	Íocaíocht chúitimh 2018 (€m)
Iarnród Éireann	Iarnród	Bronnadh Díreach	Náisiúnta	147.0	141.3
Bus Átha Cliath	Bus	Bronnadh Díreach	Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath	54.0	47.5
Bus Éireann	Bus	Bronnadh Díreach	Náisiúnta (gan Baile Átha Cliath a áireamh)	52.2	54.3
An Clár Iompair Tuaithe	Bus/Iompar Ar Bhonn Éilimh	Éagsúil	Náisiúnta	13.7	18.6
Seirbhísí ar mhodh Tairisceana	Bus	Ar mhodh tairisceana	Éagsúil	0.5	11.3
Transdev Ireland Limited	Iarnród Éadrom Luas	Ar mhodh tairisceana	Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath	6.7	0.0
Iomláin				274.1	273.0

Conarthaí ar seoladh Próiseas Iomaíoch Tairisceana ina leith

I Meán Fómhair, chuir Go-Ahead Ireland tús le hoibriú roinnt bealaí fithiseacha, idir bhealaí nua agus bhealaí a bhí ann cheana féin, i mBaile Átha Cliath ar bhonn céimnithe. Bhí an chéad cheithre chéim curtha i bhfeidhm go rathúil faoi dheireadh na bliana agus chuimsigh siad sin na bealaí seo a leanas:

» 9 Meán Fómhair - Bealach 175 (bealach nua);

» 7 Deireadh Fómhair - Bealaí 45A, 45B, 59, 63, 63A, 75, 75A;

» 21 Deireadh Fómhair - Bealaí 111, 184, 185; agus

» 2 Nollaig - Bealaí 17A, 33A, 33B, 102.

Bhí roinnt fadhbanna ann ag tús gach céim ar leith den fhorbairt ach réitíodh go tapa iad i ngach cás ar leith de réir mar a chuaigh an t-oibritheoir nua agus a fhoireann i dtaithí ar oibriú na mbealaí bus ó lá go lá.

I mí an Mhárta, daingníodh gurbh é Go-Ahead Ireland an tairgeoir a bhí roghnaithe i gcomhair an chonartha maidir le hoibriú sé cinn nua de mhórbhealaí comaitéireachta bus ar chonair Chill Dara. Nascann na bealaí sin cathair Bhaile Átha Cliath le bailte i gcontaetha Chill Dara, Uíbh Fhailí, Laoise agus na Mí. Mar thoradh ar an daingniú sin, bhí an t-oibritheoir in ann tús a chur leis na hullmhúcháin a raibh gá leo chun an conradh foirmiúil a dhéanamh, lena n-áirítear iosta busanna a thogáil.

I mí an Mhárta, chuir JJ Kavanagh tús le hoibríochtaí ar bhealach nua bus (Bealach 139) idir an Nás agus Baile Bhlainséir.

Sheol an tÚdarás comórtas tairisceana chun an tairgeoir a roghnófaí a roghnú chun bealach nua bus idir Sord agus Cill Dhéagláin a oibriú. Faoi dheireadh na bliana, bhí dul chun cinn maith déanta maidir leis an bpróiseas tairisceana.

Cuireadh tús leis an bpróiseas maidir le seirbhísí bus a fháil i gCathair Chill Chainnigh.

Feidhmíocht Oibritheoirí ar Conradh

Déantar faireachán, ar bhonn leanúnach, ar fheidhmíocht i dtaca le caighdeán na seirbhíse de, trí bhíthin suirbhéanna neamhspleácha rún siopadóireachta a choimisiúnaíonn an tÚdarás go díreach. I rith na bliana, rinne an tÚdarás táscairí feidhmíochta i dtaca le caighdeán na seirbhíse de a chur i bhfeidhm maidir lena chuid chonarthaí le Bus Átha Cliath agus le Bus Éireann.

Déanann an tÚdarás faireachán at iontaofacht agus ar fheidhmíocht ó thaobh poncúlachta seirbhísí ísealmhinicíochta de trí bhíthin measúnachta ar shonraí maidir le suíomh feithiclí a thaifeadtar go huathoibríoch (AVL), ar sonraí iad a fhaightear ó gach seirbhís bus ar leith agus a chuirtear i gcomparáid leis an amchlár sceidealaithe.

I rith na bliana, bhuail an tÚdarás go tráthrialta le hoibritheoirí chun an fheidhmíocht a athbhreithniú i gcomparáid le spriocanna agus chun gníomhartha feabhais a chomhaontú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar easnaimh.

Rinneadh asbhaintí €0.2 milliún agus €0.16 milliún i leith íocaíochtaí feidhmíochta a chur i bhfeidhm maidir le Bus Éireann agus Bus Bhaile Átha Cliath faoi seach mar thoradh ar theip, i roinnt cásanna, i dtaca le caighdeáin feidhmíochta ó thaobh iontaofachta agus poncúlachta.

I dTábla 4, taispeántar an treocht de réir ciliméadair feithiclí a oibríonn na príomhoibritheoirí a sholáthraíonn seirbhísí bus agus iarnróid faoi chonarthaí iompair phoiblí.

Tábla 4 - An líon bliantúil ciliméadair ag feithiclí (milliúin)

Bliain	Bus Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann	Luas
2017	56.0	36.9	15.1	3.7
2018	54.9	42.7	16.2	4.1
Difríocht	-1.1	5.8	1.1	0.4

Táillí

I mí na Samhna, cheadaigh an tÚdarás raon coigeartuithe táille i leith na príomhsheirbhísí iompair phoiblí ar conradh. Seo a leanas príomhghnéithe na gcoigeartuithe táille:

» Leanadh de shimpliú na dtáillí iompair phoiblí i limistéar Bhaile Átha Cliath;

» Tugadh isteach breiseán nua don ticéad i limistéar Bhaile Átha Cliath, rud a lig do shealbhóirí ticéad bliantúil tairbhiú ó thaisteal lascainithe ar líonra Luas nó ar líonraí bus;

» Laghdaíodh roinnt táillí singile iarnróid idirchathrach den dara bliain i ndiaidh a chéile; agus

» Leathnaíodh na criosanna táillí comaitéara i gCorcaigh agus i bPort Láirge agus, mar thoradh air sin, tháinig laghdú suntasach ar tháillí bus na gcomaitéirí.

Tháinig na coigeartuithe táillí i bhfeidhm ar an 1 Nollaig - féach Tábla 5.

Tábla 5 - Athruithe ceadaithe ar tháillí

Seirbhís	An Cineál Táille	Athrú
Bus Átha Cliath	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla iloibritheora	-6.0% go 4.9%
	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla iloibritheora	4.50%
	Ticéid shingile Leap, agus ticéid shingile airgid thirim, d'aosaigh	-3.8% go 5.3%
	Ticéid shingile Leap agus ticéid shingile airgid thirim do Leanaí Scoile agus do Leanaí	-4.8% go 8.3%
	Ticéid réamhíoctha agus ticéid Nitelink	-14.9% go 3.0%
Bus Éireann	Ticéid shingile Leap agus ticéid shingile airgid thirim ar bhonn céimeanna d'Aosaigh, do Leanaí & do Mhic Léinn	0.0% go 7.7%
	Ticéid fhillte agus ticéid 10 dTuras, ar bhonn céimeanna, do Leanaí & do Mhic Léinn	-3.1% go 4.3%
	Ticéid fhillte agus ticéid 10 dTuras, ar bhonn céimeanna, d'Aosaigh	-3.7% go 3.0%
	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla Bhus Éireann	-5.0% go 2.9%
	Táillí Leap cathrach	0.0% go 7.7%
	Táillí airgid thirim cathrach	0.0% go 7.7%
	Ticéid réamhíoctha Leap	0.0% go 3.8%
	Táillí míosúla agus bliantúla iloibritheora i réigiún Chorcaí	0.9% go 1.4%
	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla iloibritheora eile	0.00%
	Táillí le haghaidh seirbhísí baile	5.3% go 9.1%
Iarnród Éireann	Ticéid Leap d'Aosaigh, ticéid shingile, ticéid fhillte, ticéid fhillte 3 lá & 7 lá i gCrios na dTuras Gearr i mBaile Átha Cliath	-7.2% go 17.4%
	Ticéid Leap agus ticéid shingile agus ticéid fhillte i gCrios na dTuras Gearr	-7.1% go 13.6%
	Ticéid airgid thirim do leanaí scoile i gCrios na dTuras Gearr	0.0% go 2.5%
	Ticéid Leap do leanaí scoile i gCrios na dTuras Gearr	0.00%
	Ticéid shingile, agus ticéid fhillte, Idirchathrach d'Aosaigh, do Leanaí agus do Mhic Léinn	1.3% go 11.1%
	Ticéid sheachtainiúla Idirchathrach	0.8% go 1.7%
	Ticéid chomaitéara i réigiún Chorcaí	0.0% go 4.8%
	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla i gcás Iarnród Éireann & iloibritheoirí	0.9% go 2.1%
Luas	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla iloibritheora	-6.0% go 4.9%
	Ticéid shingile Leap agus ticéid shingile airgid thirim do leanaí	0.0% go 8.3%
	Ticéid shingile Leap, agus ticéid shingile airgid thirim d'aosaigh	-4.0% go 13%
	Ticéid fhillte airgid thirim d'Aosaigh agus do Leanaí	-6.8% go 9.1%
	Táillí réamhíoctha d'Aosaigh, do Leanaí & do Mhic Léinn	0.0% go 9.0%

Athruithe ar Sheirbhísí

Déantar athbhreithniú go rialta ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil faoi chonarthaí seirbhísí iompair phoiblí d'fhonn méadú ar úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus freagairt ar na héilimh athraitheacha.

Déanann an tÚdarás gach athrú a mholtar a cheadú sula gcuirtear i bhfeidhm é.

Bhreithnigh an tÚdarás 142 mholadh maidir le hathruithe ar sheirbhísí bus agus iarnróid. Tá cur síos le fáil sna míreanna thíos ar na príomhathruithe ceadaithe atá curtha i bhfeidhm nó atá beartaithe.

Bus Átha Cliath

Ceadaíodh na bealaí nua seo a leanas lena gcur i ngníomh:

» Bealach 40E (Baile an Tirialaigh an go Droichead Broome) lena soláthraítear nasc le Luas agus le seirbhísí iarnróid ag Droichead Broome do sheirbhísí ó Bhaile an Tirialaigh agus ó Fhionnghlas Thiar.

» Bealach 155 (Bré go Baile Munna) lena soláthraítear seirbhís nua traschathrach idir Baile Munna i mBaile Átha Cliath Thuaidh agus Stáisiún Iarnróid Bhré i gContae Chill Mhantáin trí Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, trí lár chathair Bhaile Átha Cliath agus tríd an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

» Bealach 66E (Maigh Nuad) lena soláthraítear seirbhísí trí cheantar Green Lane/Easton Road i Léim an Bhradáin.

Rinneadh na hathruithe seo a leanas ar sheirbhísí a bhí ann cheana féin a chur i gcrích i rith na bliana:

» Rinneadh athruithe ar amchláir Bhealaí 33 agus 33A a chuireann minicíocht 30 nóiméad ar fáil i rith an lae ar fad agus gach lá idir na Sceirí, an Rois, Losca agus Sord. Is ionann sin agus feabhas mór ar an leibhéal seirbhíse a bhíodh ann.

» Athailíníodh Bealach 53 (Sráid Thalbóid go Calafort Farantóireachta Bhaile Átha Cliath) agus athbhreithníodh na hamchláir chun seirbhís nua bus a chur ar fáil do chinn scríbe sa chuid thuaisceartach de lár na cathrach.

» Mar thoradh ar thús a chur le haistriú roinnt bealaí chuig Go-Ahead Ireland bhí an tÚdarás in ann acmhainní tiománaí agus feithicle Bhus Átha Cliath a bhí á n-úsáid roimhe sin ar na bealaí sin a úsáid chun minicíocht bhreise a sholáthar ar bhealaí eile a oibríonn Bus Átha Cliath.

Iarnród Éireann

Chuir Iarnród Éireann amchlár nua 10 nóiméad i bhfeidhm i Meán Fómhair le haghaidh sheirbhísí iarnróid DART

Rinneadh feabhsuithe ar sheirbhísí comaitéara iarnróid don cheantar Tuaisceartach, do Mhaigh Nuad agus do Thollán Pháirc an Fhionnuisce a thabhairt isteach i mí na Nollag agus mar thoradh ar na feabhsuithe sin soláthraíodh an méid seo a leanas:

» Seirbhísí níos minice seachbhuaice agus deireadh seachtaine idir Maigh Nuad/Droichead Átha Stáisiún Uí Chonghaile, lena n-áirítear uaireanta leathnaithe oibríochta ar maidin agus sa tráthnóna idir Maigh Nuad agus Stáisiún Uí Chonghaile ar an Domhnach;
» Tugadh isteach seirbhísí seachbhuaice ó Luan go hAoine idir Collchoill agus Duga na Canálach Móire, trí Thollán Pháirc an Fhionnuisce.

Bus Éireann (Dúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath)

Ceadaíodh amchlár seirbhísí athbhreithnithe ar Bhealach 115 chun seirbhísí gach uair an chloig a sholáthar ón Muileann gCearr agus chun seirbhísí gach 30 nóiméad a sholáthar ó Chill Choca. Áiríonn an t-amchlár athbhreithnithe seirbhísí buaicama lena ngabhann stadanna teoranta ón Muileann gCearr mar aon le seirbhís bhreise bhuaicama maidine ó Chill Choca.

Bus Éireann (Cathracha Réigiúnacha)

Corcaigh

» Rinneadh feabhsuithe amchláir ar Bhealach 207A (An Gleann go Lár na Cathrach).
» I mí Lúnasa, ghlac an tÚdarás freagracht chuige féin i ndáil le hoibriú Bhealach 213 lena gceanglaítear an tsaoráid 'páirceáil agus taisteal' ag Black Ash le lár na cathrach. Cheadaigh an tÚdarás leathnú an bhealaigh níos faide isteach i lár na cathrach agus cuireadh amchlár feabhsaithe i bhfeidhm freisin.

Gaillimh

I Meán Fómhair, rinneadh roinnt feabhsuithe suntasacha ar sheirbhísí i gCathair na Gaillimhe i bhfeidhm lena n-áirítear an méid seo a leanas:

» Cónascadh Bealaí 401 agus 403 chun Bealach traschathrach 401 a chruthú idir Bóthar na Trá agus Eastát Tionscail na Páirce Móire;
» Feabhsaíodh an mhinicíocht ar Bhealach 404 idir Órán Mór agus an Caisleán Nua agus ar Bhealach 409 idir Lár na Cathrach agus Eastát Tionscail na Páirce Móire; agus
» Coigeartaíodh Bealaí 402 (Páirc Mhuirlinne go Círín na Mara), 405 (Ráthún go dtí an Baile Bán) agus 407 (An Fhaiche Mhór go Bóthar an Chóiste) trí acmhainní a chur ar fáil d'fhonn léiriú a dhéanamh amanna reáchtála iarbhír arbh é ba chúis leo ná dálaí dochracha tráchta agus, ag an am céanna, coimeádadh na croí-mhinicíochtaí bunaidh ar bun do na paisinéirí.

Port Láirge

» Tugadh isteach amchláir fheabhsaithe ar sheirbhísí Bhus Éireann i gCathair Phort Láirge chun tosach níos luaithe, agus deireadh níos déanaí, a sholáthar i leith seirbhísí agus chun seirbhísí níos minice a chur ar fáil ag deireadh na seachtaine, lena n-áirítear, den chéad uair riamh, seirbhísí ar an Domhnach agus ar laethanta saoire poiblí.

Bailte Móra

» Cheadaigh an tÚdarás seirbhísí Bhealach D1 (Droichead Átha - Baile an Bhiataigh - An Inse) agus D2 (An Inse - Droichead Átha, trí Bhóthar an Chósta) Bhaile Dhroichead Átha, agus minicíocht 15 nóiméad ag seirbhísí Bhealaí D1 agus D2 le chéile.

» Cuireadh tús leis an bpróiseas maidir le seirbhísí bus a fháil i gCathair Chill Chainnigh.

» Leanadh den obair phleanála maidir le forbairt seirbhísí uirbeacha i mbailte an Mhuilinn Chearr, Shligigh, Cheatharlach agus Phort Laoise.

Seirbhísí Idiruirbeacha

» I mí an Mheithimh, athailíníodh Bealach 456 chun seirbhís níos comhleanúnaí a thuigfí ar bhealach níos fearr maidir leis an tseachtain oibre feadh chonair Chaisleán an Bharraigh - Chathair na Mart - Chill Mheáin - na Gaillimhe. I gcomhthráth leis an gcéim sin, tugadh isteach Bealach 420 (Caisleán an Bharraigh go Béal an Átha) agus Bealach 421 (Béal an Átha go Clár Chlainne Mhuiris) agus athbhreithníodh Bealach 422 (Caisleán an Bharraigh go hÁth Cinn) chun rochtain rialta ar sheirbhísí bus a choimeád ar bun do lonnaíochtaí beaga feadh na conaire agus chun idirmhalartú le Bealach 456 a sholáthar.

Seirbhísí Bus Ceadúnaithe

Is féidir le hoibritheoirí príobháideacha agus oibritheoirí príobháideacha seirbhísí poiblí bus a oibriú do phaisinéirí ar bhonn tráchtála, ach sin faoi réir ceadúnas a fháil ón Údarás.

Staitisticí

Tháinig méadú 1.8 milliún nó 7% ar an líon paisinéirí ar sheirbhísí bus náisiúnta. Tríd is tríd, bhí ráta an mhéadaithe i gcomhréir le ráta an mhéadaithe ar na príomhsheirbhísí bus agus iarnróid ar conradh.

Tábla 6 - An líon iomlán bliantúil turas ag paisinéirí ar sheirbhísí bus tráchtála (milliúin)

Bliain	Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath	An chuid eile den Stát	Iomlán	Méadú
2017	18.4	7.4	25.8	0.5
2018 (Réamhfhigiúirí)	19.6	8.0	27.6	1.8

Gníomhaíocht Cheadúnúcháin

Tháinig méadú suntasach ar an ngníomhaíocht cheadúnúcháin bus i rith na bliana agus, i gcomparáid leis an mbliain 2018, bhí méadú 15% ar an líon iarratas a fuair an tÚdarás agus bhí méadú 8% ar an líonn cinntí a rinne sé.

Maidir leis na hiarratais ar cheadúnais nua agus/nó leasaithe, próiseáladh 64% díobh laistigh de dhá thréimhse ama tháscacha i leith iarratais den sórt sin a bhreithniú mar atá leagtha amach i dTreoirlínte an Údaráis maidir le Ceadúnú Seirbhísí Poiblí Bus do Phaisinéirí.

I dTábla 7, leagtar amach na príomhsheirbhísí rialta tráchtála ar dheonaigh an tÚdarás ceadúnais ina leith. Tá roinnt seirbhísí suntasacha nua ar deonaíodh ceadúnais ina leith ar taispeáint i dTábla 8.

Tábla 7 - Gníomhaíocht cheadúnúcháin bus

An Cineál Iarratais	An Líon a Fuarthas	An Líon Cinntí a Rinneadh[2]	An Líon Tairiscintí a Rinne-adh	An Líon Ceadúnas a Eisíodh	An Líon Ceadúnas a Cealaíodh	An Líon Iarratas ar Diúltaíodh Dóibh
Iarratas Nua	325	316	293	268	40	5
Leasú ar cheadúnais a bhí ann cheana féin	206	211	138	213	32	2
Ceadúnas a Athnuachan	44	51	0	51	0	0
Ceadúnas a aistriú idir oibritheoirí	20	16	0	16	0	0
Cúlghairm ceadúnais ag an Údarás	16	16	0	16	0	0
Ceadúnas a fhionraí go sealadach	4	4	0	4	0	0

2 Áiríonn sé seo cinntí a rinneadh maidir le hiarratais a fuarthas a fuarthas i rith na bliana 2017 agus a tugadh anonn go dtí an bhliain 2018.

Tábla 8 - Seirbhísí rialta nua ceadúnaithe

An tOibritheoir	Uimhir an Bhealaigh	An Bealach	Seirbhís
John Paul Healy	842	Baile Uí Mhatháin go Baile Átha Cliath tríd an Muileann gCearr agus trí Mhótarb-healach M4	Seirbhís chomaitéara lena ngabhann seirbhísí teoranta seachbhuaice agus deireadh seachtaine.
Cummer Coaches Ltd t/a GoBus	430	Béal an Átha go Gail-limh trí Chaisleán an Bharraigh agus trí Thuaim	5 sheirbhís sa lá
Galway Bus Limited	416	Cnoc na Cathrach go dtí an Pháirc Mhór	Seirbhís chomaitéara go dtí Eastáit Tionscail na Páirce Móire agus an Bhaile Bháin
Slieve Bloom Coach Tours Ltd.	841	Móinteach Mílic - Os-pidéal Réigiúnach Lárthíre Thulach Mhór	3 sheirbhís sa lá, Luan - Satharn

Táillí i leith Seirbhísí Poiblí Bus do Phaisinéirí a Cheadúnú

Tar éis dul i gcomhairle leis an tionscal, rinneadh táillí athbhreithnithe ceadúnúcháin a cheadú lena gcur i bhfeidhm sa bhliain 2019. Tá na táillí athbhreithnithe bunaithe ar na prionsabail seo a leanas: tá siad cothrom agus comhréireach, tá siad simplí agus éasca lena dtuiscint, agus ní chruthaíonn siad bacainní ar theacht isteach sa tionscal.

Gníomhaíocht maidir le Comhlíonadh

Lean an tÚdarás dá chleachtas i ndáil le hoibríochtaí comhlíontachta a dhíriú ar ghníomhaíochtaí oibritheoirí arb iad an bhagairt is mó iad ar iomláine an chórais ceadúnúcháin busanna nó ar shábháilteacht paisinéirí bus agus úsáideoirí eile bóthair. Bhí meascán gníomhaíochtaí, de chineál follasach agus de chineál rúnda, ann arís maidir le hoibríochtaí comhlíontachta.

Rinneadh oibríochtaí comhlíontachta i 14 chontae. Mar thoradh ar na hoibríochtaí sin, rinneadh cigireacht ar 3,100 feithicil, idir bhusanna agus chóistí.

Rinneadh roinnt oibríochtaí forfheidhmiúcháin i gcomhar le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Garda Síochána, TISPOL (Líonra Eorpach na bPóilíní Tráchta), an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta agus, chomh maith leis sin, an Roinn Bonneagair i dTuaisceart Éireann.

Seirbhísí Bus Idirnáisiúnta

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil ainmnithe in Éirinn chun críocha Rialachán AE 1073 de 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus. Áirítear na cúraimí seo a leanas i ról an Údaráis:

» Údaruithe a eisiúint chuig oibritheoirí bus Éireannacha chun seirbhísí bus a oibriú lasmuigh den Stát; agus

» Measúnacht a dhéanamh ar iarratais ó Bhallstáit eile de chuid AE; agus

» Faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht ag oibritheoirí bus as tíortha eile agus iad ag oibriú laistigh den Stát agus an chomhlíontacht sin a áirithiú.

Ní féidir údaruithe le haghaidh seirbhísí bus idirnáisiúnta a eisiúint ach amháin i gcás ina mbíonn comhaontú ann idir údaráis inniúla ainmnithe uile na mBallstát ar ina gcríoch a thógtar paisinéirí ar bord nó a ligtear do phaisinéirí tuirlingt.

Local Link

Soláthraíonn Local Link córas ardchaighdeáin pobalbhunaithe iompair phoiblí i gceantair thuaithe i gcomhréir le riachtanais áitiúla.

Sa bhliain 2018, bhí níos mó ná 2.2 milliún turas paisinéara ann agus ba shealbhóirí Pasanna Saorthaistil 1 mhilliún paisinéir díobh sin.

Léirigh suirbhéanna a rinne an tÚdarás i rith na bliana go raibh méadú tagtha, ar bhonn náisiúnta, ar an bhfeasacht faoi bhranda Local Link, is é sin le rá, méadú ó 36% i mí Iúil go dtí 46% i mí na Samhna.

Straitéis

I Márta 2018, d'fhoilsigh an tÚdarás a chéad phlean straitéiseach le haghaidh Chlár Iompair Tuaithe Local Link agus clúdaíonn an plean sin an tréimhse ó 2018 go 2022, I measc phríomhthosaíochtaí an Chláir áirítear aghaidh a thabhairt ar eisiamh sóisialta i gceantair thuaithe agus comhtháthú seirbhísí iompair tuaithe le seirbhísí eile iompair phoiblí. Is é atá i ráiteas misin an Chlár ná "córas ardchaighdeáin pobalbhunaithe iompair phoiblí a sholáthar i gceantair thuaithe na hÉireann i gcomhréir le riachtanais áitiúla".

Earraí agus seirbhísí a fháil

Tar éis obair mhionsonraithe ullmhúcháin a dhéanamh, chuir an tÚdarás tús le próiseas fála i mí Dheireadh Fómhair d'fhonn eagraíochtaí a roghnú chun bainistíocht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí tuaithe sa tréimhse ó 2019 go 2022. Rinneadh conarthaí an Údaráis le 17 n-eagraíocht, ar conarthaí iad a bhí le dul in éag ar an 31 Nollaig 2018, a leathnú go ceann tréimhse bhreise le go bhféadfaí an próiseas tairisceana a chur i gcrích.

Forbairtí maidir le seirbhísí

San iomlán, cuireadh 11 seirbhís rialta nua Local Link i bhfeidhm i rith na bliana de réir mar a thaispeántar i dTábla 9.

Tar éis pléite leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, chuir an tÚdarás tús le tionscadal píolótach chun measúnacht a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí tráthnóna agus oíche i gceantair thuaithe ar an Aoine agus ar an Satharn. Iarradh ar oifigí Local Link tograí a thíolacadh i ndáil le seirbhísí agus, ina dhiaidh sin, cheadaigh an tÚdarás cur i bhfeidhm 65 sheirbhís i 26 chontae idir mí Iúil agus mí na Nollag. Maidir leis na seirbhísí sin:

» leathnú ar sheirbhísí rialta iompair phoiblí a bhí ann cheana féin a bhí i gceist le 23 cinn díobh; agus

» seirbhísí ar bhonn éilimh a bhí i gceist le 42 cheann díobh.

Tábla 9 - Seirbhísí iompair tuaithe nua agus feabhsaithe a tugadh isteach sa bhliain 2018

Limistéar Local Link	Ó	Go
An Cabhán - Muineachán	Béal Átha hÉis	Baile an Chabháin/Ospidéal Ginearálta an Chabháin
An Cabhán - Muineachán	Baile an Chabháin	Baile Mhuineacháin
An Cabhán - Muineachán	Corlach	An Cabhán
Dún na nGall	Bun Cranncha	Carn Domhnaigh agus Cionn Mhálanna
Dún na nGall	An Gleann	Leitir Ceanainn
Gaillimh	Port Omna	Béal Átha na Sluaighe
Gaillimh	An Gort	Baile Locha Riach
Gaillimh	Baile Locha Riach	Béal Átha na Sluaighe
Sligeach-Liatroim-Ros Comáin	Goirtín-Baile an Mhóta	Sligeach
Sligeach-Liatroim-Ros Comáin	Sligeach	Bun Dobhráin
Port Láirge	Aird Mhór	Dún Garbhán

Cearta Paisinéara

Is é an tÚdarás an comhlacht forfheidhmiúcháin ainmnithe in Éirinn i leith Rialacháin AE maidir le cearta paisinéara nuair a thaistealaíonn siad d'iarnróid, ar muir agus ar bhus/chóiste. I measc na gceart sin, áirítear neamh-idirdhealú agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu, faisnéis a thabhairt do gach paisinéir roimh a dturas agus lena linn, cúnamh a thabhairt do gach paisinéir i gcás ina dtarlaíonn moilleanna agus, in imthosca áirithe, cúiteamh a thabhairt i leith moilleanna agus cealú turais.

Fuair an tÚdarás líon mór fiosruithe agus gearáin ó phaisinéirí mar thoradh ar chealú seirbhísí farantóireachta ag Irish Ferries ar a chuid bealaí Éire/An Fhrainc agus Éire/An Ríocht Aontaithe thar thréimhse an tsamhraidh de bharr seachadadh mall soithigh nua. Mar thoradh air sin, chuir an tÚdarás tús le himscrúdú suntasach maidir leis an tslí inar dhéileáil Irish Ferries lena chustaiméirí.

Taighde ar Shástacht i measc Custaiméirí Iompair Phoiblí

Choimisiúnaigh an tÚdarás na sainchomhairleoirí branda, Kantar Millward Brown, arís chun tomhas a dhéanamh ar na leibhéil sástachta i measc custaiméirí i dtaca le hoibritheoirí agus le seirbhísí iompair phoiblí.

Seoladh agallaimh le níos mó ná 2,500 custaiméir i rith mhí Bhealtaine agus mhí an Mheithimh.

De réir na dtorthaí, bhí 93% de na paisinéirí sásta leis an tseirbhís a bhí á sholáthar ag a n-oibritheoir iompair. Is méadú é an figiúr sin i gcomparáid le 91% a bhí ann an t-am deireanach a rinneadh taighde den sórt seo, is é sin, i mí na Samhna 2017.

Bhí feabhas mór, ó 84% go 93%, ar shástacht na gcustaiméirí i leith sheirbhís iarnróid DART.

Fíor 1 - Sástacht fhoriomlán na gcustaiméirí de réir an mhodha iompair phoiblí



TFI customer Satisfaction research
feedback from over 2,500 public transport users in 2018

More than 9 people in 10 are satisfied with public transport

93%
All Public Transport

2% since 2017

95% Dublin Bus

89% Iarnród Éireann Irish Rail
InterCity and Commuter Rail passengers (excludes DART)

83% Bus Éireann

96% LUAS

93% DART

9% since 2017

Only 3% dissatisfied - the main issues around timing

A key driver of satisfaction overall is **punctuality** and **frequency**

Reason for using public transport...

Work	42%
Leisure / sports trips	24%
Shopping	10%

1 in 5 say the service provided by public transport has improved over the past 12 months

Only 3% say it is worse than before

1 in 3 use public transport everyday/every weekday

Over 7 in 10 use a Leap Card

79% did not mention any issues for improvement

Research conducted Oct/Nov '17 and May/June '18

TFI TRANSPORT FOR IRELAND

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Feabhas a chur ar an eispéireas taistil

Feabhas a chur ar an eispéireas taistil

I rith na bliana 2018, díoladh níos mó ná 230,000 Cárta Cuairteora Leap TFI

Transport for Ireland (TFI)

Choimisiúnaigh an tÚdarás suirbhéanna breise ar fud na bliana 2018 chun rianú a dhéanamh ar an leibhéal feasachta faoi bhranda TFI i measc an phobail i gcoitinne.

Sna tuarascálacha rianaithe branda a foilsíodh i mí Iúil agus i mí na Samhna 2018, léiríodh méadú ar fheasacht faoi bhranda i measc an bpobail i gcoitinne ó 42% i mí Aibreáin go 49% i mí Iúil agus go 56% i mí na Samhna.

I measc úsáideoirí iompair phoiblí, tháinig méadú ar fheasacht faoi bhranda ó 50% i mí Aibreáin go 64% i mí na Samhna.

TFI, Cárta Leap TFI agus Seirbhísí Áitiúla Local Link a Chur Chun Cinn

Thug an tÚdarás faoi na feachtais agus faoi na gníomhaíochtaí seo a leanas i rith na bliana:

- I mí Eanáir, thosaigh ainm branda an Chárta Leap ag athrú go dtí Cárta Leap TFI rud a chabhraigh leis an dá bhranda a chur i mbaint lena chéile ar bhealach níos dlúithe.
- Chomhoibrigh an tÚdarás le lucht eagraithe cuid mhór imeachtaí poiblí, amhail Féile N. Pádraig, Cuairt an Phápa, Taispeántas Eitleoireachta Bhré agus Fleadh Cheoil, chun aird a tharraingt ar na roghanna iompair phoiblí a bhí ann do dhaoine a bhí ag freastal ar na himeachtaí sin.
- D'oibrigh an tÚdarás i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann agus le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath chun faisnéis a chur ar fáil do chuairteoirí ar Éirinn. Ina theannta sin, cuireadh Cárta Cuairteora Leap TFI chun cinn go tréan trí iris eitilte Aer Lingus agus, chomh maith leis sin, i suíomhanna éagsúla in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ar líne. Mar thoradh air sin, díoladh os cionn 230,000 Cárta Cuairteora Leap TFI i rith na bliana.
- Cuireadh bealaí nua Local Link chun cinn go háitiúil trí úsáid a bhaint as fógráin spriocdhírithe raidió agus teilifíse..
- I mí Bhealtaine, bhí an tÚdarás páirteach i gcomhpháirtíocht le RTÉ 2fm chun urraíocht straitéiseach bhrandáilte TFI a áirithiú le haghaidh sheó Eoghan McDermott.
- I mí an Mheithimh, lainseáil an tÚdarás a fheachtas maidir le suaitheantas Baby on Board le go mbeadh sé níos éasca do mhná torracha suíochán a fháil ar bhusanna agus ar thraenacha plódaithe.

- Leanadh de thionchar an fheachtais bhliantúil i leith Cártaí Leap TFI, Kids Go Free, a mhéadú agus bhí 715,000 turas saor in aisce ann thar an tréimhse dhá sheachtain i mí Iúil, ar figiúr é sin a léirigh méadú ó 658,000 sa bhliain 2017. San iomlán, dáileadh 6,000 cárta ar leanaí trí oibritheoirí seirbhísí iompair. Ba é seo an chéad bhliain den fheachtas ina raibh gach seirbhís de chuid Bhus Éireann in ann glacadh le Cártaí Leap TFI.
- I mí Lúnasa, i gcomhar leis an gComhairle um Inimircigh in Éirinn, le hoibritheoirí iompair phoiblí agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, bhí an tÚdarás páirteach arís i reáchtáil feachtais eile chun dul i ngleic le ciníochas ar sheirbhísí iompair phoiblí. Rinneadh príomhtheachtaireacht an fheachtais, is é sin, Join us on the Journey, a chur chun cinn go forleathan.
- Reáchtáladh feachtais spriocdhírithe Chárta Leap TFI i gCorcaigh, i Luimneach, i nGaillimh agus i bPort Láirge i rith an dara leath den bhliain. I measc na bhfeachtas sin bhí táille phoiblíochta €1 á tairiscint i gCorcaigh i mí Mheán Fómhair. Reáchtáladh feachtas i bPort Láirge i mí na Samhna freisin chun úsáid Chártaí Leap TFI a chur chun cinn.
- Bhí feachtas náisiúnta teilifíse agus raidió le haghaidh Local Link ar siúl i Meán Fómhair.
- I Meán Fómhair, rinne an tÚdarás cur chun cinn athuair i leith a shraithe aipeanna i measc mic léinn nua, agus mic léinn atá ag filleadh, i gcoláistí tríú leibhéal ar fud na tíre.
- Idir Meán Fómhair agus Nollaig, chuaigh an tÚdarás i mbun mórfheachtais chun feasacht maidir le haistriú roinnt seirbhísí bus go Go-Ahead Ireland a chruthú i measc úsáideoirí iompair phoiblí.
- I mí na Nollag, reáchtáil an tÚdarás feachtas cumarsáide chun seachadadh flíte busanna nua do Chathair Phort Láirge a fhógairt.

Cárta Leap TFI

Díoladh níos mó ná 823,000 cárta i rith na bliana agus léiríonn an figiúr sin méadú 17% i gcomparáid leis an mbliain 2017. Shroich luach an chreidmheasa taistil a úsáideadh chun íoc as taisteal €209 milliún agus, faoi dheireadh na bliana, ba é a bhí i luach carnach na creidmheasa breise a próiseáladh ón tráth ar lainseáladh Cárta Leap i mí na Nollag 2011 ná €826 mhilliún.

Tháinig méadú mór (66%) ar úsáid Aip Leap chun Creidmheas Breise a fháil ar fhóin phóca Android agus próiseáladh os cionn €44 mhilliún i leith creidmheas breise d'úsáideoirí na haipe, agus b'ionann sin agus beagnach 20% de luach an chreidmheasa breise ar fad i rith na bliana.

Tábla 10 - Fás i leith Chártaí Leap TFI

Réimse	Iomláin na bliana 2018	Fás i gcomparáid leis an mbliain 2017
An líon Cártaí Leap TFI a díoladh	823,580	17%
An líon Pasanna Saorthaistil a eisíodh	166,150	3%
Luach an Chreidmheasa Breise Taistil a fuarthas	€228.6 milliún	24%
Luach an Chreidmheasa Breise Taistil a úsáideadh	€209.0 milliún	19%
Díolacháin táirgí ticéid	€100.3 milliún	7%
Turais (gan Sealbhóirí an Phas Saorthaistil a áireamh)	156.9 milliún	19%
Turais ag sealbhóirí an Phas Saorthaistil	30.4 milliún	16%
Creidmheas Breise trí Aip Leap TFI	€46 mhilliún	66%

Forbairt na Scéime maidir le Cártaí Leap TFI

Chuir an tÚdarás comórtas fála poiblí chun cinn i ndáil le réiteach i leith ticéadú soghluaiste le haghaidh turais traenach idirchathrach agus turais bus fadachair, ar réiteach é ina n-áireofaí an praghas is saoire a bheith ar fáil trí áirithint a dhéanamh ar líne roimh an turas.

Turais a Phleanáil

I rith na bliana, rinneadh níos mó ná 33 mhilliún plean turais a ríomh trí sheirbhísí faisnéise taistil Transport for Ireland agus d'fhreastail na seirbhísí sin ar 4.4 milliún clár faisnéise faoi imeachtaí fíor-ama.

Rinneadh faisnéis do phaisinéirí i gcás seirbhísí a bhí á n-oibriú ag Go-Ahead Ireland a chur san áireamh i gcórais faisnéise TFI do phaisinéirí.

Aipeanna

Mar thoradh ar fheachtais spriocdhírithe phoiblíochta, tháinig méadú ar an líon aipeanna a íoslódáladh. Mar thoradh ar na hiarrachtaí chun aipeanna an Údaráis a chur chun cinn i measc mic léinn tríú leibhéal ag tús bhliain acadúil 2017/2018, tháinig méadú suntasach ar an líon uaireanta a íoslódáladh an tsraith aipeanna sin.

Tharla méadú an ar líon íoslódaluithe agus ar an úsáid i rith mhí na Nollag freisin, rud a tharla de bharr tús a chur le feachtas i leith íoslódálacha Google "síor-reatha" agus de bharr phoiblíocht an Údaráis i leith iompar poiblí le linn thréimhse na Nollag.

Chuir an tÚdarás raon "brúfhógraí" chuig úsáideoirí Aip TFI, is é sin, Fíor-Am na hÉireann. Soláthraíonn na fógraí sin leideanna úsáideacha maidir le príomhghnéithe aipeanna agus, chomh maith leis sin, soláthraíonn siad faisnéis thráthúil ábhartha faoi chúrsaí taistil. Mar thoradh air sin, tharla méadú seasta ar líon na seisiún úsáide i leith Aip Fhíor-Am na hÉireann.

Rinneadh Aip Creidmheasa Breise Leap a uasdátú faoi dhó i rith na bliana. I mí Aibreáin, tugadh isteach gnéithe nua, lena n-áirítear ceannach ticéid, scáileáin faisnéise i leith cártaí agus ticéad agus admhálacha le ríomhphost. I mí an Mheithimh, tugadh rochtain d'úsáideoirí ar fhaisnéis uasteorannaithe, rud a chumasaigh dóibh a fháil amach cé chomh gar atá sin dá n-uasteorainn laethúil nó sheachtainiúil ó thaobh táillí de.

Tábla 11 - Aipeanna a íoslódáladh

Aip	Tuairisc	Íoslódálacha sa bhliain 2018	Íoslódálacha sa bhliain 2017
Creidmheas Breise Leap	Aip saor in aisce d'fhóin Android NFC-chumasaithe . Ligeann an aip d'úsáideoirí creidmheas breise a fháil láithreach dá gCárta Leap TFI, a n-iarmhéid a sheiceáil agus ticéid a cheannach.	252,605	176,708
Fíor-Am na hÉireann TFI	Soláthraítear faisnéis fíor-ama faoi shroicheadh cinn scríbe le haghaidh seirbhísí traenach, bus agus tram.	179,283	68,112
Pleanálaí Náisiúnta Turais TFI	Soláthraítear pleanáil turais, amchláir agus faisnéis taistil maidir le gach soláthróir ceadúnaithe iompair phoiblí.	161,527	124,151
Seiceáil Tiománaithe Tacsaí TFI	Ligeann sé seo d'úsáideoirí a fhíorú go bhfuil an tacsaí atá siad ar tí a fhruiliú cláraithe i gceart agus go bhfuil an tiománaí ceadúnaithe chun an fheithicil a oibriú.	27,291	22,338
Pleanálaí Rothaíochta TFI	Soláthraítear faisnéis faoi na bealaí rothaíochta is fearr i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge, agus í bunaithe ar chumais rothaíochta ar leithligh.	10,086	6,343

Meáin Shóisialta

Bhí cuntas Twitter TFI an Údaráis (@TFIupdates) ina bhealach tábhachtach chun forbairtí iompair phoiblí a chur chun cinn agus chun aird a tharraingt orthu.

De bhreis air sin, cuireadh cuntas TFI Instagram ar bun, méadaíodh gníomhaíocht ar Facebook agus baineadh úsáid as ardán nua bainistíochta meán sóisialta.

Láithreáin Ghréasáin

Tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht ar láithreán gréasáin Transport for Ireland sa bhliain 2018 tar éis an chuma a bheith ar chúrsaí go raibh an ghníomhaíocht ag éirí cothrom sa bhliain 2017.

Sháraigh láithreán gréasáin Transport for Ireland líon 1 mhilliún cuairteoir nua den chéad uair, is é sin, bhí 1.2 milliún cuairteoir nua ann sa bhliain 2018.

Tháinig méadú tobann ar an líon cuairteoirí ar láithreán gréasáin Local Link tar éis mórfheachtas teilifíse agus raidió a chraoladh i mí Mheán Fómhair. Mar thoradh air sin, fuair an láithreán gréasáin líon níos mó cuairteanna i rith mhí Mheán Fómhair ná mar a fuarthas sa bhliain 2017 ina hiomláine.

San iomlán, bhí níos mó ná 4.1 seisiún teagmhála ag láithreáin ghréasáin an Údaráis i rith na bliana.

Tábla 12 - Láithreáin ghréasáin do thomhaltóirí

Láithreán Gréasáin	Tuairisc	Seisiúin Teagmhála 2018	Seisiúin Teagmhála 2017	Athrú mar %
www.leapcard.ie	Sainláithreán gréasáin do chustaiméirí Chárta Leap TFI	1,597,092	1,408,932	13%
www.transportforireland.ie	Tugtar cabhair do dhaoine maidir le turais iompair phoiblí a phleanáil agus a dhéanamh	1,714,091	1,363,428	26%
www.nationaltransport.ie	Láithreán gréasáin corparáideach don Údarás	486,149	379,453	28%
www.busconnects.ie	Soláthraítear faisnéis faoi Chlár BusConnects Dublin	203,057	33,302	510%
www.locallink.ie	Sainláithreán gréasáin do sheirbhísí iompair tuaithe	105,321	10,201	932%
www.smartertravelworkplace.ie	Soláthraítear faisnéis faoi iompar inbhuanaithe d'fhostóirí agus d'fhostaithe	29,911	36,777	-19%
Iomláin		**4,135,621**	**3,232,093**	

Faisnéis Fhíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI)

I rith na bliana 2018, rinneadh obair chun Aip TFI, is é sin, Aip Fhíor-Am na hÉireann, agus scáileáin taispeána sráide a chumrú d'fhonn meastacháin ama i dtaca le seirbhísí a oibríonn Go-Ahead Ireland a chur ar taispeáint.

Choimisiúnaigh an tÚdarás suirbhéanna arís ag eatraimh rialta i rith na bliana chun tomhas a dhéanamh ar chruinneas na n-amanna measta ar shroich busanna stadanna bus agus chun gníomh ceartaitheach a dhéanamh i gcás ina raibh gá leis sin.

Lean seirbhísí Bhus Átha Cliath de rátaí arda a bhaint amach maidir leis na hamanna ar sroicheadh stadanna bus agus ba é a bhí sa mheánráta in aghaidh na ráithe ná 97% agus tá an tÚdarás ag leanúint de bheith ag obair le Bus Éireann chun a gcuid rátaí cruinnis arbh é 81% an meánráta a baineadh amach sa bhliain 2018.

Tábla 13 - Scáileáin taispeána faisnéise fíor-ama do phaisinéirí

Ceantar	An líon scáileán taispeána
Baile Átha Cliath	604
An Mhí	14
Cill Dara	16
Cill Mhantáin	13
Corcaigh	49
Gaillimh	19
Luimneach	16
Port Láirge	12
Lú	1
Iomlán	744

Córais agus Seirbhísí Faisnéise Taistil (TISS)

Foirceannadh an chéad phróiseas fála i leith TISS nuair ba léir gurbh é a bheadh mar thoradh dóchúil air ná córas is mó costas agus is lú feidhmiúlacht le haghaidh faisnéis i leith pleanáil turais agus faisnéis fíor-ama a sholáthar do phaisinéirí.

Cuireadh tús le próiseas nua d'fhonn an próiseas fála a dheighilt ina dhá chuid.

Pleananna straitéiseacha a chur i bhfeidhm don todhchaí

Pleananna straitéiseacha a chur i bhfeidhm don todhchaí

Cuireadh dréacht-Phlean Comhtháite Forfheidhmithe do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath ar taispeáint go poiblí i mí na Nollag

Straitéis Iompair agus Plean Comhtháite Forfheidhmithe do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath

Trí Straitéis Iompair 2016-2035 do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath, ar cheadaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é sa bhliain 2016, soláthraítear an creat foriomlán le haghaidh forbairt iompair ar fud an réigiúin. Feidhmíonn an straitéis mar bhuntaca do chuid mhór d'obair an Údaráis agus soláthraíonn sí an bonn le haghaidh cur chuige comhtháite maidir le húsáid talún agus pleanáil pleanáil iompair.

I rith na bliana 2018, thacaigh sí le cinnteoireacht i ndáil le bonneagar iompair i Mór-limistéar Bhaile Átha Cliath a bheith san áireamh i bPlean Náisiúnta Forbartha 2018-2027 a d'fhoilsigh an Rialtas i bhFeabhra 2018.

De réir fhorálacha alt 12 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, tá sé de cheangal ar an Údarás Plean Comhtháite Forfheidhmithe a dhéanamh a chlúdaíonn tréimhse sé bliana na Straitéise Iompair. Glacadh an Plean Comhtháite Forfheidhmithe reatha sa bhliain 2013 agus beidh sé i bhfeidhm go deireadh na bliana 2018.

Tar éis fhoilsiú an Chláir Náisiúnta Forbartha, chuaigh an tÚdarás i mbun obair ullmhúcháin i leith Plean Comhtháite Forfheidhmithe nua atá le cur faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun cinneadh a fháil ina leith. Ullmhaíodh dréacht-Phlean Comhtháite Forfheidhmithe agus cuireadh ar taispeáint go poiblí é i mí na Nollag. Bhí Tuarascáil Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura ag gabháil leis an dréacht-Phlean.

Pleanáil ar an Leibhéal Náisiúnta, ar an Leibhéal Réigiúnach agus ar an Leibhéal Áitiúil

Ar an leibhéal náisiúnta, lean an tÚdarás d'ionchur a chur ar fáil le haghaidh ullmhú an Chreata Náisiúnta Pleanála sular foilsíodh é i mí Feabhra. Mar chuid den obair sin bhí

idirchaidreamh leanúnach ann leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Ar leibhéal réigiúnach, lean an tÚdarás d'ionchur a chur ar fáil le haghaidh ullmhú na Straitéise Réigiúnaí Eacnamaíochta agus na Straitéise Réigiúnaí Sóisialta (RSES). Ba é ba phríomhbhonn leis an rannpháirtíocht sin ná caidreamh oibre leanúnach leis na húdaráis réigiúnacha ag gach céim d'ullmhú RSES agus béim ar leith á leagan ar bheartais a chur san áireamh chun tacú le comhtháthú pleanála úsáide talún le pleanáil iompair agus chun tacú le hinfheistíocht ar an leibhéal réigiúnach, ar leibhéal cathrach agus ar leibhéal lonnaíochta. Cuireadh an méid sin in iúl i dtuarascálacha a chuir an tÚdarás faoi bhráid na n-údarás áitiúil i ndáil le nithe a bhí le breithniú le linn RSES a ullmhú.

I gcomhréir le cúram reachtúil an Údaráis, leanadh de bhéim mhór a leagan na hionaid uirbeacha is mó atá ann sa Stát i.e. Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath agus ceantair chathrach Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge. Bhí leibhéal ard caidrimh ann le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile sna hionaid sin le linn obair ullmhúcháin a dhéanamh i ndáil le hathbhreithniú ar phleananna reachtúla, ar scéimeanna pleanála i leith Criosanna Forbartha Straitéisí agus ar staidéir iompair. Ina theannta sin, chomhlánaigh an caidreamh sin feidhm pleanála iompair agus infheistíochta iompair an Údaráis.

Pleanáil Iompair - Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath

Lean an tÚdarás de bheith ag obair go dlúth le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí Stáit agus le geallsealbhóirí eile ar raon saincheisteanna beartais, tionscnamh agus infheistíochtaí iompair a bhí beartaithe. Díríodh an obair sin ar na nithe seo a leanas go háirithe:

» Rannpháirtíocht san obair ullmhúcháin i leith pleananna forbartha reachtúla agus san obair ullmhúcháin nó san athbhreithniú i ndáil le scéimeanna pleanála Criosanna Forbartha Straitéisí, pleananna ceantair áitiúil, pleananna iompair áitiúil, máistirphleananna agus staidéir iompair neamhreachtúla.

» Caidreamh le húdaráis áitiúla i ndáil le tionscnaimh éagsúla maidir le bainistíocht an éilimh ar sheirbhísí iompair, pleanáil iompair phoiblí agus bainistíocht tráchta.

» Caidreamh leanúnach le Grúpa Comhairliúcháin Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin.

Bhí méadú mór ar líon na n-iarratas pleanála a ndearna an tÚdarás aighneacht i scríbhinn maidir leo, rud a léirigh an méadú mór ar an líon iarratas a fuair údaráis phleanála i rith na bliana. Bhí an méadú sin soiléir go háirithe sa líon Forbairtí Tithíochta Straitéiseacha a bhí ann ar fud na limistéar údaráis áitiúil go léir, bhí forbairtí mórscála tráchtála ann go háirithe i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus i gCeantar Dugaí Bhaile Átha Cliath.

Bhain thart ar 90 aighneacht i scríbhinn a rinne an tÚdarás le pleananna nó le forbairtí i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear pleananna forbartha reachtúla, pleananna ceantair áitiúil, scéimeanna pleanála agus máistirphleananna. Tá cuid de na hiarratais phleanála de chineál is suntasaí a ndearnadh aighneacht ina leith ar taispeáint i dTábla 14.

Tábla 14 - Príomhaighneachtaí pleanála a rinne an tÚdarás maidir le forbairtí laistigh de Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath

Pleananna Forbartha	
»	Baile Átha Cliath Theas - Athrú Uimh. 1 ar an bPlean Forbartha Contae - Athchriosú Siar ó Chaisleán na Gráinsí

Pleananna Ceantair Áitiúil	
»	Dún Laoghaire-Ráth an Dúin: Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Stigh Lorgan
»	Cathair Bhaile Átha Cliath: Plean Ceantair Áitiúil Ghort na Silíní - Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta
»	SDZ Gráinseach Ghormáin: Dréachtleasú ar Scéim Phleanála
»	Comhairle Chontae Chill Mhantáin: Plean Ceantair Áitiúil Réamhdhréachta Bhaile an Chinnéidigh
»	Comhairle Contae Fhine Gall: Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Mhóinéar na hAbhann
»	Comhairle Chontae Chill Mhantáin: Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Bhré - Leasuithe Ábhartha
»	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas: Scéim Pleanála SDZ Chluain Buiríosa
»	Comhairle Contae Fhine Gall: Dréacht-Chreatphlean Uirbeach an Rois
»	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: Plean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Ógáin agus an Cheantair Máguaird (Páipéar Saincheisteanna Réamhdhréachta)
»	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Stigh Lorgan, Athruithe Ábhartha
»	Páipéar Saincheisteanna Straitéiseacha Aerfort Bhaile Átha Cliath, Meitheamh 2018
»	Comhairle Chontae Chill Dara: Plean Ceantair Áitiúil Chill Dara 2019 - 2025, Páipéar Saincheisteanna i leith Comhairliúchán Poiblí
»	Comhairle Contae Fhine Gall: Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil Chnoc an Sciobóil

Iarratais Shuntasacha Pleanála	
»	An Bord Pleanála: Forbairt Tithíochta Straitéiseach, Cóiríocht do Mhic Léinn agus Árasáin ag sean-Láithreán Blake, Stigh Lorgan
»	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath: Forbairt Oifigí ag Shráid Chnoc na Lobhar
»	An Bord Pleanála: Forbairt Tithíochta Straitéiseach, 526 Aonad Cónaithe i dTeach Sagard
»	An Bord Pleanála: Forbairt Tithíochta Straitéiseach, 536 Aonad Cónaithe i bParóiste Phóil, Ráth Eanaigh
»	An Bord Pleanála: Forbairt Tithíochta Straitéiseach, 450 Aonad Cónaithe i gCnoc an Sciobóil, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara
»	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: - Forbairt Tithíochta Straitéiseach ag Plandlann Doyle, Cábán tSíle
»	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: Athrú beartaithe úsáide ag críochfort farantóireachta paisinéirí
»	An Bord Pleanála: Dún Mhic Aoidh, Baile Chill Dara
»	An Bord Pleanála: Leanúint, ar bhonn buan, d'úsáid a bhaint as carrchlós fadtéarma (Quickpark), Bóthar Shoird
»	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin: Lárionad Bhaile Choill na Silíní

Pleanáil Iompair - Limistéir Eile

Lean an tÚdarás de bheith ag obair le húdaráis áitiúla taobh amuigh de Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath, go háirithe leo siúd i limistéir chathrach Chorcaigh, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge.

Samhlaítear gurb é a leanfaidh as an teagmháil leanúnach seo le himeacht aimsire ná bonn níos láidre i leith ról láithreach an Údaráis, agus le ról an Údaráis atá ag teacht chun cinn, sna cathracha sin ó thaobh infheistíocht iompair, ó thaobh eagrú seirbhísí iompair phoiblí, ó thaobh ullmhú straitéisí iompair agus, i gcoitinne, ó thaobh tionchar a imirt ar chomhtháthú úsáide talún agus pleanála iompair.

Corcaigh

I gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae Chorcaí agus Bonneagar Iompair Éireann, lean an tÚdarás den obair ar ullmhú Straitéis Iompair Cheantar Cathrach Chorcaí (CMATS).

Maidir le CMATS, tugann an obair a dhéantar ina leith aghaidh ar gach modh taistil, agus é mar chuspóir ag an obair sin creat pleanála straitéisí a chur ar fáil le haghaidh fhorbairt chomhtháite an bhonneagair agus na seirbhísí iompair i rith an fhiche bliain atá romhainn. Bainfear úsáid as an bhfaisnéis a gheofar ón obair le linn leibhéil infheistíochta agus tosaíochtaí infheistíochta a leagan amach san fhad téarma agus sa ghearrthéarma ar aon agus úsáidfear í le linn beartas maidir le húsáid inbhuanaithe talún agus maidir le cúrsaí iompair a cheapadh ar an leibhéal straitéiseach (an limistéar cathrach), mar chuid de Phlean Straitéiseach Limistéar Cathrach Chorcaí (CMASP) atá á ullmhú faoi láthair ag Tionól Réigiún an Deiscirt.

Lean an tÚdarás dá rannpháirtíocht i nGrúpa Phlean Straitéiseach Limistéar Chorcaí, ag leibhéal an Choiste Stiúrtha agus ag leibhéal an Fhochoiste Iompair araon agus d'oibrigh sé le Comhairle Chontae Chorcaí maidir leis an bpróiseas measúnaithe iompair a bhain le naoi suíomh forbartha sa Limistéar Cathrach atá sainaitheanta mar limistéir leathnaithe uirbeacha i bPlean Forbartha an Chontae. Ina theannta sin, bhí an tÚdarás i dteagmháil leis an dá údarás áitiúla trí bhíthin roinnt aighneachtaí a rinneadh maidir le hiarratais phleanála agus maidir le hiarratais Alt 8.

Gaillimh

Lean an tÚdarás de bheith ag obair le Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus béim ar leith á leagan ar chur i bhfeidhm chuspóirí Straitéis Iompair na Gaillimhe tríd an bpróiseas pleanála chun cinn agus trí bhonneagar agus seirbhísí a chur ar fáil.

D'áirigh an obair sin Staidéar Bainistíocht Tráchta i Lár Chathair na Gaillimhe, Trasbhealach Chathair na Gaillimhe le haghaidh iompar poiblí agus, chomh maith leis sin feabhsuithe bainistíochta eile i lár na cathrach i leith saoráidí siúil, rothaíochta agus tráchta.

D'oibrigh an tÚdarás le Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar ullmhú pleananna áitiúla, lena n-áirítear plean ceantair áitiúil a ullmhú le haghaidh na nArdán agus staidéir iompair a ullmhú le haghaidh limistéar na Páirce Móire.

Limistéir Eile

Bhí teagmháil ag an Údarás le húdaráis áitiúla i gcathracha réigiúnacha eile agus i mbailte móra agus bhain an obair sin le bainistíocht an éilimh ar iompar, pleanáil seirbhísí iompair phoiblí agus tionscnaimh bhainistíochta tráchta.

I gcás Chathair Phort Láirge, lean an tÚdarás dá chuid oibre le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus dá chuid oibre maidir le riachtanais infheistíochta iompair na Cathrach agus an Cheantair Máguaird, go háirithe i gcomhthéacs na scéime pleanála le haghaidh Chrios Forbartha Straitéisí na gCéanna Thuaidh.

Aighneachtaí Pleanála

Chuir an tÚdarás 13 aighneacht i scríbhinn faoi bhráid údaráis áitiúla agus bhain na haighneachtaí sin le pleananna reachtúla, le hiarratais phleanála agus le scóipeáil Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta.

I dTábla 15, tá liosta le fáil de na tograí forbartha is suntasaí ar tíolacadh aighneachtaí ina leith.

Tábla 15 - Príomhaighneachtaí pleanála a rinne an tÚdarás lasmuigh de Mhór-Limistéar Bhaile Átha CliathBhaile Átha Cliath

Pleananna Forbartha	
»	Dréacht-Phlean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2019-2025
»	Comhairle Cathrach na Gaillimhe: Dréacht-leasú ar Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe

Pleananna Ceantair Áitiúil, Scéimeanna Pleanála	
»	Comhairle Cathrach na Gaillimhe: Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán, Athruithe Ábhartha

Iarratais Shuntasacha Pleanála - Aighneachtaí a Rinneadh	
»	An Bord Pleanála: Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, Méadú Lamairne agus Méadú Acmhainneacht an Phoirt -
»	Comhairle Chontae Chorcaí: Feabhsú Bóthair agus Oibreacha Iompair Inbhuanaithe i nGleann Maghair -
»	An Bord Pleanála: Forbairt Chónaithe, Jacob's Island, Cathair Chorcaí
»	Comhairle Cathrach Chorcaí: Athfhorbairt Lár Bhaile Wilton, Corcaigh

Múnlaí Iompair Réigiúnaigh

I rith na bliana, cuireadh tús le hAthbhunú Beartaithe 2016 an Chórais Múnlaithe Réigiúnaigh. Is é atá i gceist leis sin ná próiseas trína n-uasdátófar múnlaí iompair an Údaráis chun an fhaisnéis chuimsitheach a cuireadh ar fáil mar thoradh ar dhaonáireamh 2016, agus í comhlánaithe trí bhíthin suirbhéanna breise forleathana a rinneadh laistigh den amscála chéanna, a chur san áireamh.

I rith an chéad leath den bhliain, bhí béim ar athbhreithniú agus ar uasdátú na líonraí agus na seirbhísí iompair phoiblí, bóthair agus modha ghníomhaigh i leith gach ceann ar leith de na cúig mhúnla réigiúnacha. I gcomhthráth leis sin, rinneadh uasdátú ar Mhúnla Réamhaisnéisithe an Éilimh Náisiúnta trí úsáid a bhaint as meastacháin nua i leith rátaí turais, úinéireacht ghluaisteáin, taisteal fadachair etc. Tugadh na comhchodanna sin le chéile ansin chun meastachán ar na múnlaí is fearr a chumasú. Rinneadh an meastachán ar na múnlaí is fearr agus mínscagadh na n-ionchur a thosú i dtrátha dheireadh na bliana d'fhonn Córas Múnlaithe Réigiúnaigh athbhreithnithe a chur ar fáil sa bhliain 2019.

I gcomhthráth leis an obair uasdátúcháin, agus mar thacaíocht ina leith sin, rinneadh athbhreithnithe agus mínscagadh ar struchtúr an Chórais Múnlaithe Réigiúnaigh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht agus chun déileáil le haon saincheisteanna a sainaithníodh nuair a bhí an múnla á úsáid tar éis an fhaisnéis a fuarthas ó úsáideoirí agus ó fhorbróirí an mhúnla a thiomsú.

Chun úsáid na múnlaí a spreagadh, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil le raon leathan geallsealbhóirí lena n-áirítear údaráis áitiúla agus eagraíochtaí acadúla.

Bonneagar a Uasghrádú

Bonneagar a Uasghrádú

Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí maidir le MetroLink agus BusConnects Dublin

Infheistíocht Chaipitiúil

Tá freagracht ar an Údarás i ndáil le trí chlár infheistíochta caipitiúla a bhaineann le hiompar poiblí::

» Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath;

» Clár Iompair Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha; agus

» Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí.

Cé go bhfuil freagracht reachtúil ar an Údarás i ndáil le Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath, bainistíonn an tÚdarás Clár Iompair Inbhuanaithe na gCathracha Réigiúnacha agus an Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

I gcás na dtrí Chlár sin go léir, tá freagracht ar an Údarás i ndáil le cinneadh a dhéanamh i dtaobh cad iad na tionscadail atá le maoiniú agus i ndáil le caiteachas a bhainistiú. Ach gníomhaireachtaí Stáit, oibritheoirí iompair agus údaráis áitiúla a dhéanann na hoibreacha riachtanacha de ghnáth agus iad ag gníomhú thar ceann an Údaráis.

Tábla 16 - Dáileadh íocaíochtaí caipitiúla (€ milliún)

An Ghníomhaireacht Fhorfheidhmiúcháin	Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath	Clár Caipitiúil na gCathracha Réigiúnacha	An Clár Caipitiúil Inrochtaineachta	Iomlán
Bus Éireann	9.1	-	0.1	9.2
Comhairle Cathrach Chorcaí	-	10.4	-	10.4
Comhairle Chontae Chorcaí	-	1.3	-	1.3
Bus Átha Cliath	0.1	-	0.1	0.2
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	6.8	-	-	6.8
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	2.6	-	-	2.6
Comhairle Contae Fhine Gall	1.2	-	-	1.2

Comhairle Cathrach na Gaillimhe	-	0.8	-	0.8
Iarnród Éireann	12.9	-	1.1	14.0
Comhairle Chontae Chill Dara	1.2	-	-	1.2
Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh	-	2.0	-	2.0
Ollscoil Mhá Nuad	0.2	-	-	0.2
Comhairle Chontae na Mí	3.0	-	-	3.0
An tÚdarás Náisiúnta Iompair	103.3	1.0	2.6	106.9
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	2.0	-	-	2.0
Bonneagar Iompair Éireann	80.7	0.1	-	80.8
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge	-	2.6	-	2.6
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	0.5	-	-	0.5
Iomláin	223.6	18.2	3.9	245.7

Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath

I bPlean Comhtháite Forfheidhmithe an Údaráis le haghaidh Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath 2013 - 2018, leagtar amach an clár infheistíochta bonneagair atá le saothrú thar ré an Phlean faoi na ceithre fhochlár seo a leanas:

» Iarnród Trom;
» Iarnród Éadrom;
» Bus; agus
» Iompar Inbhuanaithe Comhtháite.

Tábla 17– Clár Caipitiúil Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath

Fochlár	Caiteachas (€ milliún)
Iarnród Trom	13.1
Iarnród Éadrom	82.7
Bus	97.5
Iompar Inbhuanaithe Comhtháite	30.2
Iomlán	223.5

Iarnród Trom

Faoin bhfochlár seo, tugtar maoiniúchán d'Iarnród Éireann chun bonneagar iarnróid a chothabháil agus a fhorbairt i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath.

Leathnú an DART

I gcomhar le hIarnród Éireann, lean an tÚdarás den chéim réamhphleanála de Chlár Leathnaithe an DART. Rinneadh dul chun cinn ar na gnéithe seo a leanas:

» Rinneadh Staidéar Éilimh Iompair i leith Chlár Leathnaithe an DART a chur i gcrích agus ba é a bhí i gceist leis sin ná múnlú agus measúnú forleathan iompair i ndáil le Clár Leathnaithe an DART.

» Cuireadh tús le staidéar feabhsaithe Stáisiún Uí Chonghaile chun measúnú a dhéanamh ar na roghanna ionchasacha maidir le hathruithe agus feabhsuithe ardáin ag Stáisiún Uí Chonghaile agus ar leagan amach na rianta agus na n-acomhal a fhónann do Stáisiún Uí Chonghaile chun barrfheabhsú a dhéanamh ar acmhainneacht an stáisiúin déileáil le traenacha a théann tríd an stáisiún nó a chríochnaíonn a dturas sa stáisiún, is é sin, traenacha ó na 4 bhealach ghathacha ceangail dá bhfónann an Líne Thuaidh, Líne Mhaigh Nuad, Líne Thollán Pháirc an Fhionnuisce agus an Líne Thoir-Theas;

» Cuireadh tús le staidéar faoi roghanna maidir le Stáisiún Cheantar na nDugaí ar staidéar é chun measúnú a dhéanamh i dtaobh na roghanna ionchasacha i leith leathnú Stáisiún Cheantar na nDugaí, lena n-áirítear an rogha i leith an stáisiún a athshuíomh chun fónamh ar bhealach níos fearr do limistéar an IFSC/Cheantar na nDugaí;

» Cuireadh tús le staidéar iompair ar Líne Mhaigh Nuad chun measúnacht a dhéanamh ar na himpleachtaí iompair a bhain le dúnadh buan crosairí comhréidhe ar líne Mhaigh Nuad agus chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar shreabhadh coisithe/rothaithe agus ar shreabhadh feithiclí sa timpeallacht in aice láimhe;

» Críochnaíodh staidéar ceangail Líne Chill Dara a rinneadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na roghanna maidir le Líne Chill Dara a cheangal de scéim Leathnaithe an DART agus ceangal a dhéanamh le Tollán Pháirc an Fhionnuisce, agus réiteach comhtháite a bheith ann ina gcuimseofaí riachtanais láithreacha Chlár Leathnaithe an DART, mar aon le foráil a d'fhágfadh go bhféadfaí forbairt a dhéanamh amach anseo ar thionscadal DART Fothalún; agus

» Cuireadh tús le conradh seirbhíse comhairlí maidir le flít iarnróid chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh straitéis fhoriomlán maidir leis an bhflít iarnróid, ar straitéis í a bhainfeadh leis an tréimhse suas go dtí an bhliain 2038, chun anailís a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla roghanna tiomána atá ar fáil agus chun measúnacht a dhéanamh ar a n-oiriúnacht maidir le seirbhísí comaitéireachta a oibriú i réigiún Bhaile Átha Cliath agus i réigiún Chorcaí, b'fhéidir, agus chun forbairt a dhéanamh ar shonraíocht mhionsonraithe don fhlít chuí ar sonraíocht í a bheadh le húsáid sa phróiseas tairisceana ina dhiaidh sin.

Tionscadal Athchomharthaíochta Lár Chathair Bhaile Átha Cliath (CCRP)

Tá CCRP ina chuid lárnach d'uasghrádú na seirbhísí iarnróid comaitéireachta do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath. Tá sé ceaptha chun teicneolaíocht chomharthaíochta soladstaide comhghlasála (SSI) ríomhaire-rialaithe a chur ina ionad an chórais comharthaíochta chruashreangaithe atá as dáta. Tá an togra roinnte ina cheithre chéim idirghaolmhara ionas gur féidir iad a bhainistiú go héasca.

Leanadh den obair ar chéimeanna 2, 3 agus 4 i rith na bliana 2018 agus, tríd is tríd, críochnaíodh an obair ar Chéimeanna 2 agus 3.

An tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha

Leanadh den obair dhearthóireachta agus phleanála i leith Ionad Náisiúnta nua-aimseartha Rialaithe Traenacha a fhorbairt, ar ionad é ina ndéanfar rialú comharthaíochta agus cumarsáide a chomhtháthú ar fud an líonra iarnróid ina iomláine, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann trácht iarnróid a bhainistiú ar an dóigh is fearr agus is féidir. Cuireadh bailchríoch ar réamhdhearadh an Ionaid Rialaithe agus riachtanais dhóchúla gníomhaireachtaí ionchasacha eile a d'fhéadfadh a bheith lonnaithe sa suíomh céanna á gcur san áireamh. Ar bhonn ab réamhdhearadh, rinneadh dul chun cinn maidir leis an dearadh foirgníochta mionsonraithe.

Cuireadh bailchríoch ar shonraíocht na riachtanas teicniúil don chóras bainistíochta tráchta agus cuireadh tús leis an bpróiseas tairisceana.

Críochnaíodh cás gnó mionsonraithe an tionscadail, rinneadh athbhreithniú neamhspleách air agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt é lena cheadú.

Iarnród Éadrom

Luas Traschathrach

Leanadh de roinnt gníomhaíochtaí tógála críochnaitheacha sa bhliain 2018, ar gníomhaíochtaí iad inar áiríodh mionoibreacha réitithe fabhtanna agus roinnt oibreacha nach raibh bainteach le rianta.

Fuarthas seacht gcinn nua de thramanna 55 mhéadar mar chuid de thionscadal 'Luas Traschathrach' agus tosaíodh ar úsáid a bhaint astu ar an Líne Ghlas fhadaithe i rith mhíonna tosaigh na bliana. Mar thoradh ar an acmhainneacht bhreise sin, agus ar mhionchoigeartú socruithe éagsúla maidir le hacomhail agus comharthaíocht tráchta, bhíothas in ann seirbhís mhórfheabhsaithe iompair phoiblí a soláthar ar fud chonair iomlán na líne.

Uasghrádú Bonneagair ar Líne Ghlas Luas

Mar thoradh ar mhéadú ar an líon paisinéirí, agus ar chur i bhfeidhm 'Luas Traschathrach, is gá acmhainneacht bhreise paisinéara a chur ar fáil ae Líne Ghlas Luas.

Trí thionscadal Uasghrádaithe Líne Ghlas Luas, déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas:

» 26 cinn de na tramanna 43 mhéadar atá á n-oibriú ar an Líne Ghlas faoi láthair a thiontú ina dtramanna 55 mhéadar;

» 8 dtram 55 mhéadar nua a fháil chun seirbhís níos minice a chumasú; agus

» Iosta Áth an Ghainimh a mhéadú le gur féidir na tramanna 55 mhéadar a chothabháil.

I rith na bliana, cuireadh tús le monarú na méaduithe tram agus rinneadh an t-ordú le haghaidh 8 dtram 55 mhéadar breise.

MetroLink

Leanadh den obair ar an staidéar ar roghnú roghanna agus ar réamhchéim na dearthóireachta agus an phleanála le haghaidh thionscadal MetroLink atá ceaptha chun seirbhísí iarnróid ard-acmhainneachta agus ardmhinicíochta a chur ar fáil idir Sord agus deisceart na cathrach.

I mí an Mhárta, cuireadh tús le comhairliúchán poiblí faoi scéim MetroLink agus iarradh ar an bpobal aiseolas a thabhairt faoin mBealach Is Dealraithí a Roghnófar. Sna tograí a foilsíodh, sainaithníodh go raibh roinnt cinntí dearthóireachta i leith an tionscadail á mbreithniú fós . Ina measc siúd, áiríodh an méid seo a leanas: -

» Cumraíocht an Tolláin: dhá thollán nó aon tollán amháin;

» Suíomh an iosta agus trasnú mhótarbhealach an M50; agus

» Ardú an ailínithe feadh bhóthar an R132 ag Sord.

Faoi dheireadh na tréimhse comhairliúcháin bhí tuairim is 8,000 aighneacht faighte. Athbhreithníodh na haighneachtaí sin go cúramach agus rinne an mheitheal dearthóireachta measúnacht ar an bhféidearthacht i leith athruithe éagsúla a dhéanamh ar an scéim chun aghaidh a thabhairt ar chuid mhór de na saincheisteanna a ardaíodh. Bhí obair fhorleathan ar siúl i rith an chuid eile den bliain maidir le hathbhreithniú agus mínsgacadh na dtograí, agus é mar chuspóir ag an obair sin ná tograí leasaithe a chur ar aghaidh i ndáil leis an scéim.

Bus
BusConnects Dublin

Is é atá in BusConnects ná plean chun claochlú bunúsach a dhéanamh ar chóras bus Bhaile Átha Cliath le go mbeidh comaitéireacht bhus ina rogha inmharthana tharraingteach d'fhostaithe, do mhic léinn, do shiopaeirí agus do chuairteoirí. Tá sé mar aidhm aige athchóiriú iomlán a dhéanamh ar an gcóras reatha busanna i réigiún Bhaile Átha Cliath tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: -

» Líonra conairí bus 'den chéad ghlúin eile' a thógáil ar na bealaí bus is gnóthaí le go mbeidh turais bhus níos tapa, níos intuartha agus níos iontaofa;

» Athdhearadh iomlán a dhéanamh ar an líonra bealaí bus chun líonra níos éifeachtúla a chur ar fáil, chun níos mó áiteanna a nascadh le chéile

agus chun líon níos mó paisinéirí a iompar;

- Córas ticéadaithe den scoth a fhorbairt, ar córas é ina n-úsáidfí cártaí creidmheasa nó dochair nó fóin phóca chun dul i gceangal le cuntais íocaíochta agus le go mbeidh an modh íocaíochta i bhfad níos áisiúla;
- Córas íocaíochta gan airgead tirim a chur i bhfeidhm amanna dul ar bord ag paisinéirí a luathú go mór;
- Athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras táillí le go mbeidh struchtúr táillí níos simplí ann le gur féidir dul ó sheirbhís iompair amháin go seirbhís eile go héasca gan aon phionós airgeadais a bheith ann;
- Libhré nua bus a sholáthar, rud a thabharfaidh cuma úrnua don chóras nua busanna;
- Stadanna bus nua a chur ar fáil, mar aon le comharthaíocht agus faisnéis níos fearr, agus méadú a dhéanamh ar an líon scáthlán bus atá ann; agus
- Athrú a dhéanamh chuig flít nua busanna a úsáideann feithiclí ina bhfuil teicneolaíochtaí íseal-astaíochta.

I mí Iúil, d'fhoilsigh an tÚdarás tograí tosaigh maidir le líonra athbhreithnithe seirbhísí ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath agus lorgaíodh aiseolas agus moltaí maidir leis na dréachtphleananna. Chuathas i mbun próiseas cuimsitheach comhairliúcháin i ndáil leis na tograí sin agus gné thábhachtach den phróiseas cumarsáide agus caidrimh ab ea 33 imeacht faisnéise poiblí a reáchtáil ar fud limistéar geografach iomlán Bhaile Átha Cliath, agus Cill Dara, Cill Mhantáin agus an Mhí san áireamh. An tÚdarás a d'óstáil na himeachtaí sin agus bhí pearsanra de chuid an Údaráis agus Bhus Átha Cliath ar fáil chun míniú a thabhairt ar na tograí agus chun freagraí a thabhairt ar fhiosruithe. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, bhíothas in ann gabháil do chomhráite mionsonraithe le daoine den phobal agus bhí os cionn 15,000 duine in ann dul i dteagmháil i bpearsa leis na sainmheithleacha ar leibhéal áitiúil.

Cuireadh an fhaisnéis fhoilsithe go léir ar fáil ar shainláithreán gréasáin BusConnects. De bhreis air sin, bhí feachtas faisnéise poiblí ann chun tacú leis an bpróiseas comhairliúcháin agus cuireadh póstaeir in airde ar bhusanna agus i scáthláin bhus chomh maith le fógráin raidió a bheith ann á chur in iúl do dhaoine go raibh an comhairliúchán ar siúl agus á spreagadh dóibh páirt a ghlacadh ann. Rinneadh suíomh agus dáta gach imeachta phoiblí a fhógairt roimh ré freisin sna nuachtáin áitiúla agus fógraíodh iad ar láithreán gréasáin BusConnects agus, chomh maith leis sin, cuireadh an fhaisnéis in iúl do gach ionadaí poiblí.

Fuarthas os cionn 30,000 aighneacht, ar figiúr é sin a léiríonn ceann de na freagairtí ab airde riamh, b'fhéidir, i dtaca le próiseas comhairliúcháin phoiblí de. Tar éis na tréimhse comhairliúcháin phoiblí ag deireadh Mheán Fómhair, chuir an tÚdarás tús le hathbhreithniú agus le measúnú na n-aighneachtaí go léir.

Tionscadal ar leith faoi Chlár foriomlán BusConnects Dublin is ea tionscadal na gCroíchonairí Bus lena ngabhann forbairt tograí le haghaidh lánaí feabhsaithe bus feadh na bpríomhchonairí bus a théann isteach i gCathair Bhaile Átha Cliath. Rinneadh an obair ar shainaithint na mbealaí is dealraithí a roghnófar do na Croíchonairí Bus gathacha a chur i gcrích i rith na bliana. San iomlán, tá sé chonair déag á moladh lena bhforbairt. Rinneadh ábhar comhairliúcháin phoiblí do na Croíchonairí Bus gathacha go léir a ullmhú roimh an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí ar cuireadh tús leis i mí na Samhna 2018. Tá an comhairliúchán poiblí faoi na conairí bus gathacha á dhéanamh ar bhonn céimnithe agus cuireadh tús leis an gcéad cheithre chonair i mí na Samhna.

Athnuachan Fhlít Busanna Réigiún Bhaile Átha Cliath

San iomlán, cheannaigh an tÚdarás 205 bhus do réigiún Bhaile Átha Cliath agus tosaíodh ar úsáid a bhaint astu i rith na bliana. Chuimsigh sé sin busanna a chur ar fáil do Bhus Átha Cliath agus, ina theannta sin, do Go-Ahead Ireland a thosaigh ag oibriú bealaí airithe i réigiún Bhaile Átha Cliath i rith na bliana 2018.

San iomlán, seachadadh 141 bhus dhá urlár ar Bhus Átha Cliath i rith na bliana chun ionad feithiclí a raibh a ré caite a ghlacadh agus, ina theannta sin, chun ionad 61 fheithicil ón bhflít a bhí ann a ghlacadh, is é sin, feithiclí a tugadh ar ais don Údarás lena n-aistriú chuig Go-Ahead Ireland.

I gcás Go-Ahead Ireland, rinneadh 64 bhus nua, inar áiríodh 24 bhus dhá urlár agus 40 bus aon urlár amháin, a sheachadadh ar Go-Ahead lena n-oibriú ar sheirbhísí ar conradh. Forlíonadh an méid sin le haistriú 61 bhus dhá urlár a bhí ann cheana féin ó Bhus Átha Cliath agus rinneadh busanna nua a bhí ceannaithe ag an Údarás mar chuid den 141 fheithicil dá dtagraítear thuas a chur in ionad an 61 bhus sin.

Athnuachan Fhlít na mBusanna/gCóistí Réigiúnacha

Tá roinnt cineálacha éagsúla bus ann i bhflít na mbusanna agus na gcóistí réigiúnacha. San iomlán, fuarthas 83 fheithicil i rith na bliana le haghaidh seirbhísí a oibríonn Bus Éireann. Chuimsigh an líon iomlán sin 25 bhus dhá urlár, 8 mbus aon urlár amháin, 18 gcóiste dhá urlár agus 32 bhus meánmhéide. Fuarthas cúig cinn de bhusanna meánmhéide chun seirbhísí nua baile a sholáthar i gCill Chainnigh.

Tábla 18 - Busanna/Cóistí nua a seachadadh do Sheirbhísí Bhaile Átha Cliath agus do Sheirbhísí Réigiúnacha

An tOibritheoir	2017	2018
Bus Átha Cliath	102	141
Bus Éireann	76	83
Seirbhís Chill Chainnigh	0	5
Go-Ahead	0	64
Iomláin	178	293

Páirceáil Cóistí

Rinneadh cóiste-chlós nua eas-sráide i gCeantar na nDugaí, Baile Átha Cliath, ina bhfuil spás le haghaidh caoga feithicil, a oscailt lena úsáid i mí Eanáir. Is iad na muirir a ghearrtar ar oibritheoirí bus a úsáideann an cóiste-chlós €10 le haghaidh tréimhse pháirceála suas go 3 huaire an chloig agus €15 le haghaidh tréimhse pháirceála níos mó ná 3 huaire an chloig aon lá áirithe. Tá córas curtha i bhfeidhm chun íocaíochtaí gan airgead tirim ag oibritheoirí bus a éascú.

I bhfianaise theacht i ngníomh an chóiste-chlóis, rinne an Chomhairle Cathrach athbhreithniú ar Fhodhlíthe Rialaithe Loctha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2014 agus é mar chuspóir amháin a bhain leis an athbhreithniú sin ná breithniú a dhéanamh i

dtaobh muirir pháirceála a thabhairt isteach do bhusanna/chóistí a úsáideann spásanna páirceála ar an tsráid.

Scáthláin Bhus

Rinneadh tionscadal feabhsaithe chaighdeán an tsoilsiúcháin agus na héifeachtúlachta fuinnimh ag scáthláin bhus a chur i gcrích i mí Aibreáin. Mar chuid de na feabhsúcháin áiríodh úsáid teicneolaíochta cliste chun rialáil a dhéanamh ar an méid fuinnimh a úsáidtear, rud a chinntíonn nach mbíonn soilse na scáthlán ar lasadh ach amháin idir luí na gréine agus éirí na gréine. Mar thoradh ar an uasghrádú, tá laghdú 88% tagtha ar úsáid fuinnimh ag scáthláin bhus agus is ionann sin agus a rá go bhfuil sábháil níos mó ná 1,000 tona d'astaíochtaí carbóin ann in aghaidh na bliana.

De bhreis ar shuiteáil scáthlán nua bus, rinneadh feabhsuithe agus deisiúcháin shealadacha ar chuid mhór scáthlán mar chuid de chlár leanúnach feabhsuithe scáthlán bus.

Iompar Inbhuanaithe Comhtháite

Tacaíonn an fochlár seo le raon leathan tograí i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath agus i gcathracha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge, agus dírítear go háirithe ar na nithe seo a leanas a fhorbairt:

» Bonneagar iompair inbhuanaithe i gceantair uirbeacha; agus

» Bearta comhtháite amhail Cárta Leap TFI, Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí agus Pleanálaí Náisiúnta Turas TFI, ar nithe iad sin a éascaíonn taisteal gan dua ar chórais éagsúla iompair phoiblí.

I rith na bliana, cuireadh roinnt tionscadal tábhachtach i gcrích tríd an gClár, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

» Droichead Newcomen - Droichead Breise do Choisithe/Rothaithe (Cathair Bhaile Átha Cliath);

» Saoráidí rothaíochta agus bus ag Bóthar Wyattville/R118 (Dún Laoghaire-Ráth an Dúin);

» Scéim na Conaire Thuaidh Theas (Maigh Nuad, Co. Chill Dara);

» Droichead starrmhaide a sholáthar do rothaithe agus do choisithe (An Uaimh, Co. na Mí);

» Oscailt margaidh Bus i leith Bonneagar Stadanna Bus (Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath Theas);

» Straitéis Ghluaiseachta Chathair Chorcaí - Conair Bhus Shráid Phádraig (Cathair Chorcaí);

» Páirceáil Rothair ar an tsráid, céimeanna breise (Lár Chathair Bhaile Átha Cliath);

» Acomhal CSO, Conair Straitéiseach Bhóthar na Sceiche Airde (Cathair Chorcaí);

» Céim Rothaíochta 2 agus 3 Ghleann an Bhaile Bhric (Contae Chorcaí); agus

• Rochtain dheighilte ar Bhealach Rothaíochta Mhachan (Corcaigh).

De bhreis ar dhá staidéar leanúnacha (Straitéis Chomharthaíochta le haghaidh Charrchlóis Bhaile Átha Cliath; athbhreithniú ar Bhealach Rothaíochta na Life), choimisiúnaigh an tÚdarás staidéar ar Thrasnú na Life i gCill Droichid chun bearta áitiúla a shainaithint a thacódh le hiompar inbhuanaithe i gcomharsanacht an droichid trasnaithe amháin sa sráidbhaile.

Tá an caiteachas agus na haschuir a soláthraíodh leagtha amach i dTáblaí 19 agus 20 faoi seach.

Tábla 19 - Caiteachas ar bhearta inbhuanaithe iompair i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath

	Bus	Siúl/ Rothaíocht	Sábháilteacht	Bainistíocht Tráchta	Eile	Iomlán
Caiteachas (€m)	1.3	13.4	0.0	2.8	0.0	17.5
An cion den chaiteachas iomlán (%)	7%	77%	0%	16%	0%	100%

Tábla 20 - Bearta inbhuanaithe iompair i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath

An Comhlacht Forfheidhmithe	Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Comhairle Contae Fhine Gall	Comhairle Chontae na Mí	Comhairle Chontae Chill Dara	Iomlán
Cosáin nua (méadair)	855	2,899	100	0	295	406	4,555
Cosán/rian rothaíochta comhroinnte (méadair)	0	122	0	0	147	320	589
Glasbhealach (méadair)	0	0	0	0	0	0	0
Lánaí/rianta nua rothaíochta (méadair)	699	2,000	0	0	0	55	2,754
Lánaí nua bus (méadair)	0	0	0	0	0	0	0
Maolú tráchta (méadair)	0	0	0	0	0	0	0
Feabhsuithe ag stadanna bus (an líon)	0	17	13	0	0	0	30
Feabhsuithe ag acomhail tráchta (an líon)	1	3	0	0	2	1	7
Timpealláin (an líon)	0	0	0	0	0	0	0
Racaí Páirceála Rothar (an líon)	738	250	0	0	0	0	988
Trasnaithe Coisithe/ Toucan a soláthraíodh (an líon)	7	1	0	8	6	1	23
Trasnuithe Droichid (an líon)	0	0	0	0	1	0	1

Tábla 21 - Caiteachas ar bhearta inbhuanaithe iompair i gcathracha réigiúnacha

	An Líonra Bus	Siúl & Rothaíocht	Bainistíocht Tráchta	Comhtháthú / Tacaíocht	Sábháilteacht	Tionscadail Eile	Iomlán
Caiteachas (€ million)	2.8	8.2	4.1	0.1	0.1	2.0	17.2
An cion den chaiteachas iomlán (%)	16.3%	47.7%	23.8%	1%	0.6%	11.6%	100%

Tábla 22 - Bearta inbhuanaithe iompair a cuireadh i bhfeidhm i gcathracha réigiúnacha[4]

An tÚdarás Áitiúil	Comhairle Cathrach Chorcaí	Comhairle Chontae Chorcaí	Iomlán
Cosáin nua (méadair)	4,680	3,861	8,541
Cosán/rian rothaíochta comhroinnte (méadair)	800	925	1,725
Lánaí/rianta nua rothaíochta (méadair)	195	0	1,195
Lanaí nua bus (méadair)	1,547	0	1,547
Feabhsuithe ag stadanna bus (an líon)	13	0	13
Feabhsuithe ag acomhail tráchta (an líon)	10	0	10
Trasnaithe Coisithe/Toucan a soláthraíodh (an líon)	17	0	17

3. Bhain formhór an chaiteachais seo le hoibreacha i stáisiún traenach an Cheanntaigh (Corcaigh) agus i stáisiún iarnróid Colbert (Luimneach)
4. Níor cuireadh aon bhearta i bhfeidhm i nGaillimh, i Luimneach ná i bPort Láirge sa bhliain 2018

Clár Inrochtaineachta Iompair Phoiblí

Bhí na heilimintí seo a leanas san áireamh sa chlár inrochtaineachta i leith oibreacha iarfheistithe a rinneadh i rith na bliana.

Iarnród

Sa bhliain 2018, cuireadh feabhsuithe inrochtaineachta i gcrích sna stáisiúin iarnróid seo a leanas:

» Líne Bhaile Átha Cliath - Shligigh – Sligeach, Meathas Troim, An Longfort, Dromad, Cora Droma Rúisc, Mainistir na Búille, Baile an Mhóta, Cúil Mhuine

» Líne Bhaile Átha Luain - Chathair na Mart/Bhéal an Átha – Ros Comáin, An Caisleán Riabhach, Béal Átha hAmhnais, Clár Chlainne Mhuiris, Béal Easa, Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart

» Líne Mhala-Thrá Lí - An Ráth Mhór, Bántír, Sráid an Mhuilinn, Cill Airne, An Fearann Fuar, Trá Lí

» Líne Bhaile Átha Cliath - Loch Garman - An tInbhear Mór, Guaire, Inis Córthaidh, Loch Garman, Trá Ros Láir, Calafort Ros Láir

Bhí an próiseas i leith dearadh mionsonraithe agus iarratas pleanála le haghaidh droichid choisí, rampaí agus/nó ardaitheoirí i stáisiúin traenach Cheatharlach, Inse, Chaisleán Cnucha agus Mheathas Troim beagnach críochnaithe.

Bus Éireann

I gcomhar le Bus Éireann agus le húdaráis áitiúla iomchuí, lean an tÚdarás dá ullmhúcháin maidir le stadanna bus atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a chur ar fáil ar bhonn náisiúnta.

Tógadh stad bus atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí sa Chlochán, Co. na Gaillimhe, agus rinneadh oibreacha dearthóireachta agus ullmhúcháin i ndáil le stadanna bus atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí i mBaile Átha Fhirdhia, Co. Lú, i mBaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin, agus i mbaile Dhún na nGall chomh maith le hobair mhionsonraithe maidir le dearadh agus próiseas tairisceana le haghaidh oibreacha i stáisiúin bhus sa Chabhán, i Muineachán agus i nDroichead Átha.

De bhreis air sin, chun pleanáil i leith an chláir inrochtaineachta amach anseo a éascú, rinneadh iniúchtaí ar oiriúnacht do chathaoireacha rothaí a chur i gcrích i ngach stáisiún bus i mbailte ar mó ná 5,000 a ndaonra.



Tacsaithe agus Hacnaithe

Den chúigiú bliain i ndiaidh a chéile, thairg an tÚdarás deontais chun cabhrú le hoibritheoirí tacsaí agus hacnaí feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a cheannach nó feithiclí caighdeánacha a athrú chun paisinéirí i gcathaoireacha rothaí a iompar. Mar thoradh

air sin cuireadh 679 bhfeithicil atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí leis an bhflít tacsaithe agus hacnaithe agus uasghrádaíodh ceadúnais 82 fheithicil atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí, rud a d'fhág gurbh é a bhí i líon iomlán na bhfeithiclí sin ná 2,220 nó 10.7% den fhlít.

An Clár Cúnaimh Taistil

Lean an tÚdarás de thacaíocht a thabhairt don scéim chúnaimh taistil a bhíonn á bainistiú ag Bus Átha Cliath. Is é is aidhm don scéim ná cuidiú le daoine atá faoi mhíchumas muinín a bheith acu i leith iompar poiblí a úsáid.

Faoin scéim seo, is féidir le cúntóir dul in éineacht le daoine a bhfuil cuidiú de dhíth orthu maidir le húsáid a bhaint as iompar poiblí agus turas ar Bhus Átha Cliath, ar Luas agus ar an DART a phleanáil. Leithroinneadh níos mó ná €100,000 don scéim sa bhliain 2018.

Scéimeanna Rothar Poiblí

Rinne úsáideoirí na scéimeanna comhroinnte rothar i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Luimneach 338,358 dturas i rith na bliana agus bhí an líon an-ghar do líon na dturas sa bhliain 2017.

Cheiliúr an scéim comhroinnte rothar a 1 mhilliúnú turas i gCorcaigh i rith na bliana 2018. Mar thoradh ar leathnú scéim na Gaillimhe sa bhliain 2017, tháinig méadú 64% ar an líon turas a rinneadh i nGaillimh sa bhliain iomlán oibriúcháin 2018. Ach tháinig laghdú ar an úsáid i gCorcaigh (3.4%) agus i Luimneach (14.5%).

San iomlán, mheall na scéimeanna níos mó ná 2,981 úsáideoir nua sa bhliain 2018.

Osclaíodh dhá stáisiún rothar breise i mí na Samhna i Stáisiún Iarnróid an Cheanntaigh i gCathair Chorcaí.

Tábla 23 - Scéimeanna Rothar Poiblí (úsáid)

An Chathair	An líon iomlán turas sa bhliain 2017	An líon iomlán turas sa bhliain 2018
Corcaigh	281,266	271,581
Gaillimh	23,758	39,005
Luimneach	32,481	27,772
Iomlán	337,505	338,358

Tábla 24 - Scéimeanna Rothar Poiblí (ballraíocht)

An cineál ballraíochta	Ballraíocht iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2017	Ballraíocht iomlán ag deireadh mhí na Nollag 2018
Corcaigh	11,278	13,464
Gaillimh	3,312	3,843
Luimneach	2,955	3,199
2 nó 3 chathair le chéile	229	251
Iomlán	17,774	20,757

Cláir ‘Taisteal Níos Cliste’

Is é atá i gceist le hIonaid Oibre ‘Taisteal Níos Cliste’ agus Campais ‘Taisteal Níos Cliste’ ná cláir náisiúnta dheonacha athraithe iompraíochta trína dtugtar tacaíocht d’fhostóirí móra agus d’institiúidí tríú leibhéil i leith pleananna taistil inbhuanaithe d’fhostaithe agus do mhic léinn faoi seach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

I rith na bliana, chuir an tÚdarás lena thacaíocht do bhraislí páirceanna gnó (go háirithe i gcathracha Chorcaí agus na Gaillimhe), áiteanna ina raibh plódú tráchta ag teacht chun bheidh ina shaincheist thábhachtach d’fhostóirí agus don IDA.

D’eagraigh, agus reáchtáil, an tÚdarás imeachtaí chun athruithe ar iompraíocht i dtaca le taisteal de a spreagadh agus a chur chun cinn in eagraíochtaí rannpháirteacha. I measc na n-imeachtaí sin áiríodh dúshláin siúil agus rothaíochta chomh maith le seimineáir agus scéimeanna gradam.

Clár Taistil na Scoileanna Glasa

Thug Oifigigh Chlár Taistil na Scoileanna Glasa cuairt ar 1,964 scoil i rith na bliana. San iomlán, rinneadh 111 iniúchadh ‘insiúltacht’ agus cuireadh na torthaí faoi bhráid na n-údarás scoile iomchuí.

Bronnadh Bratach Ghlas ar 193 scoil i leith an téama taistil, rud a rinneadh mar aitheantas dá rath maidir le taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

I mí Feabhra, d’fhreastail tuairim is 5,000 daltaí bunscoile agus meánscoile ar Thaispeántas Gníomhaíochta Aeráide na Scoileanna Glasa. Thug an tÚdarás agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tacaíocht don Chrios Taistil ag an Taispeántas.

Reáchtáil Scoileanna Glasa roinnt imeachtaí náisiúnta arís chun spreagadh a thabhairt do leanaí scoile a bheith gníomhach agus iad ag dul ar scoil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

» An Dúshlán Taistil MÓR i rith mhí Feabhra;
» Seachtain Náisiúnta ‘Dul ar Scoil ar Scútar’ i mí an Mhárta, ar ghlac os cionn 2,000 rannpháirtí páirt ann; agus
» Seachtain Náisiúnta ‘Siúl ar Scoil’ i mí Bhealtaine, ar ghlac os cionn 20,000 rannpháirtí páirt ann.

Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí

Sa bhliain 2018 tháinig deireadh leis an laghdú ar an líon tiománaithe sa fhlít

Réamhrá

Cuimsíonn earnáil na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí (SPSV) tacsaithe, hacnaithe agus feithiclí limisín, mar aon lena dtiománaithe.

Ceadúnú Tiománaithe

I mí Feabhra, lainseáil an tÚdarás feachtas earcaíochta tiománaithe tascaí mar fhreagairt i leith an laghdaithe ar líon na dtiománaithe san earnáil SPSV le blianta beaga anuas.

Faoi dheireadh na bliana:

» Bhíothas tar éis 1,205 thiománaí nua a earcú, ar figiúr é sin a léiríonn méadú 47% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin;

» Ceadúnaíodh 26,405 thiománaí, rud a léiríonn méadú foriomlán 2% i gcomparáid leis a mbliain roimhe sin.

Ceadúnú Feithiclí

Is é an tÚdarás an t-údarás ceadúnúcháin le haghaidh oibritheoirí feithiclí agus seolta. Áiríonn sé sin bronnadh agus athnuachan na gceadúnas d'oibritheoirí feithiclí agus seolta, mar aon le gach gníomhaíocht ghaolmhar maidir le ceadúnú, cigireacht feithicle, cúrsaí teicniúla agus cúrsaí comhlíontachta. Ní mór na ceadúnais sin a athnuachan ar bhonn bliantúil ar a laghad, rud a ligeann don Údarás faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na bhfeithiclí agus cháilíocht na seirbhíse a sholáthraítear.

I measc na gceanglas a bhaineann le ceadúnú tacsaithe agus hacnaithe áirítear ceanglais á rá nach mór feithiclí nua atá á dtabhairt isteach sa fhlít a bheith oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus nach mór gach feithicil a bheith i gcomhréir le srianta áirithe maidir le haois.

Faoi dheireadh na bliana, bhí sprioc an Údaráis i leith méadú 10% ar an gcion feithiclí sa fhlít SPSV atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a bhaint amach faoin mbliain 2020 sroichte agus bhí méadú níos airde ná sin ann.

Tábla 25 - Catagóirí ceadúnais feithicle sa fhlít SPSV ar an 31 Nollaig 2018

An Cineál Ceadúnais	Tacsaithe Caighdeánacha	Tacsaithe atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí	Hacnaithe Caighdeánacha	Hacnaithe atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí	Hacnaithe Ceantair Áitiúil	Limisíní	Iomlán
An Líon	15,064	2,115	1,477	105	13	1,959	20,733
An cion den líon iomlán (%)	72.7%	10.2%	7.1%	0.5%	0.1%	9.4%	100%

Scéim Deontais i leith Feithiclí Leictreacha

Ba í an bhliain 2018 an chéad bhliain inar oibríodh scéim deontais eSPSV a bhí ceaptha chun spreagadh a thabhairt d'oibritheoirí nua agus d'oibritheoirí láithreacha tacsaí agus hacnaí i ndáil le feithiclí leictreacha agus feithiclí íseal-astaíochta a fháil. Tá an scéim deontais á hoibriú ag an Údarás thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

San iomlán, rinneadh 44 íocaíocht deontais i rith na bliana 2018, is é sin, 41 deontas i leith feithiclí leictreacha hibride inluchtaithe agus trí dheontas i leith feithiclí leictreacha cadhnra

Gníomhaíocht maidir le Comhlíonadh

Gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin

Lean meitheal chomhlíontachta tacsaithe an Údaráis, ina bhfuil 23 oifigeach agus a oibríonn ar bhonn náisiúnta, de bhéim a leagan ar bhearta oideachais, díspeagtha agus forfheidhmiúcháin d'fhonn ardleibhéil chomhlíontachta i leith an chreata rialála a choimeád ar bun i measc oibritheoirí SPSV. Áiríodh an méid seo a leanas i measc na ngníomhaíochtaí comhlíontachta:

» Seiceálacha maidir le ceadúnú feithiclí agus tiománaithe;

» Iniúchtaí ar thaobh an bhóthair maidir le feithiclí agus tiománaithe, lena n-áirítear rannpháirtíocht in oibríochtaí comhlíontachta ilghníomhaireachta in éineacht le gníomhaoreachtaí eile amhail an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Roinn Coimirce Sóisialaí; agus

» Gearáin ó thomhaltóirí a imscrúdú.

Rinneadh beagnach 200,000 seiceáil maidir le ceadúnú feithiclí agus tiománaithe i rith na bliana i leith 19,624 fheithicil ar leithligh, ar figiúr é sin a léiríonn cion níos mó ná 93% de na feithiclí ceadúnaithe go léir. Ar bhonn na seiceálacha sin, roghnaigh oifigigh chomhlíontachta 17,610 iniúchadh a dhéanamh ar thaobh an bhóthair. Mar thoradh air sin, eisíodh 1,878 bhFógra Íocaíochta Seasta i ndáil le cionta éagsúla. Ba é ba chúis le heisiúint níos mó ná an tríú cuid de na Fógraí Íocaíochta Seasta go léir ná mainneachtain ag tiománaí mionsonraí faoi fheithicil a bheith á hoibriú a chur in iúl.

Tábla 26 - An líon seiceálacha agus iniúchtaí a rinneadh ar thaobh an bhóthair

Bliain	An Líon Seiceálacha	An Líon Iniúchtaí ar thaobh an Bhóthair	Fógraí Íocaíochta Seasta
2017	151,561	10,959	1,512
2018	199,369	17,610	1,878

Ionchúisimh

- Thionscain an tÚdarás 326 ionchúiseamh mar gheall ar raon cionta.
- Bhain na cionta ba thromchúisí le hoibriú feithiclí neamhcheadúnaithe agus le húsáid tiománaithe neamhcheadúnaithe.
- Tharla níos mó ná an tríú cuid de na hionchúisimh a tugadh ar aghaidh de bharr mhainneachtain ag oibritheoirí Fógraí Íocaíochta Seasta a íoc.
- D'éirigh le níos mó ná 90% de na hionchúisimh a thug an tÚdarás ar aghaidh.

Tábla 27 - Ionchúisimh de réir chatagóir an chiona

Catagóir		Cásanna
Oibritheoir SPSV Neamhcheadúnaithe	Gan Ceadúnas Tiomána a bheith ag tiománaí	57
	Gan Ceadúnas Feithicle a bheith ann	54
	Gan ceadúnas tiománaí ná ceadúnas feithicle a bheith ann	47
	A cheadú tiománaí/feithicil neamhcheadúnaithe a bheith ag oibriú/Mainneachtain taifid chruinne a choimeád	20
	Gan ceadúnas Oibritheora Seolta a bheith ann	5
Mainneachtain Pionós Íocaíochta Seasta a íoc		114
Comhartha tacsaí a chur ar taispeáint go neamhdhleathach		19
Dul thar an líon uasta paisinéirí		6
Mainneachtain an bealach is giorra a ghlacadh		2
Seirbhís SPSV neamhcheadúnaithe a fhógairt		1
Táille os cionn na táille méadraithe/na táille comhaontaithe a ghearradh		1
Iomlán		326

Gearáin ó Thomhaltóirí

Tháinig méadú 14% ar an líon gearán ó thomhaltóirí.

Maidir leis an 1,312 ghearán a fuarthas, ní rabhthas in ann tuairim is 50% díobh a chur ar aghaidh ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear mainneachtain ag gearánaigh faisnéis a sholáthar nó gan iad a bheith toilteanach gníomhú mar fhinné chun críocha ionchúisimh agus, chomh maith leis sin gan dóthain fianaise a bheith ann chun tacú le hionchúiseamh.

Déantar gearáin nach dtagann faoi réim chúraimí an Údaráis a tharchur chuig gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Garda Síochána agus an Oifig um Rialú Tobac.

Tábla 28 - Gearáin faoi sheirbhísí SPSV

An Cineál Gearáin	2017	2018
Iompar, iompraíocht agus aitheantas tiománaí	445	530
Riocht, ródacmhainneacht agus glaineacht feithiclí	72	50
Nithe a bhaineann le fruiliú agus cur in áirithe feithiclí	248	261
Táillí ró-ard a ghearradh nó nithe eile a bhaineann le táillí (gan admháil a eisiúint)	380	468
Aitheantas agus an chuma ghinearálta atá ar fheithiclí, lena n-áirítear fógráin	1	3
Iomlán	1,146	1,312

Teanntáil Feithiclí

Teanntáil Feithiclí

Ba í an bhliain 2018 an chéad bhliain iomlán ina raibh rialáil gníomhaíochtaí teanntála i bhfeidhm sa Stát

Achomhairc

Tá dhá chéim ann sa phróiseas achomhairc maidir le teanntáil feithiclí. Is é atá i gceist leis an gcéad chéim ná achomharc a dhéanamh chuig an oibreoir teanntála. Is é atá i gceist leis an dara céim ná achomharc a dhéanamh chuig an Údarás.

Bhí an líon cásanna a tarchuireadh chuig an Údarás comhsheasmhach ar fud na bliana.

Ba é a bhí sa mheánlíon achomharc dara céim in aghaidh na míosa ná corradh beag le 150 agus ba é a bhí sa mheánlíon gearán in aghaidh na míosa ná 4.

Ach, ós rud é nach bhfuil sonraí den chineál céanna ann don bhliain 2017 ina hiomláine, ní féidir aon treochtaí a shainaithint faoi láthair.

Achomhairc agus Gearáin

I dTáblaí 29 agus 30, taispeántar toradh na n-achomharc agus na ngearán teanntála ar dhéileáil an tOifigeach Achomharc Teanntála leo. Bhí breithniú 106 achomharc agus 73 ghearán fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Tábla 29 - Gníomhaíochtaí maidir le hAchomhairc Theanntála & Gearáin

Achomhairc	An Líon	Gearáin	An Líon
Tugadh ar aghaidh ón mbliain 2017	48	Tugadh ar aghaidh ón mbliain 2017	3
Fuarthas sa bhliain 2018	1,841	Fuarthas sa bhliain 2018	51
Iomlán na bliana 2018	1,889	Iomlán na bliana 2018	54
Cuireadh i gcrích sa bhliain 2018	1,783	Cuireadh i gcrích sa bhliain 2018	47
Cásanna le cinneadh fós ag deireadh na bliana 2018	106	Cásanna le cinneadh fós ag deireadh na bliana 2018	7

Tábla 30 - Achoimre ar Achomhairc Theanntála Dara Céim a Cuireadh i gCrích

An Líon	Torthaí Achomharc Dara Céim				
Iomlán	Tarraingíodh siar[5] ón bPróiseas	Ceadaíodh (Aisíocaíocht Iomlán)	Níor ceadaíodh		
			Níor tugadh aisíocaíocht	Aisíocaíocht Pháirteach	Aisíocaíocht Iomlán
1,783	64	728	978	12	1

Tábla 31 - Achoimre ar Ghearáin Teanntála a Cuireadh i gCrích sa bhliain 2018

An Líon	Torthaí na nGearán			
Iomlán	Tarraingíodh siar[6] ón bPróiseas	Seasadh leo	Seasadh leo go páirteach	Níos seasadh leo
47	4	11	5	27

Measúnú ar Chomhlíontacht maidir le Comharthaíocht

Is eol don Údarás go bhfuil comharthaíocht éifeachtach a chomhlíonann ceanglais na reachtaíochta an-tábhachtach i dtaca le rialáil rathúil an tionscail agus, ina theannta sin, go bhfuil rialáil éifeachtach lárnach i dtaca le heispéiris chóra chomhsheasmhacha a bhaint amach do ghluaisteánaithe.

I mí na Nollag, agus an méid sin á chur san áireamh, choimisiúnaigh an tÚdarás an chéad mheasúnú de chlár measúnaithe comhlíontachta a samhlaítear ina leith gur clár fadtéarma a bheidh ann. Is é is cuspóir don na measúnuithe ná caighdeán comhlíontachta na comharthaíochta in áiteanna teanntála ar fud na tíre a chinneadh.

Tar éis gach measúnú ar leith a dhéanamh, cuirfear tuarascáil chuimsitheach chuig an rialaitheoir páirceála iomchuí agus, ina dhiaidh sin, beidh tréimhse 12 sheachtain ann ar laistigh di nach mór aon chásanna neamhchomhlíontachta a leigheas.

Déanfar gníomhartha forfheidhmiúcháin, más cuí, in aghaidh rialaitheoirí páirceála nach mbeidh na cásanna neamhchomhlíontachta leigheasta acu laistigh den tréimhse 12 sheachtain.

5. Féadfar achomhairc dhara céim a tharraingt siar ón bpróiseas chun dúblú a sheachaint nó i gcás ina gcinneann rialaitheoir páirceála go haontaobhach diúltú maidir le hachomharc céadchéime a fhreaschur sula gcinneann an tOifigeach Achomharc Teanntála an t-ábhar.
6. Féadfar achomhairc dhara céim a tharraingt siar ón bpróiseas chun dúblú a sheachaint.

Gníomhaíochta Eile maidir le Comhlíontacht

Mar chuid dá ról beartaíonn an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh faoi thuairiscí i leith gníomhaíochtaí teanntála neamhdhleathacha a chuirtear faoina bhráid.

I dtrátha dheireadh na bliana, rinne an tÚdarás a chéad oibríocht maidir le comhlíontacht a chur i gcrích chun a fháil amach an raibh gníomhaíochtaí den sórt sin ar siúl. Ach níor éirigh aon ionchúisimh as sin.

Obair Eile

Ón tráth ar tháinig an reachtaíocht maidir le teanntáil i bhfeidhm, tá sé tugtha dá aire ag an Údarás go bhfuil difríochtaí móra ann maidir le tuairisc na gcionta a luann rialaitheoirí páirceála mar bhonn le teanntáil feithiclí.

Chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud an tionscail agus chun cinnteach a chruthú do ghluaisteánaithe, d'fhorbair an tÚdarás tuairisc chaighdeánach le haghaidh cionta, ar tuairisc í atá le húsáid ag rialaitheoirí páirceála agus ag oibreoirí teanntála. Cé nach bhfuil sé éigeantach na tuairiscí caighdeánacha a chur i bhfeidhm, d'fháiltigh an tionscal roimh an obair a rinneadh agus is ceart go rachadh an obair sin chun tairbhe don tionscal agus do ghluaisteánaithe.

Cód Cleachtais

Tá sé de chumhacht ag an Údarás cód cleachtais a bhunú chun treoir phraiticiúil a sholáthar do rialaitheoirí páirceála agus d'oibreoirí teanntála agus, freisin, chun caighdeáin tionscail a bhunú i ndáil le hiompraíocht ghinearálta agus i ndáil le comhlíonadh dualgas. I rith na bliana 2018, rinneadh réamhthaighde chun faisnéis a bhailiú maidir le leagan amach agus ábhar an chóid.

Nithe Corparáideacha i gCoitinne

Nithe Corparáideacha i gCoitinne

Tháinig láithreán gréasáin 'Transport for Ireland' chun bheith ar fáil i nGaeilge

Acmhainní Straitéiseacha

Lean an tÚdarás d'fhaireachán a dhéanamh ar a riachtanais foirne i gcomhthéacs oibríochtaí leanúnacha agus chur i bhfeidhm a chláir straitéisigh.

Uasdátaíodh Plean Straitéiseach Foirne an Údaráis sa bhliain 2018 agus fuarthas ceadú ina dhiaidh sin chun earcaíocht a dhéanamh i ndáil le roinnt post tábhachtach san eagraíocht. D'earcaigh an tÚdarás 25 bhall foirne nua i rith na bliana a raibh róil nua agus róil a bhí ann cheana féin ina measc agus líonadh folúntais a bhí ann mar thoradh ar dhaoine a d'fhág an eagraíocht.

Nochtadh Cosanta

Ní bhfuair an tÚdarás aon nochtadh cosanta i rith na bliana.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Lean cosaint na gcóras TFC ar an mbagairt mhéadaitheach maidir le cibearshlándáil de bheith ina chuid thábhachtach de straitéis TFC agus Slándála an Údaráis. Leagadh béim mhór ar fhormhaoirseacht a dhéanamh ar rialachas slándála na soláthraithe a bhainistíonn ár gcuid córas agus ar dheimhin a dhéanamh de go mbíonn cur chuige comhsheasmhach trédhearcach ann maidir le slándáil agus comhlíontacht.

Tháinig feabhas mór ar oibríochtaí slándála an Údaráis i rith na bliana. Déanann an tÚdarás measúnacht ar fheabhas an n-oibríochtaí sin trí chomparáid a dhéanamh gach bliain le caighdeáin an tionscail agus baintear úsáid as an bpróiseas sin chun feabhsú seasmhach a spreagadh.

Chuaigh an tÚdarás i mbun cláir chun ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh na Treorach maidir le Slándáil Líonraí agus Faisnéise (NIS) a tháinig i bhfeidhm sa bhliain 2018. Tá ról gníomhach comhoibríoch curtha i bhfeidhm ag an Údarás maidir le feabhas a chur ar shlándáil fhoriomlán éiceachóras na n-oibritheoirí iompair agus d'oibrigh sé le hoibritheoirí iompair chun feabhsuithe slándála a chur chun cinn, chun comhlíontacht GDPR (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus chun formhaoirseacht a dhéanamh ar obair Iarnród Éireann i leith teacht chun bheith comhlíontach i dtaca le Treoir NIS de.

Leanann an tÚdarás d'fheachtais leanúnacha maidir le feasacht slándála a reáchtáil agus, gach bliain, soláthraíonn sé oiliúint don fhoireann go léir i ndail le cúrsaí slándála agus cosaint sonraí. Shuiteáil an tÚdarás roinnt feabhsuithe slándála chun cosaint a chur ar fáil in aghaidh na bagartha ó bhogearraí mailíseacha i dteachtaireachtaí ríomhphoist.

Tá beart suntasach déanta chun néalteicneolaíocht a ghlacadh agus tá comhchuid shuntasach den fheidhm mhúnlaithe iompair á cur i gcrích sa néalréimse anois; de bhreis air sin, tá feidhm na hintleachta gnó, trína dtacaítear le hoscailt an mhargaidh bus bunaithe sa néalréimse freisin anois. Cuireadh roinnt tionscnamh straitéiseach TFC i bhfeidhm le go mbeidh córais an Údaráis níos cobhsaí agus níos athléimní agus le gur fusa atá sé tacú leo. Dréachtaíodh Plean Leanúnachais Gnó agus comhaontaíodh é le haghaidh fheidhmeanna uile an Údaráis. Rinneadh an comhchuid i leith Téarnaimh tar éis Tubaiste a thástáil le haghaidh na bpríomhchóras uile.

Tá tacaíocht éifeachtach TFC an-tábhachtach i ndáil le roinnt clár straitéiseach oibre de chuid an Údaráis a chur i gcrích ós rud é go soláthraíonn an tacaíocht sin seirbhísí bainistíochta tionscadail, straitéis TF agus sonraíocht maidir le riachtanais theicniúla agus slándála amach anseo agus, chomh maith leis sin, maidir le riachtanais i dtaca le hanailísíocht sonraí agus faisnéise de.

San iomlán, cuireadh 78 dtionscadal i gcrích i rith na bliana agus chomhlíon os cionn 90% díobh na critéir iomchuí maidir le cáilíocht, sceideal agus costas.

Cosaint Sonraí

Cuireadh clár leathan oibre i bhfeidhm, rud a chinntigh leibhéal 98% i ndáil le comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí faoin am ar tháinig na Rialacháin i bhfeidhm i mí Bhealtaine. Ina dhiaidh sin, cuireadh múnla rialachais oibríochtúil i bhfeidhm chun comhlíontacht a choimeád ar bun agus chun a chinntiú go mbíonn gach córas nua comhlíontach.

An Ghaeilge

I Meán Fómhair, tháinig láithreán gréasáin an Údaráis dar teideal 'Transport for Ireland' chun bheith ar fáil i nGaeilge.

Idirchaidreamh leis an Oireachtas

I rith na bliana, thug an tÚdarás freagra ar 610 gCeist Pharlaiminte agus ar 887 bhfiosrú i scríbhinn ó ionadaithe poiblí. Féachann an tÚdarás le freagra substainteach a thabhairt d'ionadaithe poiblí laistigh de 10 lá oibre.

Ghlac an tÚdarás páirt i 10 gcruinniú de chuid Coistí Oireachtais. Ina theannta sin, thug an tÚdarás freagra ar iarraidh ón gComhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt le haghaidh nóta faisnéise faoi Thionscnamh 2020.

Tábla 32 - Freastal ar chruinnithe de chuid Coistí Oireachtais

Mí	Coiste	An t-ábhar a bhí le plé
Eanáir	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	Rochtain ar sheirbhísí iompair phoiblí
Feabhra	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	Bainistíocht tráchta agus plódú tráchta i nGaillimh
Márta	An Comhchoiste um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail	An Beartas maidir le hIompar Tuaithe
Aibreán	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	MetroLink
Bealtaine	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	Plódú tráchta i limistéar Bhaile Átha Cliath, plás beartaithe Fhaiche an Choláiste, Luas agus saincheisteanna gaolmhara
Meitheamh	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	BusConnects – Croíchonairí Bus
Meitheamh	An Comhchoiste um Fhorbairt Tuaithe agus Pobail	Iompar tuaithe
Iúil	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	BusConnects – Athdhearadh ghréasán busanna Limistéar Bhaile Átha Cliath
Deireadh Fómhair	An Comhchoiste um Athrú Aeráide	An Tríú Tuarascáil ó Thionól na Saoránach
Nollaig	An Comhchoiste um Iompar, Turasóireacht agus Spórt	BusConnects Dublin – Athdhearadh an ghréasáin busanna agus Croíchonairí Bus Corridors

Iarrataí Saorála Faisnéise

Bhí méadú mór ar an líon iarrataí a fuair an tÚdarás.

San iomlán, fuarthas 163 iarraidh sa bhliain 2018 i gcomparáid le 88 i rith na bliana 2017.

De réir dealraimh, is é ba chúis leis an méadú suntasach sin ná tosach an chomhairliúcháin phoiblí i leith roinnt mórthionscadal iompair phoiblí.

Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair



Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair

Is comhlacht neamhthráchtála Stáit é an tÚdarás agus oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

I dtosach báire, ceapadh é mar údarás iompair do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Ach tugadh ainm nua air, is é sin le rá, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 lenar leathnaíodh feidhmeanna an Údaráis chun ceadúnú busanna agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí, ar bhonn náisiúnta, a chur san áireamh.

Leis an Acht um Rialáil Tacscaithe 2013, inar comhdhlúthaíodh agus inar uasdátaíodh an reachtaíocht phríomha maidir le ceadúnú beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus tiománaithe na bhfeithiclí sin, rinneadh scóip gheografach cuid d'fheidhmeanna an Údaráis a leathnú, ar bonn náisiúnta, freisin.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, rinneadh cumhachtaí an Údaráis a leathnú tuilleadh chun a chumhachtú dó fodhlíthe a dhéanamh chun úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheontais áirithe ag paisinéirí a rialáil.

Tháinig an tAcht um Theanntáil Feithiclí 2015 i bhfeidhm ar an 1 Deireadh Fómhair 2017 agus, leis an Acht sin, tugtar freagracht don Údarás i ndáil le rialáil gníomhaíochtaí teanntála ar bhonn náisiúnta.

Tá roinnt feidhmeanna sonracha ag an Údarás freisin maidir le bonneagar agus comhtháthú an réimse iompair agus maidir le pleanáil úsáide talún i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn na riachtanais ar leith i leith iompar poiblí agus bainistíocht tráchta i réigiún an oirthir, áit a bhfuil 40% de dhaonra an Stáit agus 43% den fhostaíocht sa Stát de réir áit chónaithe.

Feidhmeanna reachtúla

Tríd is tríd, is féidir feidhmeanna reachtúla an Údaráis a achoimriú mar a leanas:

Feidhmeanna Náisiúnta (lena n-áirítear Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath)

- Seirbhísí iompair phoiblí a fháil trí bhíthin conarthaí seirbhísí iompair phoiblí;
- Ticéadú, táillí agus faisnéis faoi iompar poiblí a chur ar fáil agus an méid sin á chur ar fáil ar mhodh comhtháite;
- Líonra comhtháite iompair phoiblí a bhfuil teacht air a fhorbairt;
- Seirbhísí poiblí bus do phaisinéirí nach bhfuil faoi réir conradh seirbhísí iompair phoiblí a cheadúnú;
- An Clár Iompair Tuaithe a bhainistiú;

- Bonneagar agus flít busanna a chur ar fáil;
- Bonneagar agus scéimeanna rothaíochta a chur ar fáil leis an rothaíocht a chur chun cinn;
- Branda aonair iompair phoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Creat rialála a fhorbairt agus a chothabháil chun beagfheithiclí seirbhíse poiblí (tacsaithe, hacnaithe agus limisíní) agus tiománaithe na bhfeithiclí sin a rialú agus a oibriú;
- Rialáil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí teanntála sa Stát;
- Aighneachtaí reachtúla faoi Threoirlínte Pleanála Réigiúnaí a ullmhú;
- Sonraí staitistiúla agus faisnéis staitistiúil faoi chúrsaí iompair a bhailiú;
- Cearta paisinéara AE sa réimse iompair iarnróid, mara, bus agus cóiste a chur i bhfeidhm;
- Údaruithe agus foirmeacha turas AE maidir le taisteal bus agus cóiste a bhailíochtú de réir Rialachán AE Uimh. 1073/2009; agus
- Feidhmiú i gcáil an chomhlachta náisiúnta comhréitigh do sholáthróirí seirbhísí leictreonacha dola.

Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath amháin

- Pleanáil straitéiseach a dhéanamh i leith cúrsaí iompair;
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar uile iompair phoiblí;
- A áirithiú go ndéantar trácht agus an t-éileamh ar iompar a bhainistiú go héifeachtach.

Feidhmeanna eile

De bhreis ar a fheidhmeanna reachtúla, cuireann an tÚdarás feidhmeanna eile i gcrích thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhonn neamhreachtúil. I measc na bhfeidhmeanna neamhreachtúla sin áirítear an méid seo a leanas:

- Pleanáil agus maoiniú i dtaca le tionscadail iompair inbhuanaithe i gcathracha réigiúnacha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge;
- Feidhmeanna riaracháin i ndáil le Clár na nIonad Oibre 'Taisteal Níos Cliste' agus Clár na gCampas 'Taisteal Níos Cliste';
- Clár Taistil na Scoileanna Glasa a bhainistiú;
- Maoiniúchán inrochtaineachta a chur ar fáil d'oibritheoirí iompair agus do chomhlachtaí gaolmhara eile; agus
- Pleanáil straitéiseach iompair do na cathracha réigiúnacha (Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge).

Rialachas

An Bord

Déanann Bord, ar a bhfuil dáréag comhaltaí agus a gceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad, an tÚdarás a rialú. I gcás trí cinn de na poist ar an mBord, is poist ex officio iad atá forchoimeádta don Phríomhfheidhmeannach, agus do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis agus do Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Is féidir comhaltaí boird a cheapadh ar feadh tréimhse suas go cúig bliana agus is féidir iad a athcheapadh. Ach ní thig le comhaltaí Boird níos mó ná deich mbliana a chaitheamh ar an mBord. Ní bhaineann an srian sin leis na comhaltaí ex officio ar comhaltaí a choinníonn a gceapacháin fad atá an post lena mbaineann á shealbhú acu.

Comhlacht comhairleach

Is é ról an Choiste Chomhairligh maidir le Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí comhairle a thabhairt don Údarás nó don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, de réir mar is cuí, maidir le saincheisteanna a bhaineann le beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus le tiománaithe feithiclí den sórt sin.

An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann comhaltaí an Choiste Comhairligh.

Faisnéis faoi Chomhaltaí an Bhoird

Fred Barry

Ceapadh Fred Barry mar Chathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Iompair i mí na Samhna 2017. Ina theannta sin, is stiúrthóir neamhfheidhmeannach de chuid Ervia, agus de chuid Ghrúpa PM, é agus, le déanaí, ceapadh é mar Chathaoirleach Bhord Forbartha Ospidéal Náisiúnta na Leanaí. Roimhe seo, bhí sé ina stiúrthóir feidhmeannach de chuid cuideachtaí éagsúla in Jacobs Engineering Group Inc. agus de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair agus bhí sé ina stiúrthóir neamhfheidhmeannach de chuid Acadamh Innealtóireachta na hÉireann agus de chuid na Gníomhaireachta Náisiúnta Forbartha Airgeadais.

Ba é an Príomhfheidhmeannach Údarás um Bóithre Náisiúnta é ó 2005 go 2015. Roimhe sin, d'oibrigh sé ar bhonn idirnáisiúnta le Jacobs ar feadh 25 bliana agus, i rith na tréimhse sin, bhí róil bhainistíochta aige lena n-áirítear Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa don Ríocht Aontaithe agus d'Éirinn. Is Innealtóir Cairte é agus, chomh maith leis sin, tá sé cáilithe mar abhcóide agus is Ánra d'Innealtóirí Éireann agus d'Acadamh Innealtóireachta na hÉireann é.

Hugh Creegan

Is é Hugh Creegan an Stiúrthóir um Infheistíocht in Iompar agus Rialáil Tacsaithe san Údarás agus is é an Leas-Phríomhfheidhmeannach é. Roimhe seo, bhí sé ag obair san Údarás um Bóithre Náisiúnta mar Cheann Rannóige agus freagracht air i ndáil le Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, Oibríochtaí Tráchtála agus Pleanáil Straitéiseach. Is innealtóir sibhialta é a bhfuil taithí leathan aige ar mhórthionscadail san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobhaideach, lena n-áirítear Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus leathnú an M50 agus oibreacha gaolmhara i leith bailiú dolaí saorghluaiseachta.

Ann Fitzgerald

Is Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach neamhspleách í Ann Fitzgerald agus, faoi láthair, is í an Leas-Chathaoirleach í ar Phainéal Táthcheangail na hÉireann. D'fhóin sí mar chathaoirleach ar an nGrúpa Straitéise um Thomhaltóirí, as ar lean cinneadh an Rialtais chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a bhunú agus d'fhóin sí mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta ar feadh cúig bliana go dtí Deireadh Fómhair 2012. Roimhe sin, ba í Ard-Rúnaí Chumann Bhainisteoirí Infheistíochta na hÉireann í tar éis aistriú chuig an gCumann ón Roinn Tionscail & Tráchtála sa bhliain 1989. Tá taithí níos mó ná 20 bliain ag Ann mar Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach go príomha i gcomhlachtaí tráchtála agus neamhthráchtála san earnáil phoiblí.

Anne Graham

Ceapadh Anne Graham mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Náisiúnta Iompair i mí Eanáir 2015. Roimhe sin, d'fhóin sí mar Stiúrthóir an Údaráis i leith Seirbhísí Iompair Phoiblí. Is Innealtóir Cairte í Anne agus tá Máistreacht aici in Eolaíocht Innealtóireachta i gCúrsaí Iompair ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá MBA aici ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá obair déanta aici le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath mar Innealtóir Sibhialta, mar Bhainisteoir Tionscadail ar chuid mhór tionscadal agus mar Bhainisteoir Ceantair i gceantar Iardheisceart Chathair Bhaile Átha Cliath, mar ar tharraing sí seirbhísí údaráis áitiúil níos cóngaraí do thomhaltóirí i gceithre oifig áitiúla.

An Dr Berna Grist

Is Ollamh Taca í an Dr Berna Grist i Scoil na hAiltireachta, na Pleanála agus an Bheartais Comhshaoil sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is abhcóide agus pleanálaí baile cairte í, tá PhD aici ó Ollscoil Uladh i leith an Chreata Reachtúil agus Rialála le haghaidh Forbartha i bPoblacht na hÉireann, agus tá raon leathan abhair foilsithe aici faoin dlí pleanála agus comhshaoil, faoi bheartas poiblí agus faoi rialachas.

I rith na tréimhse 2001-2006, d'fhóin sí mar chomhalta den Bhord Pleanála agus, sa bhliain 2013, ceapadh í ar an nGrúpa Saineolaithe a thug comhairle don Aire Tithíochta agus Pleanála i ndáil le comharba don Straitéis Náisiúnta Spásúlachta 2002-2020.

Owen Keegan

Ceapadh Owen P. Keegan ina Bhainisteoir ar Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2013 i ndiaidh dó fónamh mar Bhainisteoir Contae ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó mhí Feabhra 2006. Sula ndeachaigh sé ag obair leis an gComhairle sin, bhí sé ag obair mar Bhainisteoir Cathrach Cúnta agus mar Stiúrthóir Tráchta i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Roimh Dheireadh Fómhair 1993, d'oibrigh sé mar eacnamaí in DKM Economic Consultants/Davy Stockbrokers. D'obair sé sa Roinn Airgeadais agus san Institiúid um Thaighde Eacnamaíoch agus Sóisialta freisin. agus chaith sé dhá tréimhse ag obair sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. As Baile Átha Cliath don Uasal Keegan. Tá céimeanna aige sa riarachán poiblí, san eacnamaíocht agus san innealtóireacht shibhialta.

Kevin Kelly

Tá taithí díreach ag Kevin Kelly ar chúrsaí míchumais ó tharla gur chaill sé radharc na súl sa bhliain 2001 nuair a bhí sé ceithre bliana déag d'aois. Faoi láthair, is é atá sa phost atá aige ná Ceann Beartais, Tacaíochta & Feachtas san NCBI (Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill). Roimhe sin, ba é Bainisteoir Tacaíochta agus Cumarsáide é i gCumann Asma na hÉireann. Ina theannta sin, d'fhóin sé mar Príomhoifigeach Feidhmiúcháin eatramhach an Chumainn sin nuair a bhí an post sin aige. Roimhe sin, d'oibrigh Kevin mar chúntóir parlaiminte i dTeach Laighean. Tá obair déanta aige, freisin, sna meáin áitiúla agus sna meáin náisiúnta. Tá céim aige san iriseoireacht ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus tá Máistreacht aige i nGnóthaí Poiblí agus i gCumarsáid Pholaitíochta ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Pat Mangan

D'fhóin Pat Mangan mar Rúnaí Cúnta sa Roinn Iompair ó 1995 go 2010, áit ina raibh freagracht air i ndáil le nithe amhail iompar poiblí, infheistíocht i gcúrsaí iompair agus airgeadas. Roimhe sin, bhí sé ina cheannasaí ar an mbeartas maidir le bóithre sa Roinn Comhshaoil agus bhí sé ina chathaoirleach ar Thionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath. Faoi láthair, tá sé ina bhall de Chomhairle na hInstitiúide Cairte um Lóistíocht agus Iompar in Éirinn.

Frank O'Connor

Is é Frank O'Connor Príomhfheidhmeannach Airtel ATN Limited, ar soláthróir réiteach cumarsáide sonraí é don tionscal eitlíochta. Ba dhuine de chomhbhunaitheoirí na cuideachta sin é sa bhliain 1998. Sular bhunaigh sé Airtel, d'oibrigh sé i roinnt cuideachtaí forbartha bogearraí, lena n-áirítear Retix agus CACI, ar cuideachtaí ilnáisiúnta de chuid na Stát Aontaithe iad. Is in Systems Dynamics a chuir sé tús lena ghairmréim sa bhliain 1976, áit ar chaith sé ocht mbliana, lena n-áirítear dhá bhliain sa Ghearmáin agus san Ísiltír. Ba stiúrthóir neamhfheidhmeannach in Aer Lingus é sa tréimhse 2014/15.

Sinéad Walsh

Baineann cúlra Sinéad Walsh le cúrsaí míchumais agus le hoideachas riachtanas speisialta agus tá sí gníomhach sa réimse feasachta fianaise-bhunaithe míchumais le níos mó ná fiche bliain agus í ag obair ag obair sa líne thosaigh i réimse an iompair phoiblí san Údarás Náisiúnta Iompair.

Thacaigh Sinéad le PSO-nna na hÉireann, lena n-áirítear Bus Átha Cliath, le linn an aistrithe rathúil chuig flíteanna íseal-urláir ina bhfuil rochtain uilechoiteann ar fáil.

Chomhoiibrigh Sinéad go rathúil le gníomhaithe ceannasacha míchumais i ndáil le forbairt agus soláthar oiliúna cúraim custaiméara agus i ndáil le nuálaíocht d'oibritheoirí iompair phoiblí na hÉireann.

Tacaíonn Sinéad le hiompar poiblí a bhfuil rochtain air, atá cothrom agus atá cobhsaí, ar iompar poiblí é a fhónann do riachtanais an phobail ar fad.

Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide í Sinéad Walsh agus tá Máistreacht aici sna Meáin Dhigiteacha.

Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

Clár

Faisnéis faoin Údarás 80

Ráiteas faoi Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 82

Ráiteas ar Rialú Inmheánach 89

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena tíolacadh do Thithe an Oireachtais 94

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta 96

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach 98

Ráiteas ar an Staid Airgeadais 99

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim 100

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais 101

Faisnéis faoin Údarás

Comhaltaí an Bhoird:

An tUas Fred Barry
(Cathaoirleach)

Anne Graham
(Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)

An tUas Hugh Creegan

Ann Fitzgerald

An tUas Frank Gleeson (tháinig deireadh lena cheapachán ar an 1 Iúil 2018)

An Dr Berna Grist

An tUas Owen Keegan

An tUas Pat Mangan

An tUas Frank O'Connor

Fiona Ross (tháinig deireadh lena ceapachán ar an 26 Meitheamh 2018)

Linda Saunders (tháinig deireadh lena ceapachán ar an 1 Eanáir 2018)

Sinéad Walsh

An tUas Kevin Kelly (ceapadh é ar an 3 Lúnasa 2018)

Aturnaetha:

McCann Fitzgerald
Riverside One
37-42 Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2
D02 X576

Baincéirí:

Allied Irish Banks plc
1 - 4 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 X342

Banc na hÉireann cpt
Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 Y754

Iniúchóirí:

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
D01 PF72

Ráiteas faoi Rialachas agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

Rialachas

Is comhlacht neamhthráchtála Stáit é an tÚdarás Náisiúnta Iompair ("an tÚdarás") agus oibríonn sé faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ("RITS").

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus, i dtosach báire, ceapadh é mar údarás iompair do Mhór-Limistéar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008. Ach tugadh ainm nua air, is é sin le rá, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009 lenar leathnaíodh feidhmeanna an Údaráis chun ceadúnú busanna agus beagfheithiclí seirbhíse poiblí, ar bhonn náisiúnta, a chur san áireamh.

Leis an Acht um Rialáil Tacscaithe 2013, inar comhdhlúthaíodh agus inar uasdátaíodh an reachtaíocht phríomha maidir le ceadúnú beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus tiománaithe na bhfeithiclí sin, rinneadh scóip gheografach cuid d'fheidhmeanna an Údaráis a leathnú, ar bonn náisiúnta, freisin.

De réir an Achta um Theanntáil Feithiclí 2015 tá freagracht ar an Údarás i ndáil le rialáil gníomhaíochtaí teanntála ar bhonn náisiúnta.

Leis an Acht Iompair Phoiblí 2016, rinneadh freagrachtaí an Údaráis a leathnú tuilleadh chun a chumhachtú dó fodhlíthe a dhéanamh chun úsáid seirbhísí bus poiblí fóirdheontais áirithe ag paisinéirí a rialáil.

Coimeádann an tÚdarás roinnt feidhmeanna sonracha maidir le bonneagar agus comhtháthú an réimse iompair agus maidir le húsáid talún i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn na riachtanais ar leith i leith iompar poiblí agus bainistíocht tráchta i réigiún an oirthir.

Tá feidhmeanna Bhord an Údaráis leagtha amach in Alt 14 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá freagracht air i ndáil le dea-rialachas a chinntiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach saincheist thábhachtach ghnó. Tá freagracht ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an lucht bainistíochta sinsearach i ndáil le bainistíocht, rialú agus treorú an Údaráis ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don lucht bainistíochta sinsearach déanamh de réir na treorach straitéisí ginearálta a leagann an Bord síos agus ní mór dó/di a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta den Bhord ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar phointe díreach idirchaidrimh idir an Bord agus lucht bainistíochta an Údaráis.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i ndoiciméid a bhaineann le Rialachas Corparáideach an Údaráis, is é sin le rá, doiciméid dar teideal 'Treoir-Phrionsabail don Údarás Náisiúnta Iompair', 'An Struchtúr Corparáideach agus Nithe atá forchoimeádta don Bhord' agus 'An Cód iompair gnó do Chomhaltaí an Údaráis'. Is sa dara doiciméad díobh sin atá na nithe atá forchoimeádta lena gcinneadh ag an mBord. I measc na míreanna seasta gnó a bhreithníonn an Bord áirítear an méid seo a leanas:

- dearbhú leasanna;
- tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Rioscaí;
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- bainistíocht rioscaí;
- tuarascálacha maidir le feidhmíocht; agus
- nithe forchoimeádta.

Le hAlt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, ceanglaítear ar Bhord an Údaráis gach cuntas is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an Bord agus a chaithfidh sé, lena n-áirítear Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta agus Ráiteas ar an Staid Airgeadais, a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Airgeadais.

Le linn na ráitis airgeadais sin a ullmhú tá sé de cheangal ar Bhord an Údaráis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura rud é nach cuí glacadh leis go leanfaidh sé de bheith i ngníomh; agus
- ráiteas a thabhairt á rá an ndearnadh de réir caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, ach sin faoi réir nochtadh a dhéanamh maidir le aon chásanna inar imíodh ó na caighdeáin sin agus míniú a bheith tugtha ina leith sin sna ráitis airgeadais.

Tá freagracht ar an mBord i ndáil le taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choimeád ina ndéantar staid airgeadais an Bhoird a nochtadh go réasúnta cruinn aon tráth áirithe agus lena gcumasaítear don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Is ar an mBord atá an fhreagracht i ndáil le cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ann ar láithreán gréasáin an Bhoird.

Tá freagracht ar an mBord i ndáil leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis, faoi threoir an phlean bhliantúil agus an bhuiséid bhliantúil, a chur i gcrích i mí na Nollag 2018.

Tá freagracht ar an mBord freisin i ndáil le coimirciú shócmhainní an Údaráis agus, dá bhrí sin, i ndáil le bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird léargas fíor cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis ar an 31 Nollaig 2018.

Struchtúr an Bhoird

Déanann Bord, ar a bhfuil dáréag comhaltaí a gceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad, an tÚdarás a rialú. I gcás trí cinn de na poist ar an mBord, is poist ex officio iad atá forchoimeádta don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis, agus do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is féidir comhaltaí boird a cheapadh ar feadh tréimhse suas go cúig bliana agus is féidir iad a athcheapadh. Ach ní thig le comhaltaí Boird níos mó ná deich mbliana a chaitheamh ar an mBord. Ní bhaineann an srian sin leis na comhaltaí ex officio ar comhaltaí a choinníonn a gceapacháin fad atá an post lena mbaineann á shealbhú acu. Tháinig an Bord le chéile 12 uair ar cruinnithe sceidealta a bhí i gceist le 11 chruinniú díobh agus bhí cruinniú amháin ann a tionóladh go speisialta. Déantar miontuairiscí na gcruinnithe Boird a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis.

Sa tábla thíos leagtar amach an tréimhse cheapacháin i leith na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boird

An tUas Fred Barry	Cathaoirleach	28 November 2017 7 January 2015
Anne Graham (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)	Gnáthchomhalta (ex officio)	29 November 2010
An tUas Hugh Creegan (Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin)	Gnáthchomhalta (ex officio)	3 September 2013
An tUas Owen Keegan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)	Gnáthchomhalta (ex officio)	24 September 2015 1 December 2009 (Re-appointed December 2014)
Ann Fitzgerald	Gnáthchomhalta	24 September 2015
An Dr.Berna Grist	Gnáthchomhalta	24 September 2015
An tUas Pat Mangan	Gnáthchomhalta	24 September 2015
An tUas Frank O'Connor	Gnáthchomhalta	3 August 2018
Sinéad Walsh	Gnáthchomhalta	
An tUas Kevin Kelly	Gnáthchomhalta	

Chuir an Bord athbhreithniú agus measúnú seachtrach ar éifeachtacht an Bhoird i gcrích i mí an Mheithimh 2018.

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ag an mBord, ar coiste é ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha. Is é atá i ról an Choiste sin ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí i dtaca le saincheisteanna a bhaineann le rioscaí, rialú, agus rialachas agus i dtaca le deimhniú i leith na saincheisteanna sin. Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca neamhspleách ar lucht bainistíochta na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar faireachán gníomhach neamhspleách ar na córais

inmheánacha rialaithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i ndiaidh gach cruinniú Coiste agus, chomh maith leis sin, ar bhonn foirmiúil i scríbhinn uair amháin sa bhliain.

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca Frank O'Connor (Cathaoirleach), Pat Mangan, Brian Hayes (Comhalta Neamhspleách agus Comhpháirtí i ngnólacht Moore Stephens, Cuntasóirí Cairte) agus John Smyth (Comhalta Neamhspleách). Bhí Fiona Ross ina comhalta den Choiste go dtí gur tháinig deireadh lena ceapachán i mí an Mheithimh 2018. I mí Eanáir 2018, ceapadh Fred Barry mar chomhalta den Choiste. Bhí seacht gcruinniú ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca sa bhliain 2018.

Sceideal tinrimh, táillí agus caiteachas

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe den Bhord agus Coiste sa bhliain 2018 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta ar leith:

	An Bord	An Coiste Iniúchta agus Riosca	Táillí 2018 (€)	Costais 2018 (€)	Táillí 2017 (€)	Costais 2017 (€)
An líon cruinnithe	12	7				
	Cruinnithe a rabhthas i dteideal freastal orthu (An líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu)					
An tUas Fred Barry	12 (12)		20,520	-	1,854	-
Anne Graham	12 (12)		-	-	-	-
An tUas Hugh Creegan	12 (12)		-	-	-	-
Ann Fitzgerald	12 (11)		11,970	-	11,970	-
An tUas Frank Gleeson	7 (1)		6,194	-	11,970	-
An Dr. Berna Grist	12 (11)		11,970	-	11,970	-
An tUas Owen Keegan	12 (12)		-	-	-	-
An tUas Pat Mangan	12 (12)	7 (7)	-	-	-	-
An tUas Frank O'Connor	12 (11)	7 (7)	11,970	-	11,970	-
Fiona Ross	6 (5)	3 (3)	5,643	-	11,970	-
Sinéad Walsh	12 (11)		11,970	-	11,970	-
An tUas Kevin Kelly	5 (5)		4,719	-	-	-
Linda Saunders	-		-	-	11,970	449
An tUas. John Fitzgerald	-		-	-	8,820	-
Costais Eile*			-	-	-	1,070
			84,956	-	94,464	1,519

* Baineann Costais Eile le costas lóistín do chruinniú amháin den Bhord a tionóladh lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

D'fhreastail Brian Hayes, ar comhalta seachtrach den Choiste Iniúchta agus Riosca é, ar gach ceann de na seacht gcruinniú a bhí ag an gCoiste sin i rith na bliana. Ba é a bhí ina tháille don bhliain 2017 ar táille í a bhí iníoctha le cleachtas cuntasóireachta Moore Srephens ná: €14,760 (agus CBL san áireamh)

Rinneadh John Smyth, ar comhalta seachtrach den Choiste Iniúchta agus Riosca é, a cheapadh ar an 21 Meán Fómhair 2018. I rith na bliana, d'fhreastail sé ar an dá chruinniú a raibh sé i dteideal freastal orthu. Ba é a bhí ina tháille don bhliain ná €5,904 (agus CBL san áireamh) agus bhí an táille sin iníoctha le SRA Ireland Limited.

Rinne Pat Mangan táillí Boird an Údaráis a bhí iníoctha leis a tharscaoileadh.

Bhí triúr stiúrthóirí ann nach bhfuair aon táillí Boird i gcomhréir leis an bprionsabal maidir le 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' - is é sin le rá, Anne Graham, Hugh Creegan agus Owen Keegan. Tabhaítear costais na dtrí stiúrthóir mar chuid dá gconradh fostaíochta agus ní mar thoradh ar iad a bheith i láthair ag cruinnithe boird; dá bhrí sin, níor cuireadh a gcuid costas san áireamh sa nóta seo.

Príomhathruithe Pearsanra

Tháinig deireadh le ceapachán Linda Saunders ar an 1 Eanáir 2018.

D'éirigh Fiona Ross as an mBord le héifeacht ón 26 Meitheamh 2018.

D'éirigh Frank Gleeson as an mBord le héifeacht ón 1 Iúil 2018.

Cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Kevin Kelly chuig an mBord ar feadh téarma trí bliana dar tosach an 3 Lúnasa 2018.

Nochtadh a éilítear leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá freagracht ar an mBord i ndáil lena chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás ceanglais an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. De réir an Chóid, is gá nochtadh a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas:

Costais sainchomhairleoireachta

Áiríonn costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a fháil don lucht bainistíochta agus ní áiríonn sé gnáthfheidhmeanna gnó atá seachfhoinsithe.

	2018 €'000	2017 €'000
Seirbhísí comhairleacha iompair	1,271	910
Cúrsaí Dlí	1,449	695
Comhairle maidir le cúrsaí cánach agus airgeadais	67	39
Cosaint Sonraí agus ullmhúchán le haghaidh RGCS	161	206
Pinsin agus acmhainní daonna	8	8
	2,956	**1,858**
Costais sainchomhairleoireachta a mhuirearaítear ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta	2,247	1,436
Costais sainchomhairleoireachta a caipitlíodh	709	422
	2,956	**1,858**

Costais dlí agus socraíochtaí

Sa tábla thíos, soláthraítear miondealú maidir le méideanna atá aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe i ndáil le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí comhréitigh agus eadrána i dtaca le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áiríonn sé sin caiteachas a tabhaíodh i dtaca le comhairle ghinearálta a fuair an tÚdarás agus a nochtadh sna costais Sainchomhairleoireachta thuas.

	2018 €'000	2017 €'000
Imeachtaí dlíthiúla	142	165
Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána	-	-
Socraíochtaí	-	-
	142	**165**

Caiteachas taistil agus cothaithe

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a chatagóiriú mar a leanas:

	2018 €'000	2017 €'000
Taisteal agus cothú intíre		
An Bord	-	2
Fostaithe	70	81
Taisteal agus cothú idirnáisiúnta		
An Bord	-	-
Fostaithe	21	20
	91	**103**

Caiteachas aíochta

Tá an caiteachas aíochta seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta:

	2018 €'000	2017 €'000
Aíocht foirne	6	1
Aíocht chliant	-	-
	6	**1**

Ráiteas comhlíontachta

Tá an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go ndéantar de réir an Chóid. Chomhlíon an tÚdarás an Cód ina iomláine sa bhliain 2018.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas Fred Barry
Cathaoirleach

Ms.Anne Graham
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 21st June 2019

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

Scóip na freagrachta

Thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair ("an tÚdarás"), aithním an fhreagracht atá ar an mBord i ndáil lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm agus á chothabháil. Áiríonn an fhreagracht sin ceanglais an Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód").

Cuspóir an chóras rialaithe inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun rioscaí a bhainistiú go feadh leibhéal inghlactha, seachas deireadh a chur leo. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach, agus ní deimhniú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcoimirciú, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go ndéantar earráidí ábhartha agus mírialtachtaí a chosc nó a bhrath ar mhodh tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Acmhainneacht maidir le bainistíocht riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ag an Údarás, ar coiste é ar a bhfuil triúr comhaltaí Boird, a bhfeidhmíonn duine amháin acu mar Chathaoirleach, agus beirt chomhaltaí seachtracha, a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchta ag duine amháin acu. Tháinig an Coiste sin le chéile seacht n-uaire sa bhliain 2018.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás freisin trí ghnólacht iniúchta tríú páirtí a úsáid, ar gnólacht é a bhfuil acmhainní dóthanacha aige agus a sheolann clár oibre atá comhaontaithe leis an gCoiste Iniúchta agus Riosca.

Tá creat bainistíochta riosca forbartha ag an Údarás, tá beartais ghaolmhara agus nósanna imeachta gaolmhara sainithe aige agus tá a leibhéal inghlacthachta, ó thaobh rioscaí de, leagtha amach aige. I measc na nósanna imeachta bainistíochta riosca áirítear mionsonraí faoi róil agus faoi fhreagrachtaí na foirne i ndáil le bainistíocht riosca. Rinneadh na gnéithe cuí de na beartais agus de na nósanna imeachta maidir le bainistíocht riosca a eisiúint chuig gach duine de chuid phearsanra an Údaráis. Is é is aidhm dó sin ná foláireamh a thabhairt do gach duine, agus don lucht bainistíochta go háirithe, maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rialú a dhéanamh ar laigí, agus béim á leagan ar úinéireacht i leith an ábhair seo a bheith ag gach duine ar leith ina réimsí oibre féin. Tá Príomhoifigeach Riosca ag an Údarás agus tá freagracht oibríochtúil ar an oifigeach sin i ndáil leis an gcreat bainistíochta riosca a riaradh.

An Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás, ar córas é trína sainaithnítear agus trína dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun na rioscaí sin a mhaolú go feadh an méid is mó agus is féidir agus is cuí.

Mar thoradh ar phróisis bhainistíochta riosca, tá na príomhrioscaí nach mór don Údarás déileáil leo sainaitheanta agus tá cláir ann ina dtaifeadtar na rioscaí sin. Tá measúnú déanta ar na rioscaí agus grádaíodh iad de réir a suntasachta. Déanann an Bord agus an Coiste Iniúchta agus Riosca na cláir a athbhreithniú agus a uasdátú ag gach ceann de na cruinnithe a bhíonn acu. Baintear úsáid as toradh na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt lena chinntiú, a mhéid is indéanta, go ndéantar rioscaí a bhainistiú go feadh leibhéal inghlactha.

Daingním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm agus go mbaineann na gnéithe seo a leanas léi:

- Tá doiciméadú déanta maidir leis na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó;
- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal an lucht bainistíochta agus tá cuntasacht chomhfhreagrach ann i leith na bhfreagrachtaí sin;
- Tá córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm a bhfuil buiséad bliantúil ag gabháil leis agus coimeádann an lucht bainistíochta sinsearaí agus an Bord an buiséad sin faoi athbhreithniú;
- Tá córais ann arb é is aidhm dóibh ná a chinntiú go bhfuil na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide slán;
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a choimirciú; agus
- Tá nósanna imeachta rialaithe ann maidir le maoiniúchán deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha lena chinntiú go bhfuil rialú dóthanach á dhéanamh ar cheadú deontas agus go bhfuil faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh orthu siúd a fhaigheann deontais d'fhonn a chinntiú go mbaintear úsáid as an maoiniúchán deontais le haghaidh an chuspóra a bhí beartaithe.

Faireachán agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhfuil freagracht orthu i ndáil le gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord. Daingním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá na príomhrioscaí agus na príomhrialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh atá sainaitheanta a thuairisciú;
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal a bhfuil freagracht i ndáil le bainistiú airgeadais sannta dó; agus
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe go tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina dtugtar léiriú ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

Earraí agus seirbhísí a fháil

Daingním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an Údarás lena chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le hearraí agus seirbhísí a fháil agus daingním gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin sa bhliain 2018.

Maoiniúchán le haghaidh Infheistíocht Chaipitiúil – rialuithe

Ba é a bhí sa mhaoiniúchán le haghaidh Infheistíocht Chaipitiúil sa bhliain 2018 ná €244m (2017: €201m). I measc na rialuithe a bhaineann leis an maoiniúchán sin áirítear an méid seo a leanas:

- A chinntiú go bhfuil tionscadail ar leithligh ailínithe leis na trí chlár infheistíochta caipitiúla iompair phoiblí (i.e. Bearta Taistil Chliste & Iompair Inbhuanaithe, Sábháilteacht & Forbairt an réimse Iarnróid Throim agus Bonneagar Iompair Phoiblí) agus le pleananna straitéiseacha;
- Idirchaidreamh rialta leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus cuspóirí, spriocanna, buiséid agus infhaighteacht maoiniúcháin a shocrú i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus tuairisciú a dhéanamh maidir le dul chun cinn;
- Ullmhú agus ceadú pleananna forfheidhmithe tionscadal agus idirchaidreamh dlúth i ndáil le tionscadail a phleanáil, agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, ar oibritheoirí iompair agus ar údaráis áitiúla a ghníomhaíonn thar ceann an Údaráis le linn tionscadail éagsúla a chur i bhfeidhm;
- A chinntiú go ndéanann an lucht bainistíocht sinsearaí buiséid a bhunú do thionscadail ar leithligh, agus go ndéanann siad faireachán ar na buiséid sin, agus go ndéantar dialltaí a shainaithint agus a imscrúdú ar mhodh tráthúil. I gcás tionscadail mhóra, a chinntiú go ndéantar tuairisciú míosúil don Bhord maidir le caiteachas iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad;
- Idirchaidreamh le Bord an Údaráis i leith treoir a lorg, ceadú ábhartha a fháil agus tuarascálacha ar dhul chun cinn a sholáthar;
- A chinntiú go bhfuil formhaoirseacht chuí leordhóthanach ann; agus
- A chinntiú go bhfaightear deimhnithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.
-

Maoiniúchán Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) - rialuithe

Ba é a bhí sa mhaoiniúchán PSO sa bhliain 2018 ná €273m (2017: €265m). I measc na rialuithe a bhaineann leis an maoiniúchán sin áirítear an méid seo a leanas:

- Conarthaí daingne seirbhíse le hoibritheoirí iompair phoiblí, idir chuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit agus chuideachtaí príobháideacha araon, chun seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar atá riachtanach don tsochaí ach nach bhfuil inmharthana de ghnáth ó thaobh cúrsaí tráchtála de.
- A chinntiú go bhfuil rialuithe daingne ann maidir le bailiú ioncaim táillí thar ceann an Údaráis;
- Tuairisciú agus faireachán rialta ar na príomhtháscairí feidhmíochta, lena n-áirítear iontaofacht agus poncúlacht seirbhísí;
- Gach athrú a dhéantar ar chonarthaí a bhaineann le seirbhísí iompair phoiblí a bheith ceadaithe ag an Údarás;
- Athbhreithniú rialta ar chonarthaí a bhaineann le seirbhísí iompair d'fhonn fás i leith úsáid iompair phoiblí a spreagadh agus d'fhonn gníomhú mar fhreagairt ar éileamh athraitheach.
- Cruinnithe rialta le hoibritheoirí iompair phoiblí lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí ag freastal ar riachtanais phaisinéara agus go bhfuil luach ar airgead á fháil;
- Tuairisciú rialta do Bhord an Údaráis agus do RITS agus idirchaidreamh a dhéanamh leo go tráthrialta; agus
- A chinntiú go bhfaightear deimhnithe sásúla tríd an bpróiseas iniúchta inmheánaigh.

Scéim thicéadaithe chomhtháite don chárta Leap - rialuithe

Is é a bhí san ioncam ó tháillí iompair phoiblí a próiseáladh tríd scéim an chárta Leap sa bhliain 2018 ná €320m (2017 €276m). I measc rialuithe na scéime áirítear ab méid seo a leanas:

- Déantar sraith fhorleathan beart bailíochtaithe i leith idirbhearta a dhéantar ar an gcóras, is é sin le rá, gach uile idirbheart a phróiseáiltear i gcórais Leap;
- Cothabháil leanúnach a dhéanamh ar chreat cuimsitheach rialuithe/réiteach airgeadais. I measc cuspóirí eile, tá na nithe sin ceaptha chun aon aimhrialtachtaí idir córais Leap nó sna gluaiseachtaí airgeadais ar fud scéim Leap a shainaithint;
- Sraith chuimsitheach beart slándála a thabhairt isteach chun rochtain a rialú, chun leochaileachtaí a bhrath agus chun iompraíochtaí aimhrialta agus neamhghnácha ar an líonra a bhrath. Ina theannta sin, áiríonn sé sin roinnt athbhreithnithe agus iniúchtaí slándála ar an gcóras, lena n-áirítear tástálacha i leith treá slándála;
- Cothabháil leanúnach a dhéanamh ar shraith chuimsitheach príomhtháscairí feidhmíochta (de chineál airgeadais, oibríochtúil, TFC etc.) chun aird a tharraing ar threochtaí neamhghnácha gnó;
- Athbhreithniú leanúnach feidhmíochta ar sholáthróirí seirbhísí ag bainisteoirí scéime agus ag lucht bainistíochta sinsearaí an Údaráis, mar aon le hidirchaidreamh dlúth leis na hoibritheoirí iompair rannpháirteacha;
- Roinnt beart a bhaineann le leanúnachas gnó agus téarnamh tar éis tubaiste a áireamh chun athléimneacht agus deimhniú i leith leanúnachas gnó a sholáthar;

- Athbhreithniú bliantúil ag iniúchóirí neamhspleácha ar an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhú Iontaofachta (ISAE) 3402, a chlúdaíonn gnéithe den scéim a rialaíonn agus a bhainistíonn an tÚdarás. Comhlánaítear an méid sin trí bhíthin athbhreithnithe a dhéanann iniúchóirí neamhspleácha na n-oibritheoirí móra iompair rannpháirteacha agus clúdaíonn na hathbhreithnithe sin gnéithe den scéim a rialaíonn agus a mbainistíonn na hoibritheoirí iompair iad.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Daingním go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca an Údaráis. Le linn don Údarás faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an chóras rialaithe inmheánaigh, baintear úsáid as faisnéis a fhaightear ó obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, ó obair an Choiste Iniúchta agus Riosca, a dhéanann formhaoirseacht ar obair na n-iniúchóirí sin agus ar obair an lucht bainistíochta sinsearaí ar a bhfuil freagracht i ndáil leis an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

Daingním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha i leith na bliana 2018 i mí an Mhárta 2019.

Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach

Ní dhearnadh aon laigí maidir le rialú inmheánach, ar laigí iad ar gá iad a nochtadh sna ráitis airgeadais a shainaithint i leith na bliana 2018.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas Fred Barry
Cathaoirleach

Date: 21st June 2019

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National Transport Authority

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Transport Authority for the year ended 31 December 2018 as required under the provisions of section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008 (as amended). The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure and retained revenue reserves
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

In my opinion, the financial statements give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the National Transport Authority at 31 December 2018 and of its income and expenditure for 2018 in accordance with Financial Reporting Standard (FRS) 102 — *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

Basis of opinion

I conducted my audit of the financial statements in accordance with the International Standards on Auditing (ISAs) as promulgated by the International Organisation of Supreme Audit Institutions. My responsibilities under those standards are described in the appendix to this report. I am independent of the National Transport Authority and have fulfilled my other ethical responsibilities in accordance with the standards.

I believe that the audit evidence I have obtained is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion.

Report on information other than the financial statements, and on other matters

The National Transport Authority has presented certain other information together with the financial statements. This comprises the annual report, including the governance statement, and the statement on internal control. My responsibilities to report in relation to such information, and on certain other matters upon which I report by exception, are described in the appendix to this report.

I have nothing to report in that regard.

Seamus McCarthy

Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General

30 **June 2019**

Responsibilities of Board members

As detailed in the governance statement and Board members' report the Board members are responsible for

- the preparation of financial statements in the form prescribed under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008(as amended)
- ensuring that the financial statements give a true and fair view in accordance with FRS102
- ensuring the regularity of transactions
- assessing whether the use of the going concern basis of accounting is appropriate, and
- such internal control as they determine is necessary to enable the preparation of financial statements that are free from material misstatement, whether due to fraud or error.

Responsibilities of the Comptroller and Auditor General

I am required under section 32 of the Dublin Transport Authority Act 2008(as amended) to audit the financial statements of the National Transport Authority and to report thereon to the Houses of the Oireachtas.

My objective in carrying out the audit is to obtain reasonable assurance about whether the financial statements as a whole are free from material misstatement due to fraud or error. Reasonable assurance is a high level of assurance, but is not a guarantee that an audit conducted in accordance with the ISAs will always detect a material misstatement when it exists. Misstatements can arise from fraud or error and are considered material if, individually or in the aggregate, they could reasonably be expected to influence the economic decisions of users taken on the basis of these financial statements.

As part of an audit in accordance with the ISAs, I exercise professional judgment and maintain professional scepticism throughout the audit. In doing so,

- I identify and assess the risks of material misstatement of the financial statements whether due to fraud or error; design and perform audit procedures responsive to those risks; and obtain audit evidence that is sufficient and appropriate to provide a basis for my opinion. The risk of not detecting a material misstatement resulting from fraud is higher than for one resulting from error, as fraud may involve collusion, forgery, intentional omissions, misrepresentations, or the override of internal control.
- I obtain an understanding of internal control relevant to the audit in order to design audit procedures that are appropriate in the circumstances, but not for the purpose of expressing an opinion on the effectiveness of the internal controls.
- I evaluate the appropriateness of accounting policies used and the reasonableness of accounting estimates and related disclosures.
- I conclude on the appropriateness of the use of the going concern basis of accounting and, based on the audit evidence obtained, on whether a material uncertainty exists related to events or conditions that may cast significant doubt on the National Transport Authority's ability to continue as a going concern. If I conclude that a material uncertainty exists, I am required to draw attention in my report to the related disclosures in the financial statements or, if such disclosures are inadequate, to modify my opinion. My conclusions are based on the audit evidence obtained up to the date of my report. However, future events or conditions may cause the National Transport Authority to cease to continue as a going concern.
- I evaluate the overall presentation, structure and content of the financial statements, including the disclosures, and whether the financial statements represent the underlying transactions and events in a manner that achieves fair presentation.

I communicate with those charged with governance regarding, among other matters, the planned scope and timing of the audit and significant audit findings, including any significant deficiencies in internal control that I identify during my audit.

Information other than the financial statements

My opinion on the financial statements does not cover the other information presented with those statements, and I do not express any form of assurance conclusion thereon.

In connection with my audit of the financial statements, I am required under the ISAs to read the other information presented and, in doing so, consider whether the other information is materially inconsistent with the financial statements or with knowledge obtained during the audit, or if it otherwise appears to be materially misstated. If, based on the work I have performed, I conclude that there is a material misstatement of this other information, I am required to report that fact.

Reporting on other matters

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation. I report if I identify material matters relating to the manner in which public business has been conducted.

I seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit. I report if I identify any material instance where public money has not been applied for the purposes intended or where transactions did not conform to the authorities governing them.

I also report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

Ioncam	**Nótaí**	**2018 €'000**	**2017 Athráiteas €'000**
Deontais Oireachtais			
Maoiniúchán Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	2.1	272,999	264,529
Maoiniúchán le haghaidh Infheistíocht Chaipitiúil	2.2	244,001	200,651
Scéimeanna eile Iompair	2.3	18,057	17,904
Deontas riaracháin	2	9,116	5,172
Bealaí bus tairisceana - Ioncam ó tháillí		3,340	-
Scéim an chárta Leap - Táillí oibritheora iompair	3	10,751	8,455
Ioncam ó cheadúnúchán	4	6,176	6,122
Glanmhaoiniúchán iarchurtha le haghaidh pinsean	14.3	1,652	1,716
Ioncam eile	5	8,998	8,568
Gnóthachan ar aistriú busanna	16	12,445	-
Aistriú (chuig an)/ón gcuntas caipitiúil	20	(82,623)	(25,801)
Ioncam iomlán		**504,912**	**487,316**

Caiteachas	Nótaí	2018 €'000	2017 Athráiteas €'000
Caiteachas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	6	271,491	264,087
Caiteachas Infheistíochta Caipitiúla	7	173,089	168,745
Caiteachas eile ar dheontais & ar chláir	8	24,100	27,493
Caiteachas ar scéim Chárta Leap	3	17,896	15,391
Caiteachas ar cheadúnú	9	5,975	6,115
Fostaithe, daoine ar iasacht agus seirbhísí socrúcháin seachfhoinsithe	10	5,394	4,609
Costais sochair scoir	13	2,411	1,946
Costais chóiríochta oifige	11	855	517
Costais eile riaracháin	12	3,107	2,304
Caiteachas iomlán		**504,318**	**491,207**
Barrachas /(easnamh) don bhliain		**594**	**(3,891)**
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ar an 1 Eanáir		6,213	10,104
Iarmhéid a tugadh ar aghaidh ar an 31 Nollaig		**6,807**	**6,213**

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas Fred Barry
Cathaoirleach

Ms.Anne Graham
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 21st June 2019

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 €'000
Barrachas/ (Easnamh) don bhliain		594	(3,891)
Ioncam cuimsitheach eile			
Atomhais ar an nglanoibleagáid i leith sochair shainithe	14.2	467	(6,059)
Coigeartú ar an maoiniúchán i leith sochar iarchurtha scoir	14.2	(467)	6,059
Barrachas.(easnamh) iomlán aitheanta don bhliain		594	(3,891)

Tá Nótaí 1 go 29 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas Fred Barry
Cathaoirleach

Ms.Anne Graham
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 21st June 2019

Ráiteas ar an Staid Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 Athráiteas €'000
Sócmhainní Dochta			
Sócmhainní doláimhsithe	15	32,123	34,300
Maoin, gléasra agus trealamh	16	126,190	39,690
		158,313	73,990
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	17	4,368	3,968
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		44,713	32,018
		49,081	35,986
Míreanna iníoctha: dlite laistigh de 1 bhliain	18	(42,179)	(29,293)
Glansócmhainní reatha		**6,902**	**6,693**
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		**165,215**	**80,683**
Oibleagáidí sochair scoir	14.2	(32,095)	(30,910)
Sócmhainn mhaoiniúcháin sochair scoir iarchurtha	14.2	32,095	30,910
Míreanna iníoctha atá dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain	19	(1,011)	(480)
Glansócmhainní iomlána		**164,204**	**80,203**
Á maoiniú trí bhíthin:			
Cuntas caipitiúil	20	157,397	73,990
Cúlchistí ioncaim coimeádta		6,807	6,213
		164,204	**80,203**

Tá Nótaí 1 go 29 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas Fred Barry
Cathaoirleach

Ms.Anne Graham
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 21st June 2019

Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

	Nótaí	2018 €'000	2017 Athráiteas €'000
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas ioncaim i gcomparáid le caiteachas		594	(3,891)
Aistrithe cuntais chaipitiúil - sócmhainní dochta	20	82,623	25,801
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	15	8,723	8,095
Dímheas maoine, gléasra agus trealaimh	16	15,560	6,441
Coigeartú sócmhainní dochta	15,16	-	425
Caillteanas ar dhiúscairt maoine, gléasra agus trealaimh	16	-	-
Gnóthachan ar aistriú busanna	16	(12,445)	-
Ús bainc is iníoctha/(atá infhaighte)		14	(1)
(Méadú)/laghdú ar infháltais		(400)	(1,700)
Méadú ar mhéideanna iníoctha		13,417	9,019
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí oibriúcháin		**108,086**	**44,189**
Sreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí infheistíochta			
Íocaíochtaí chun sócmhainní doláimhsithe a fháil	15	(6,546)	(4,835)
Íocaíochtaí chun maoin, gléasra agus trealamh a fháil	16	(88,831)	(35,924)
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí infheistíochta		**(95,377)**	**(40,759)**
Sreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí infheistíochta			
Aisíoc oibleagáidí léasa airgeadais		-	(2)
Ús bainc a íocadh/(a fuarthas)		(14)	1
Glansreabhadh airgid thirim as gníomhaíochtaí maoiniúcháin		**(14)**	**(1)**
Glanmhéadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		12,695	3,429
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 1 Eanáir		32,018	28,589
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ar an 31 Nollaig		**44,713**	**32,018**

Arna shíniú thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair

An tUas Fred Barry
Cathaoirleach

Ms.Anne Graham
Leas-Chathaoirleach

Dáta: 21st June 2019

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

1. 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na boinn chuntasaíochta agus na beartais shuntasacha cuntasaíochta atá glactha ag an Údarás leagtha amach thíos.

a) Ginearálta

Tá ceannoifig an Údaráis lonnaithe i nDún Scéime, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Is é atá i bpríomhchuspóir an Údaráis ná córas éifeachtúil, inrochtana agus comhtháite iompair a áirithiú i gceantair thuaithe agus i gceantair uirbeacha na hÉireann. Tá freagracht ar an Údarás freisin i ndáil le rialáil earnálacha amhail busanna tráchtála agus Beagfheithiclí Seirbhíse Poiblí ("SPSV").

Is eintiteas sochair phoiblí é an tÚdarás.

Is é an Euro airgeadra cur i láthair agus airgeadra feidhmiúil na ráiteas airgeadais seo. Rinneadh gach méid a luaitear sna ráitis airgeadais a chothromú go dtí an €1,000 is gaire.

b) An Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh ráitis airgeadais an Údaráis don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 a ullmhú de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta in Éirinn, lena n-áirítear FRS 102, is é sin, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn agus atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais (FRC) agus fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le comhthoiliú ón Aire Airgeadais faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

c) Airgeadra coigríche

Idirbhearta agus Iarmhéideanna

Le linn ráitis airgeadais an Údaráis a ullmhú, rinneadh idirbhearta in airgeadraí seachas airgeadra feidhmiúil an Údaráis a aithint de réir an spotráta ar dhátaí na n-idirbheart nó de réir meánráta i gcás ina raibh an meánráta sin thart ar an ráta iarbhír a bhí ann ar dháta an idirbhirt. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar míreanna airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí iasachta a athaistriú de réir na rátaí a bhí ann ar an dáta sin. Ní dhéantar míreanna neamhairgeadaíochta a thomhaistear i dtéarmaí costais stairiúil in airgeadra iasachta a athaistriú.

Aithnítear difríochtaí malairte sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta sa tréimhse ina dtarlaíonn siad, ar leith ó athruithe malairte i leith ceannach sócmhainní dochta a scaoiltear chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas thar shaolré na sócmhainne iomchuí.

d) Ioncam

Deontais Oireachtais

Sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta, aithnítear ioncam ar bhonn fáltais airgid thirim. In amanna, nuair a bhíonn sainchoinníoll a bhaineann le feidhmíocht amach anseo ag baint le gné éigin den mhaoiniú, tugtar an t-ioncam sin le fios nuair a shásaítear an coinníoll. Tá mionsonraí faoi fhoinsí agus faoi chineálacha na ndeontas sa bhliain 2018 leagtha amach thíos:

An Roinn	An Cineál Deontais
RITS* - Vóta	Deontais reatha - fo-mhírcheann B9.2
RITS* - Vóta	Maoiniúchán Oibleagáide Seirbhíse Poiblí - fo-mhírcheann B7.1
RITS* - Vóta	Bearta taistil níos cliste & iompair inbhuanaithe - fo-mhírcheann B8.1
RITS* - Vóta	Sábháilteacht & forbairt iarnróid throim - fo-mhírcheann B8.2
RITS* - Vóta	Bonneagar iompair phoiblí - fo-mhírcheann B8.3
RITS* - Vóta	Rothaíocht agus siúl - fo-mhírcheann B8.5
RITS* - Vóta	Deontas 'Taisteal níos cliste' - fo-mhírcheann B8.1
RITS* - Vóta	Deontas na scoileanna glasa - fo-mhírcheann B8.4
RITS* - Vóta	Deontas Iompair Tuaithe - fo-mhírcheann B7.2
RGFCS** - Vóta	Maoiniúchán saorthaistil - fo-mhírcheann A38

* An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS)
** An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS)

Is ionann an cuntas caipitiúil agus an chuid neamhamúchta den ioncam a úsáideadh chun críocha caipitiúla. Déantar sócmhainní dochta a mhaoiniú ó ioncam deontais a aistrítear chuig an gcuntas caipitiúil agus a ndéantar é a amúchadh i gcomhréir le hamúchadh sócmhainní doláimhsithe agus i gcomhréir le dímheas maoine, gléasra agus trealaimh.

Ceadúnú
Baineann sé seo le hioncam a éiríonn as ceadúnú feithiclí/tiománaithe, as gníomhaíochtaí measúnachta agus forfheidhmiúcháin maidir le rialáil tacsaithe agus as ceadúnú busanna tráchtála. Aithnítear ioncam ar bhonn fáltais airgid thirim.

Scéim na gCártaí Leap
Tagann ioncam as athghearradh costas oibriúcháin ar na hoibritheoirí iompair atá páirteach i scéim na gCártaí Leap. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

Córais Faisnéise Taistil
Tagann ioncam as athghearradh costas oibriúcháin ar na hoibritheoirí ioncaim a bhaineann tairbhe as an bPleanálaí Náisiúnta Turas agus as Faisnéis Fhíor-Ama do Phaisinéirí. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

Fógraíocht ar scáthláin bhus
Baineann sé seo le hioncam a éiríonn as spás fógraíochta ar scáthláin bhus a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

Ioncam ó pháirceáil cóistí
Baineann sé seo le hioncam a thagann ón úsáid a bhaineann oibritheoirí cóistí as an tsaoráid chóiste-chlóis, de réir na rátaí is infheidhme. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

An Scéim Réigiúnach maidir le Rothair
Tagann ioncam as fruiliú rothar agus as spás fógraíochta a dhíol. Aithnítear ioncam ar bhonn fabhraithe.

e) Bealaí Bus Tairisceana - Ioncam ó Tháillí
I rith na bliana 2017, reáchtáil an tÚdarás próiseas tairisceana poiblí i leith roinnt bealaí i limistéar Bhaile Átha Cliath. Mar chuid den phróiseas sin, faigheann an tÚdarás an t-ioncam ó tháillí a fhaightear ó oibriú na mbealaí sin. Baineann an tÚdarás úsáid as an ioncam sin, agus as maoiniúchán deontais Oireachtais, chun gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí a mhaoiniú.

Airgead Tirim ar Bord Busanna:
Déantar ioncaim airgid thirim a aithint ag an bpointe díola, is é sin le rá, ar an lá a soláthraítear an tseirbhís.

Scéim thicéadaithe chomhtháite don chárta Leap - ioncam r-sparáin
Maidir leis an scéim thicéadaithe chomhtháite don chárta Leap, aithnítear ioncam r-sparáin ar an lá a soláthraítear an tseirbhís.

Taxsaver:
Aithnítear ticéid bhliantúla Taxsaver go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain lena mbaineann an táirge.

f) Ús Infhála / Ús iníoctha
Is ar bhonn fabhraithe a aithnítear ioncam nó costas i leith úis.

g) Caiteachas Deontais
Aithnítear caiteachas na bliana ar bhonn méideanna a eisíoctar le deontaithe agus ar bhonn costas a thabhaítear le haghaidh tionscadal a gcuireann an tÚdarás i bhfeidhm iad go díreach.

h) Sócmhainní Doláimhsithe
Luaitear sócmhainní doláimhsithe de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide amúchadh carntha. Muirearaítear amúchadh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta ar bhonn líne dírí, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna choigeartú i leith luach iarmharach, thar a saolré úsáideach ionchasach Muirearaítear amúchadh bliana iomláine ar shuim iomlán na sócmhainní dochta doláimhsithe go léir sa bhliain ina bhfaightear iad, agus ní mhuirearaítear aon amúchadh i mbliain na diúscartha.
Bogearraí córas iompair líne dhíreach 10%-20%
Aithnítear costais forbartha bogearraí mar shócmhainn dholáimhsithe nuair a thaispeántar go bhfuil na critéir uile seo a leanas á gcomhlíonadh:

- Féidearthacht ó thaobh cúrsaí teicniúla a bheith ann go ndéanfar na bogearraí a ullmhú ionas go mbeidh siad ar fáil lena n-úsáid nó lena ndíol;
- É a bheith ar intinn na bogearraí a ullmhú agus iad a úsáid nó a dhíol;
- An cumas chun na bogearraí a úsáid nó a dhíol;
- Acmhainní leordhóthanacha teicniúla agus airgeadais agus acmhainní eile a bheith ar fáil chun an fhorbairt a chur i gcrích agus chun na bogearraí a úsáid nó a dhíol; agus
- An cumas chun an caiteachas atá inchurtha i leith na mbogearraí agus iad á bhforbairt a thomhas ar dhóigh iontaofa.

i) Maoin, Gléasra agus Trealamh
Luaitear maoin, gléasra agus trealamh de réir a gcostais stairiúil nó a luachála stairiúla, lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus ar Chúlchistí Ioncaim Coimeádta ar bhonn líne dírí, de réir na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun na sócmhainní a dhíscríobh, arna choigeartú i leith luach iarmharach, thar a saolré úsáideach ionchasach Muirearaítear dímheas bliana iomláine ar shuim iomlán na maoine, an ghléasra agus an trealaimh go léir sa bhliain ina bhfaightear

Feabhsúcháin ar mhaoin léasach	líne dhíreach 5% nó i gcomhréir le ré an léasa
Feithiclí bóthair do phaisinéirí	líne dhíreach 8.33%
Crua-earraí córas iompair	líne dhíreach 25%
Trealamh oifige	líne dhíreach 10% do throscán & daingneáin & 25% do threalamh ríomhaireachta
Bonneagar iompair	líne dhíreach 6.67%-25%

iad, agus ní mhuirearaítear aon dímheas i mbliain na diúscartha.
Is é is mó atá i gceist le bonneagar iompair ná sócmhainní a úsáidtear i ndáil leis scéim réigiúnach maidir le rothair agus i ndáil le faisnéis fhíor-ama do phaisinéirí

j) Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí

Ón mbliain 2017 i leith, faigheann an tÚdarás busanna chun flít bhusanna láraithe chaighdeánaithe a chothabháil le haghaidh iompar poiblí. Cuirtear na busanna sin ar fáil d'oibritheoirí iompair phoiblí ansin trí bhíthin socruithe ceadúnúcháin (táille ríchíosa nialasach) ní socruithe léasa (cíos ainmniúil bliantúil €1 in aghaidh an bhus) chun seirbhísí iompair phoiblí a oibriú thar ceann an Údaráis.

Tá cinneadh déanta ag an Údarás go gcomhlíonann na busanna seo an sainmhíniú ar shócmhainn agus go meastar go mbeidh tairbhí eacnamaíochta ar fáil amach anseo ó na busanna, rud a fhágann gur féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin is ea go meastar gur eintitis sochair phoiblí é an tÚdarás, de réir mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta. Déantar na busanna a aithint ar dtús de réir costais nó de réir costas dímheasta an tráth a bhfaightear iad.

Tá cinneadh déanta ag an Údarás freisin nach ionann na socruithe ceadúnúcháin ná na socruithe léasa leis na hoibritheoirí iompair phoiblí agus léas de réir Roinn 20 de FRS 102. Gné bhunúsach den chinneadh sin is ea go gcoimeádann an tÚdarás an ceart, sa dá chás, chun treoir a thabhairt i dtaobh conas a úsáidtear busanna, agus cén cuspóir dá n-úsáidtear iad, ar feadh thréimhse iomlán a n-úsáide ag na hoibritheoirí iompair phoiblí.

k) Lagú Sócmhainní Dochta

Aon uair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeadh an méid anonn inghnóthaithe, déantar athbhreithniú ar shócmhainní dochta i leith lagú. Déantar méid inghnóthaithe aon sócmhainn lena mbaineann a mheas agus cuirtear an méid measta sin i gcomparáid leis an méid anonn. Má tá an méid measta inghnóthaithe níos ísle, laghdaítear an méid anonn go dtí leibhéal an mhéid mheasta inghnóthaithe agus aithnítear caillteanas i leith lagú láithreach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Chúlchistí Ioncaim Coimeádta.

Sealbhaítear busanna ar mhaithe lena n-ionchas ó thaobh seirbhíse de seachas chun fáltas airgeadais a sholáthar. Úsáideann an tÚdarás múnla tomhais an chostais athsholáthair dímheasta chun measúnú a dhéanamh i dtaobh ar tharla aon chaillteanas i leith lagú.

Má fhreaschuirtear caillteanas i leith lagú ina dhiaidh sin, méadaítear an méid anonn chuig méid an mheastacháin athbhreithnithe i leith a mhéid inghnóthaithe, ach ní théitear thar an méid a chinnfí dá mba rud é nach ndearnadh aon chaillteanas i leith lagú a aithint i ndáil leis an tsócmhainn sna blianta roimhe sin. Déantar freaschur caillteanais i leith lagú a aithint láithreach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Chúlchistí Ioncaim Coimeádta.

l) Sochair d'fhostaithe

Sochair Ghearrthéarma

Déantar sochair ghearrthéarma amhail pá saoire a aithint mar chostas sa bhliain lena mbaineann. Maidir le sochair atá fabhraithe faoi dheireadh na bliana, áirítear iad san fhigiúr le haghaidh míreanna is iníoctha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Léiríonn na ráitis airgeadais, de réir luach cothrom, na sócmhainní agus dliteanais a éiríonn as oibleagáidí pinsin an Údaráis, agus aithnítear iontu na costais a bhaineann le sochair scoir a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais scéimeanna scoir a thomhas ar bhonn achtúireachta trí úsáid a bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireachta a éiríonn as dliteanais scéimeanna scoir sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Déantar coigeartú comhfhreagrach a aithint sa mhéid atá inghnóthaithe ón Stát don scéim scoir neamh-mhaoinithe um shochair shainithe amháin.

Bíonn fostaithe an Údaráis rannpháirteach sna scéimeanna scoir seo a leanas:

» **Scéim Shochair Shainithe - "Scéim NTA"**
Is scéim pinsin tuarastail deiridh, lena ngabhann sochair shainithe, í Scéim Aoisliúntais Fhoireann an Údaráis Náisiúnt6a Iompair 2010 agus déantar na sochair agus na ranníocaíochtaí a shainiú faoi threoir na rialachán 'múnla' maidir le scéimeanna earnála poiblí. Is scéim neamh-mhaoinithe í an scéim sin agus baineann sí le seirbhísigh phoiblí a ceapadh roimh an 1 Eanáir 2013. Déantar ranníocaíochtaí na mball a íoc leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Cuireadh na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo san áireamh sa nochtadh i Nóta 14 maidir leis na scéimeanna pinsin sochair shainithe.

» **Scéim Shochair Shainithe - "An Scéim Shingil"**
Is scéim pinsin meántuarastail, lena ngabhann sochar sainithe, í Scéim Pinsin Shingil na Seirbhíse Poiblí. Is scéim neamh-mhaoinithe í an scéim seo agus baineann sí le seirbhísigh phoiblí a ceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis. Déantar ranníocaíochtaí na mball a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA). Cuireadh na costais, na dliteanais agus na sócmhainní a bhaineann le hoibriú na scéime seo san áireamh sa nochtadh i Nóta 14 maidir leis na scéimeanna pinsin sochair shainithe.

» **Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe - "Scéim RPA"**
Aistríodh roinnt fostaithe chuig an Údarás ó Bhonneagar Iompair Éireann ("BIÉ") i ndiaidh dóibh a bheith ina bhfostaithe de chuid na Gníomhaireachta um Fháil

Iarnród ("RPA") sular glacadh a gníomhaíochtaí isteach in BIÉ. Is baill iad de Phlean Pinsin agus Árachais Saoil na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid 2003 fós, ar scéim pinsin ranníocaíochtaí sainithe í. Ní ghlacann an scéim sin le haon iontrálaithe nua. Maoinítear sochair phinsin thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe ar mhodh ranníocaíochtaí fostaí agus fostóra leis an scéim. Muirearaítear ranníocaíochtaí fostóra ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thagann siad chun bheith iníoctha. Níl aon sócmhainn phinsin/dliteanas pinsin ag an Údarás maidir leis an scéim seo ós rud é nach bhfuil sé faoi dhliteanas ach amháin maidir leis na ranníocaíochtaí fostóra atá dlite i leith na bhfostaithe lena mbaineann.

m) Léasanna

Aicmítear léasanna mar léasanna airgeadais nuair a aistríonn siad na rioscaí agus na luaíochtaí uile, nach mór, a bhaineann le húinéireacht ar na sócmhainní léasaithe chuig an Údarás Déantar léasanna eile, nach n-aistríonn na rioscaí agus na luaíochtaí uile, nach mór, a bhaineann le húinéireacht ar na sócmhainní léasaithe chuig an Údarás, a aicmiú mar léasanna oibriúcháin.

Maidir le sócmhainní a shealbhaítear faoi léas airgeadais, áirítear iad i 'maoin, gléasra agus trealamh' agus déantar iad a dhímheas agus a athbhreithniú i leith lagú ar an dóigh chéanna le sócmhainní a bhfuil úinéireacht iomlán orthu.

Mar Léasaí

Maidir le híocaíochtaí a dhéantar faoi léasanna oibriúcháin, aithnítear sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta iad mar chaiteachas thar théarma an léasa ar bhonn líne dírí.

Mar Léasóir

Déantar íocaíochtaí a fhaightear faoi léasanna oibriúcháin a aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coimeádta mar ioncam thar théarma an léasa ar bhonn líne dírí.

n) Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

Le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh, ar nithe iad sin a dhéanann difear do na méideanna a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar an Staid Airgeadais agus do na méideanna a thuairiscítear i dtaca le hioncam agus costais i rith na bliana. Ach, ó tharla gur meastacháin atá i gceist, d'fhéadfadh difríocht a bheith ann idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Meastar go bhfuil na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas tábhachtach i dtaca le cur i láthair riocht airgeadais an Údaráis:

- **Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**
  Tá athbhreithniú déanta ag an Údarás ar shaolré na sócmhainní agus ar luachanna gaolmhara iarmharacha i leith na n-aicmí sócmhainní dochta go léir agus chinn sé go

bhfuil saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha fóirsteanach.

- **Lagú Sócmhainní Dochta**
  Aon uair a léiríonn imeachtaí nó athruithe ar imthosca nach mbeadh an méid anonn inghnóthaithe, déantar athbhreithniú ar shócmhainní i leith lagú.

- **Feithiclí Bóthair do Phaisinéirí**
  Tá cinneadh déanta ag an Údarás go gcomhlíonann na busanna seo an sainmhíniú ar shócmhainn agus go meastar go mbeidh tairbhí eacnamaíochta ar fáil amach anseo ó na busanna, rud a fhágann gur féidir na busanna a aithint mar shócmhainn faoi FRS 102. Cuid lárnach den chinneadh sin is ea go meastar gur eintitis sochair phoiblí é an tÚdarás, de réir mar atá leagtha amach sna beartais chuntasaíochta.

- **Oibleagáid Sochair Scoir**
  Na toimhdí is bonn leis na luachálacha achtúireachta ar ina leith a chinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe i gcás rátaí cúitimh sa todhchaí agus rátaí básmhaireachta).

- **Soláthar**
  Déanann an tÚdarás soláthar le haghaidh oibleagáid láithreach (de chineál dlíthiúil nó inchiallaithe) mar thoradh ar imeacht a tharla san am atá caite más dócha go mbeidh ar an Údarás an oibleagáid, arb eol dó ina leith go bhfuil sé gan íoc ar dháta dheireadh na tréimhse, a réiteach.

o) Infháltais
Déantar infháltais gearrthéarma a thomhas de réir phraghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais an idirbhirt, lúide aon lagú.

p) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim
Cuirtear airgead tirim in iúl mar airgead tirim ar láimh agus taiscí gearrthéarma in institiúidí airgeadais. Is é atá i gcoibhéisí airgid thirim ná infheistíochtaí an-leachtacha a théann in aibíocht laistigh de thréimhse nach faide ná trí mhí ón dáta a bhfaightear iad agus atá in-chomhshóite go héasca ina méideanna aithnide airgid thirim gan ach riosca neamhshuntasach a bheith ann maidir le hathrú ar an luach.

q) Míreanna Iníoctha
Déantar míreanna iníoctha gearrthéarma a thomhas de réir phraghas an idirbhirt, lena n-áirítear costais an idirbhirt, lúide aon lagú.

r) Ionstraimí Airgeadais
Ní dhéanann an tÚdarás idirbhearta bunúsacha maidir le hionstraimí airgeadais ach amháin i gcás ina mbeidh aithint sócmhainní agus dliteanas airgeadais, amhail

infháltais trádála agus iníoctha eile, ann mar thoradh leo.

Déantar ionstraimí fiachais (seachas ionstraimí atá iníoctha nó infhála ina n-iomláine laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais eile atá infhála agus iníoctha, a thomhas, i dtosach báire, de réir luach reatha an tsreabhaidh airgid sa todhchaí agus, ina dhiaidh sin, de réir an chostais amúchta trí úsáid a bhaint as modh an úis ghlain. Déantar ionstraimí fiachais atá iníoctha nó infhála taobh istigh de bhliain amháin, is é sin, míreanna trádála iníoctha nó infhála de ghnáth, a thomhas, i dtosach báire agus ina dhiaidh sin, de réir mhéid neamhlascainithe an airgid thirim nó na comaoine eile a bhfuiltear ag súil lena bheith íoctha nó lena fháil. Ach, más ionann na socruithe a bhaineann le hionstraim ghearrthéarma agus idirbheart airgeadais, amhail íoc féich trádála atá iarchurtha thar ghnáth-théarmaí gnó nó atá airgeadaithe de réir ráta úis nach ráta margaidh é, nó i gcás iasacht gearrthéarma glan amach nach bhfuil de réir an ráta margaidh, déantar an tsócmhainn nó an dliteanas airgeadais a thomhas, i dtosach báire, de réir luach reatha an tsreabhaidh airgid thirim sa todhchaí agus é lascainithe de réir ráta úis an mhargaidh i dtaca le hionstraim fhiachais chomhchosúil agus, ina dhiaidh sin, de réir an chostais amúchta.

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhas de réir an chostais agus déantar measúnacht ar chostais amúchta ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ar lagú, déantar caillteanas i leith lagú a aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Chúlchistí Ioncaim Coimeádta.

s) Soláthar Maidir le Dliteanais

Aithnítear soláthar nuair a bhíonn oibleagáid láithreach (de chineál dlíthiúil nó inchiallaithe) ag an Údarás mar thoradh ar imeacht a tharla san am atá caite más dócha go mbeidh ar an Údarás an oibleagáid a réiteach agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Is ionann an méid a aithnítear mar sholáthar agus an meastachán is fearr ar an gcomaoin a bhfuil gá léi chun an oibleagáid láithreach a réiteach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus na rioscaí agus na héiginnteachtaí a bhaineann leis an oibleagáid á gcur san áireamh.

I gcás ina mbaineann éifeacht an amluacha airgid le hábhar, déantar an méid a measfar ina leith go mbeidh gá leis chun an oibleagáid a réiteach a aithint de réir an luacha láithrigh trí úsáid a bhaint as ráta lascaine réamhchánach. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Chúlchistí Ioncaim Coimeádta sa tréimhse ina dtarlaíonn sé.

t) Coigeartú na Tréimhse Roimhe Seo

Sa bhliain 2017, leathnaíodh bonn sócmhainní an Údaráis go suntasach. Mar thoradh air sin, rinne an tÚdarás athbhreithniú cuimsitheach, mionsonraithe, inmheánach ar

